

MISNEACH



C L Á R

NAÍONÁIN SHINSEARACHA

Ábhar seomra ranga le tacú le hOideachas Sóisialta,
Pearsanta agus Sláinte (OSPS)



© PDST 2016

Cuirtear an saothar seo ar fáil trí théarmaí an Creative Commons Attribution Share Alike 3.0 Licence
<http://creativecommons.org/licenses/by-sa/3.0/ie/>

Ceadaítear an t-ábhar seo (níl na híomhánna nó na lógónna san áireamh) a úsáid agus a athúsáid saor in aisce agus in aon fhormaid nó meán, faoi théarmaí an Creative Commons Attribution Share Alike Licence.

Luaigh mar: *PDST, Walk Tall, SPHE Curriculum, Dublin, 2016*

CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá don Chlár Misneach	leathanach 4
Tagairtí	leathanach 14
Litir Shamlach chuig Tuismitheoirí	leathanach 16
AONAD A HAON: Féinaithne	leathanach 18
01 Ainmneacha atá agam	leathanach 19
02 An Aghaidh sa Scáthán	leathanach 21
03 Aghaidheanna	leathanach 25
04 Mushka	leathanach 28
05 An Traein Ainmneacha	leathanach 32
06 Ag Cur Aithne Orm	leathanach 34
07 Seascann na gCrogall	leathanach 37
08 An Bosca Draíochta	leathanach 40
09 Is Mise, Is Féidir Liom, Is maith liom	leathanach 42
AONAD A DÓ: Na Cúig Chéadfaí	leathanach 47
01 Na Cúig Chéadfaí	leathanach 49
02 Triail ar Bhlas	leathanach 53
03 Cad atá sa Bhosca?	leathanach 60
04 Cad a Bholáíonn Tú?	leathanach 63
05 Éist leathanach	leathanach 65
06 Turas sa Dufair	leathanach 68
AONAD A TRÍ: Muintearas	leathanach 73
01 Mo Leabhrán Daoine Speisialta	leathanach 74
02 Ár Rang	leathanach 77
03 Is Féidir Linn Cabhrú	leathanach 82
AONAD A CEATHAIR: Aire Do Mo Chorp	leathanach 89
01 Cúigear Páistí Beaga	leathanach 90
02 Ár gCorp Iontach	leathanach 94
03 Rudaí a Théann Isteach i Mo Chorp	leathanach 98
AONAD A CÚIG: Mothúcháin	leathanach 104
01 Rudaí ar Féidir a Bheith Sona Fúthu	leathanach 105
02 Marcaíocht ar Bhalún Aer Te	leathanach 108
AONAD A SÉ: Mise agus an Saol Mór	leathanach 113
01 Meas ar Dhifríochtaí	leathanach 114
02 An bhfuil Gá Againn le Rialacha?	leathanach 118
03 An Áit ina bhfuil Cónaí Orm	leathanach 120
04 Aire do mo Dhomhan	leathanach 122
05 Na Cláir is Fearr Linn	leathanach 125
AONAD A SEACHT: Ag breathnú Siar, ag Breathnú Romhainn	leathanach 129
01 Réaltaí	leathanach 130
Aguisín	leathanach 135
OSPS Naíonáin Shóisir agus Shinsir Cuspóirí an Ábhair	

RÉAMHRÁ

Cúlra

Rinneadh na bunábhair ranga le haghaidh Misneach a dhearadh i lár na 1990í ar bhonn Tuarascáil Tascfhórsa an Aire (1996) inar moladh gur cheart straitéisí coisctheacha um mhí-úsáid substaintí a chur ar bun chomh luath agus is féidir sa seomra ranga, sula mbeadh páistí ag tosú ar thriail a bhaint as drugaí. Cuireadh ábhar ranga ar fáil ar bhonn píolótach ag an am agus le haiseolas ó mhúinteoirí cuireadh timthriallacha athbhreithnithe ar bun, sular cuireadh bailchríoch orthu lena scaipeadh ar bhunscoileanna.

Úsáideadh an t-aiseolas a bailíodh ó mhúinteoirí ag sraith athbhreithnithe lae a eagraíodh ar fud na tíre le linn 2009/10 mar threoir don leagan reatha de Misneach. Cé go bhfuil múinteoirí sásta le hábhar, struchtúr agus gnéithe an Chláir, chuir siad in iúl go raibh nuashonrú de dhíth, ó thaobh ábhair an tseomra ranga a chuir in oiriúint do dhaonra daltaí níos ilghnéithí, roinnt ábhair a nuashonrú (scéalta mar shampla) agus nasc níos soiléire a dhéanamh idir Misneach agus cuspóirí comhábhair an churaclaim Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte 1999 (OSPS) d'fhonn cabhrú le pleanáil don seomra ranga. Theastaigh clár cuimsitheach ó na múinteoirí chomh maith leis an gCuraclam OSPS a chur i bhfeidhm. Úsáideadh an t-aiseolas seo go léir leis an gClár Misneach a leasú.

Gnéithe Nua sa Chlár Misneach

Coinnítear an chuid is fearr d'eagrán 1999 sa leagan is déanaí den Chlár Misneach, ach tá gnéithe tábhachtacha nua ann. Tá leagan amach na bpleananna ceachta mar an gcéanna, le nótaí mionsonraithe do mhúinteoirí faoi ábhar agus seachadadh na gceachtanna. Rinneadh nuashonrú ar na scéalta le haird ar an daonra ilghnéitheach daltaí

atá in Éirinn anois. Cuirtear úsáid na teicneolaíochta sa seomra ranga san áireamh, agus tá na féidearthachtaí do ghníomhaíochtaí clár bán níos éasca mar gheall ar leagan amach agus formáid na gcomhábhar.

Is gné shuntasach den Chlár leasaithe é an nasc soiléir atá déanta le snáitheanna agus snáithaonaid Churaclam OSPS (1999), agus naisc i ngach ceacht le cuspóirí sonracha ábhair. Táthar ag súil go gcabhróidh sé seo le múinteoirí pleanáil a dhéanamh don OSPS le tuairim shoiléir faoi na nithe a dtugtar fúthu i Misneach sa churaclam. Beidh sé soiléir chomh maith go bhfuil ar chumas an Chláir Misneach cuid mhaith de Churaclam OSPS (1999) a sheachadadh, rud a dhéanann clár idéalach le haghaidh teagaisc sa réimse seo. Tá ceachtanna ann den chéad uair a chlúdaíonn snáithaonaid Fás agus Athrú sa churaclam. Beidh sé de lánrogha ag scoileanna na ceachtanna seo a úsáid mar a oireann do shainmheon agus beartais shainiúla na scoileanna féin, agus cathain a úsáidfear iad, maidir le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) mar shampla.

Forléargas ar an Ábhar

Tá forléargas san Aguisín de na cuspóirí ábhair atá le tabhairt fúthu ag gach leibhéal den Chlár Misneach agus is féidir le múinteoirí é seo a úsáid leis an méid atá á chlúdach in aon cheacht nó rang a dheimhniú. Beidh sé seo an-úsáideach le haghaidh pleanála.

Ábharthacht na gComhábhar Misneach

D'fhéadfaí a fhiafraí an bhfuil clár OSPS ina bpléitear cosc mhí-úsáid substaintí chomh práinneach anois agus a measadh i lár na 1990í. Cé go léiríonn an taighde go bhfuil rath áirithe ann maidir le húsáid

drugaí i measc daoine óga a laghdú (ESPAD 2012; Suirbhé HBSC, 2010) ní ceart a bheith réchúiseach faoi.

Bíonn dúshláin nua ag gach glúin maidir le mí-úsáid substaintí (mar shampla, ordú alcóil ar líne agus ar an bhfón), agus is ábhar buartha i gcónaí é an ragús óil. Is cosúil nuair a thugtar faoi aon bhagairt ar leith ar shábháilteacht páistí agus drugaí, go dtagann bagairt eile ina áit. Tá oideachas le mí-úsáid substaintí a chosc ábhartha go fóill dá bhrí sin. Tá sé seo agus níos mó á sheachadadh sa chlár nua Misneach.

Aidhmeanna

Beifear ag cloí leis na bunaidhmeanna a bhí ag an gClár Misneach. Is iad sin an mhúinín, na scileanna, na dearcthaí agus an t-eolas a thabhairt do pháistí le roghanna sláintiúla a dhéanamh ina saol. Tá sé seo leathnaithe amach le gnéithe de shaol na bpáistí a áireamh, nach mbaineann le mí-úsáid substaintí amháin ach le sábháilteacht phearsanta agus le forbairt i dtreo caithreachais chomh maith. Dearadh an Clár Misneach le húsáid le gach páiste i rang, agus beidh sé ina fhorlíonadh ar aon idirghabháil le fócas ar scileanna sóisialta agus mothúcháin a bhíonn dírithe ar pháistí aonair.

Ról na Scoile in OSPS

Cuirtear béim ar thimpeallacht agus sainmheon na scoile i dTreoirínte OSPS do Mhúinteoirí (1999). Spreagtar na scoileanna le timpeallacht dhearfach a chruthú ina mbíonn 'luach, aire agus meas' ar fáil ag daoine aonair (Treoirínte OSPS do Mhúinteoirí, 1999, : 22). Tá sé ríthábhachtach caidrimh a thógáil go himmheánach agus go seachtrach le timpeallacht dhearfach a chothú, agus aithnítear an scoil mar mhol cumarsáideach agus mar acmhainn lasmuigh de bhallaí na scoile i mórán pobal.

Le blianta beaga anuas, tá scoileanna á spreagadh le bealaí éagsúla a phleanáil le OSPS a mhúineadh. Eisíodh treoirínte chuig scoileanna maidir le beartais a fhorbairt i dtaobh úsáid substaintí,

bulaíocht, gnéasacht agus oideachas sábháilteacht phearsanta, ábhair a bhaineann go dlúth leis an gcuraclam OSPS. Tá tuilleadh treorach ar fáil i gCiorcláin le déanaí ón ROE (Ciorcláin 0022/2010, 0065/2011, 0045/2013) sa réimse seo. Tá cur chuige iomlán nua á mholadh maidir le OSPS a fheidhmiú go háirithe, a éascófar le plan atá curtha le chéile le doiciméid do ranganna de gach leibhéal. Cuirtear béim ar chur chuige cothrom a thugann deis do dhaltáí scileanna agus dearcthaí agus tuiscintí a fhorbairt i gcomhthéacs a chuireann an tsláinte chun cinn. Spreagtar scoileanna le hidirbheartaíochtaí atá oiriúnach ó thaobh aoise agus céime a phleanáil ar bhonn leanúnach (Ciorclán 0022/2010 ROE) seachas ar ghníomhaíochtaí aon uaire a mbíonn tionchar teoranta acu.

Tá comhpháirtíocht le tuismitheoirí riachtanach leis na príomhscileanna saoil atá i gcuraclam OSPS a chur chun cinn. Roimhe seo chuir a lán scoileanna ábhair ranga Misneach ar fáil do thuismitheoirí ar spéis leo é. D'fhéadfaí ó am go ham tuismitheoirí agus caomhnóirí a chur ar an eolas ar bhealach níos doimhne trí chruinnithe le tuismitheoirí. Bheadh sé seo áisiúil go háirithe ag tús na scoilbhliana sula gcuirtear an Clár i bhfeidhm. D'fhéadfaí ionchur ó oideachasóirí atá freagrach as sábháilteacht phearsanta nó oideachas gnéasachta, chomh maith le saineolaithe ar dhruagaí, nó soláthraithe áitiúla seirbhísí ar nós na Gardaí Síochána, Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte (FSS) nó baill de thascfhórsaí drugaí agus alcóil a chur ar fáil ag na cruinnithe seo. Beidh spéis ag tuismitheoirí agus caomhnóirí (nach mbeadh an Curaclam OSPS déanta acu féin) san ábhar atá ann agus d'fhéadfaí an deis a thapú le plé a dhéanamh leo faoin gcaoi is féidir leo obair le scoileanna le heolas, scileanna agus tuiscint na bpáistí a chur chun cinn. Nuair a chuir scoileanna an tseirbhís seo ar fáil, bhí meas ag tuismitheoirí agus caomhnóirí uirthi, mar gur minic a bhíonn siad neamhchinnte faoin gcaoi is féidir páistí a chosc ó shubstaintí a mhí-úsáid.

Tá litir shamplach chuig tuismitheoirí agus caomhnóirí ar fáil i ngach leibhéal

den Chlár Misneach. Tugann siad seo forléargas ar aidhmeanna agus téamaí an Chláir agus bheadh siad úsáideach do scoileanna atá ag cur an Chláir i bhfeidhm.

Ról an Bhaile in OSPS

Cuireann tuismitheoirí a n-íomairí maidir le mí-úsáid substaintí in iúl go minic nuair a chloiseann siad den chéad uair faoi fheidhmiú an Chláir Misneach sa scoil. Bheadh roinnt tuismitheoirí den bharúil gurb ionann mí-úsáid substaintí agus drugaí mídhleathacha a úsáid. Tá sé tábhachtach béim a chur air gurb iad alcól agus nicitín na drugaí is túisce a mbaineann páistí úsáid astu go hiondúil. Léirítear i suirbhéanna ar thuismitheoirí go bhfuil dearcadh an-tromchúiseach ag tuismitheoirí ar ólachán faoi aois, agus ar na torthaí a bhíonn aige ar dhaoine óga. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an seasamh láidir a bhíonn ag tuismitheoirí agus caomhnóirí, mar phríomh-oideachasóirí ar dhearthaí paistí ar dhruaí. Léiríonn staidéir le déanaí an tionchar cosantach a bhíonn ag dea-thuismitheoireacht. Áirítear ann an faireachán ar ghníomhaíocht shóisialta (go háirithe gníomhaíocht oíche) agus socrú rialacha, sa bhaile agus lasmuigh de (Brand, 2009). Má mhothaíonn daoine óga go bhfuil a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí eolach faoina bhfuil á dhéanamh acu go sóisialta, coisceann sé seo iad go minic ó mhí-úsáid a bhaint as substaintí.

Tugann ceachtanna atá curtha le haonad an tsrutha Fás agus Athrú sa Churaclam OSPS deiseanna breise idirghabhála do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí, agus d'fhéadfadh siad plé a spreagadh i mbailte na bpáistí faoi na hathruithe fisiceacha agus mothúcháin a thagann le teacht an chaitheamh agus conas dul i ngleic leo seo ar bhealach dearfach.

Is ceart tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh le caint lena bpáistí faoin obair atá á déanamh sa Chlár Misneach - go deimhin cuirfidh go leor tuismitheoirí agus caomhnóirí fáilte roimh an deis a thugann an Clár dóibh leis na ceisteanna seo a phlé. Tá litir shamplach a thugann

forléargas ar na téamaí a chlúdaítear sa Chlár ar fáil ag tús gach leibhéil den Chlár. Is bealach luachmhar iad na litreacha seo le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus na gcaomhnóirí san obair atá á déanamh ar scoil a spreagadh. Chomh maith leis sin, tá litreacha samplacha ann maidir le téamaí ar leith i leibhéil áirithe, agus is féidir leis na múinteoirí úsáid a bhaint astu seo mar is gá leo.

Tá litir shamplach chineálach do thuismitheoirí ag deireadh an réamhrá seo agus is féidir le múinteoirí í a úsáid má theastaíonn uathu insint do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí faoi ábhar nó gníomhaíocht ar leith. Is féidir í a leasú nó a oiriúnú mar is gá.

Déantar tagairt i roinnt de na ceachtanna do na páistí a bheith ag caint le 'duine sábháilte' nó 'duine fásta muiníneach'. De ghnáth is daoine iad seo a bhfuil siad ina gcónaí leo ina mbaile féin. Tá an cineál seo plé le spreagadh.

Ról an Mhúinteora san OSPS

Tá oideachas réamh-sheirbhíse nó le linn a ngairme déanta ag formhór na múinteoirí faoi na príonsabail agus faoin bhfealsúnacht atá mar bhuntaca don Churaclam OSPS, a bhfuil Misneach ina Chlár Oifigiúil den ROE. I dTreorlínte an Mhúinteora don OSPS (1999: 55) cuirtear béim ar ról an mhúinteora mar 'threoraí, éascaitheoir agus acmhainn, a chuireann deiseanna éagsúla cuí ar fáil do pháistí atá i mbun a gcuid foghlama féin'. Tá cuspóirí ábhair an Churaclaim OSPS scríofa i bhformáid a chuireann béim ar ról éascaithe an mhúinteora. Is léir go bhfuil glacadh ag múinteoirí leis an ról seo sna léirmheasanna a rinneadh ag an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe (CNM) (2008) agus an Chigireacht (2009) ar an gCuraclam OSPS. Cuireann an dá léirmheas in iúl go bhfuil príomhscileanna na múinteoirí, go háirithe maidir le plé a éascú, ríthábhachtach dá ról.

Déanann Prendiville (2004) cur síos ar an éascú mar chumasú. Déantar tascanna le linn an phróisis 'a chuireann ar chumas

an duine aonair/ an ghrúpa a gcinneadh/ a sprioc a bhaint amach nó scil a fhoghlaim'. (Prendiville, 2004:13). D'fhéadfadh na pointí seo a leanas a bheith mar chabhair le timpeallacht éascaitheach foghlama a chothabháil do pháistí:

- **Sábháilteacht**

Le linn a bheith ag obair le grúpa ranga tá sé tábhachtach go mothaíonn na páistí go bhfuil siad sábháilte má tá siad leis an rannpháirtíocht agus an fhoghlaim is mó is féidir a bhaint amach. Leagann a lán múinteoirí bunrialacha síos le seo a bhaint amach. Samplaí coitianta: 'gan achasán', 'gan ainmneacha a lua go diúltach', 'éisteacht nuair a bhíonn duine ag caint', 'cead againn caint nó gan caint'. Moltar do mhúinteoirí gan ach rialacha ar féidir a fhaire sa seomra ranga a chur i bhfeidhm. Ní mheastar go bhfuil rialacha níos casta (ar nós rúndacht) oiriúnach i dtimpeallacht an tseomra ranga, ar chúiseanna éagsúla, mar nach féidir iad a chinntiú i ndáiríre. Tá príobháideacht an pháiste (agus an teaghlach) luaite go sonrathach mar cheart i dTreoirínte na Múinteoirí don OSPS (1999: 14). Ach ní mór cuimhneamh freisin ar pháistí a spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foghlama ar nós am ciorcail agus drámaíocht, agus cead a bheith acu ag an am céanna a bheith páirteach nó gan a bheith de réir a rogha féin.

- **Cur Chuige Éagsúil a Úsáid**

Cé go bhfuil amhras léirithe faoin nasc atá idir stíleanna éifeachtúla teagaisc agus foghlama (Scott, 2010, mar shampla), tá sé le ciall go spreagfaidh cur chuige de chineálacha éagsúla níos mó taitnimh agus rannpháirtíochta. Á chur seo san áireamh, tugtar forléargas sna rannóga a leanas ar na modhanna difriúla a úsáidtear sa Chlár Misneach le spéis na bpáistí a mhúscailt ionas go mbainfidh siad taitneamh as an fhoghlaim.

- **Tógáil Caidrimh**

Tá an mhúinín riachtanach sa chomhthéacs foghlama, an mhúinín a bhíonn ag na rannpháirtithe i gcomhsheasmhacht an mhúinteora, mar shampla, ach muinín an mhúinteora sna

paistí ionas go gcabhróidh siad le chéile i ndáiríre má chruthaítear na tosca cearta. Is gá go mbeadh na páistí muiníneach freisin go mbeidh meas ag an chuid eile den rang ar an méid atá le rá acu. Ní mór dá bhrí sin dul i ngleic le fadhbanna le hiompar mí-oiriúnach, le sláinte agus le slándáil. D'fhéadfadh roinnt ama a bheith ag teastáil ó na paistí leis na scileanna agus na rialacha sonracha a bhaineann le héisteacht a fhoghlaim, agus cabhróidh an meas, agus sampla d'iompar cuí ón múinteoir, leo.

Foghlaim Gníomhach

Cuirtear béim sna Treoirínte OSPS do Mhúinteoirí (1999) ar thábhacht na foghlama gníomhaí agus muid ag obair le páistí. Moltar é seo leis an leas is fearr a bhaint as aistriú na foghlama ionas go mbeidh siad 'ábalta an méid a fhoghlaimíonn siad a úsáid i gcúinsí éagsúla' (Treoirínte OSPS do Mhúinteoirí 1999: 5). Táthar ag súil 'go nglacfaidh páistí seilbh níos mó, agus níos mó freagrachta as a gcuid foghlama féin' sa bhfoghlaim ghníomhach. Cuireann Vygotsky (1962), béim ar thábhacht idirghabháil na n-aosach sa bhfoghlaim, nuair a deir sé gur féidir le páistí feidhmiú ar leibhéal níos airde le cúnamh ná mar is féidir leo má fhágtar an fhoghlaim fúthu féin. Thug sé an zón neasfhorbartha air seo. Mar idirghabhálaithe i bhfoghlaim páistí, tógann múinteoirí creat na foghlama le dul chun cinn na bpáistí ó leibhéal foghlama amháin go leibhéal eile a éascú. Luathaíonn aiseolas éifeachtúil foghlaim páistí chomh maith (Scott, 2010), agus tugann sé rochtain do pháistí ar a bhfoghlaim féin sula dtéann siad ar aghaidh chuig an chéad leibhéal eile.

Mar atá imlínithe cheana, tá ról tábhachtach ag an múinteoir i straitéisí foghlama gníomhaí mar atá á moladh sa Chlár Misneach. Tugtar tuairisc ghearr sna rannóga a leanas de na príomh-mhodhanna a úsáidtear sa Chlár Misneach, le tagairt do cheachtanna áirithe sna hábhair seomra ranga.

Obair Chiorcail

Is córas foghlama grúpa í an obair chiorcail mar a shuíonn páistí nó daoine fásta i gciorcail le fadhbanna, mothúcháin agus tuairimí a phlé ar bhealach struchtúrtha daonlathach (tugtar am ciorcail air seo chomh maith). Tugtar le fios i Mosley (1996, 1998), go n-eascaíonn na nithe seo a leanas as obair chiorcail:

- féinmheas na bpáistí i suíomh an ranga a fheabhsú
- iompar dearfach a spreagadh sna seomraí ranga agus sna scoileanna
- taithí ar scileanna sóisialta a thabhairt do pháistí
- comhfhreagracht as timpeallacht an tseomra ranga a chothú
- deis a thabhairt do pháistí mothúcháin a fhiosrú i dtimpeallacht shábháilte

Go hiondúil, suíonn páistí nó daoine fásta ar chathaoireacha nó ar chuisíní i gciorcail, ar mhaithe le teagmháil súl a éascú. Is comhartha den chothromas agus den daonlathas bunúsach a bhaineann le hobair chiorcail é cruth an chiorcail chomh maith. Úsáidtear slat nó réad éisteachta go minic le béim a chur ar an ngá atá le scileanna maithe éisteachta. D'fhéadfaí a lán de na gníomhaíochtaí plé sa Chlár Misneach a fhiosrú trí obair chiorcail. Tá smaointe agus comhairle le fáil sna leabhair Quality Circle Time agus More Quality Circle Time (1998) le Jenny Mosley. Bheadh cuid de na gníomhaíochtaí seo, nó iad go léir, le fáil i seisiún coitianta obair chiorcail:

- cluichí/briseadh oighir
- babhtaí
- fóram oscailte/ plé
- ceiliúradh
- gníomhaíochtaí scoir/ léirshamhluithe

Déanfaidh múinteoirí a gcuid seisiúin obair chiorcail a phleanáil le haird ar aois, ar thaithí agus ar chumais na bpáistí. Tugtar smaointe le haghaidh obair chiorcail ar fud an Chlár Misneach ag gach leibhéal. Chomh maith leis sin, tá an DVD Circle Work, a thionsaigh Seirbhís Tacaíochta Misneach, ar fáil ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí,

agus tugann sé treoir ghinearálta faoi úsáid an obair chiorcail i gcomhthéacs an tseomra ranga.

Cluichí Comhoibritheacha

Is féidir cluichí a úsáid le hiompar iomaíoch nó comhoibritheach a chothú. Sna hábhair seomra ranga, cuirtear an bhéim ar chluichí comhoibritheacha, gan aon bhuaiteoir ná caillteoir.

Is iomaí cúis atá ann le cluichí a úsáid, mar atá:

- luí isteach nó leibhéal fuinnimh an ghrúpa a ardú, suaimhneas a chothú agus seans a thabhairt do na páistí socrú síos.
- ábhair áirithe a thiomsú nó a fhiosrú
- meon comhoibrithe a chruthú sa rang
- taithí shamhaltach ar scil áirithe a sholáthar

Tá cluichí éagsúla ar fáil ar fud Ábhair Misneach ag leibhéal éagsúla ranga (Croí Isteach sna Naíonáin Shóisir Aonad 1 Ceacht 7, Deir Ó Grádaigh neamhiomaíoch i Rang 3, Aonad 1, Ceacht 3, Cluiche Líne Breithlae i Rang 5, Aonad 8 Ceacht 2). Tá roinnt cluichí oiriúnach le húsáid go minic ag an múinteoir, ach ní úsáidfe roinnt eile ach uair amháin le hábhar ar leith a chur i láthair. D'fhéadfadh sé a bheith deacair do na páistí dul i dtaithí ar chluichí neamhiomaíocha ar dtús, ach sa bhfadtearma, léiríonn an fhianaise go gcabhraíonn siad le muinín a mhéadú agus deachaidreamh a chothú sa seomra ranga.

Drámaíocht - Imirt Ról

Is samhlú den fhíorshaol í imirt ról i dtimpeallacht rialaithe shábháilte. Tá buntáistí éagsúla aige mar mhodh múinteoireachta:

- is féidir le páistí nó daoine fásta dúshláin agus eispéiris a bhíonn rompu a ionsamhlú, a réamhshamhlú conas iad a láimhseáil, agus bealaí éagsúla le dul i ngleic le fadhb a fhiosrú
- is féidir dearcthaí iomadúla a fhiosrú agus a mheas
- bíonn sé níos éasca do roinnt páistí

aisteoireacht a úsáid le fadhb a thuiscint seachas a mhíniú cad a dhéanfaidís i gcás áirithe

- is féidir leis a bheith gníomhach agus taitneamhach mar bhealach foghlama.

Nuair a bhíonn imirt ról á húsáid ón gClár Misneach, d'fhéadfadh an creat seo a leanas a bheith áisiúil:

1. Tabhair faisnéis do na rannpháirtithe

Bíonn gníomhaíocht shocrachta de chineál éagsúil úsáideach chun an meon ceart a leagan síos. Inis do na rannpháirtithe cad a tharlóidh, oibrigh amach cosaintí (bunrialacha), cinntigh cé a ghlacfaidh páirt agus conas, léirigh go soiléir nach bhfuil aon 'bhealach ceart' ann, agus tabhair cead fanacht amach.

2. Reáchtáil an imirt ról

Déantar ról a dháileadh, meabhraítear na bunrialacha, tugtar forléargas ar ról na mbreathnóirí nó an lucht éisteachta, tugtar amach feistis agus cártaí ról más gá. Mura bhfuil mórán taithí ag daltaí ar imirt ról bheadh sé úsáideach é a thabhairt isteach de réir a chéile, ag tosú mar shampla le mím de dhreacha cinn, ansin le gothaí, ag dul ar aghaidh go lánghluaiseacht colainne agus ansin ag glacadh le ról.

3. Cuir stop leis an imirt ról

B'fhéidir nach gá dul ar aghaidh go deireadh an imirt ról. Féadfaidh an múinteoir nó na rannpháirtithe stop a chur leis an imirt ról. Tá sé úsáideach aontú faoi chomhartha soiléir le stop a chur leis roimh ré.

4. Na himreoirí a bhaint as a ról

Is ceart dó seo tarlú sula dtosaítear an chéim phróiseála nó plé. D'fhéadfaí é a dhéanamh trí imreoirí a bhogadh timpeall, a cheadú dóibh a bheith 'i láthair' trína bhfíor-fhéin a chur i láthair an ghrúpa (..... is ainm dom agus tá cónaí orm i, nó Is mise..... agus níl mé cosúil le, mar.....) nó trí shuaitheantas nó comhartha fisiceach dá ról a bhaint anuas.

5. Próiseas

Is féidir plé a dhéanamh tar éis an imirt ról:

- Cad a tharla?
- Conas a mhothaigh tú?
- Cad a d'fhéadfadh tarlú?

Is cuid an-tábhachtach den imirt ról é an próiseas nó an plé. Is lena linn is féidir eispéiris, feasacht agus foghlaim na bpáistí a fháil amach agus a threisiú. D'fhéadfadh imirt ról malartach eascirt as an phróiseáil seo. D'fhéadfaí a iarraidh ar bhreathnóirí aiseolas a thabhairt ag úsáid bunrialacha atá socraithe roimh ré le himreoirí a chosaint, mar shampla, gan an duine a ionannú lena ról.

Ní mór a mheabharrú go bhféadfadh imní a bheith ar rannpháirtithe nach bhfuil taithí acu cheana féin ar imirt ról faoi a bheith rannpháirteach. Moltar tabhairt faoin imirt ról a chur i láthair na bpáistí de réir a chéile (féach 2 thuas), agus iad a spreagadh chun rannpháirtíochta seachas iachall a chur orthu.

Ní ceart cumhacht imirt ról a mheas faoina luach, agus chabhródh sé le múinteoirí an imirtí ról atá sna hábhair seomra ranga a leanúint sula dtosaíonn siad ar chur chuige trialach nó tubchumadóireachta a ghlacadh.

I measc modhanna drámata eile a úsáidtear sa Chlár Misneach tá 'múinteoir i ról' agus 'lána coinsiasa'

Drámaíocht - Múinteoir i Ról

Is féidir leis an múinteoir, mar cheannaire, mar shaineolaí nó mar bhall den ghrúpa, an imirt ról nó an dráma a threorú laistigh den dráma. Is féidir frapa simplí (hata áirithe mar shampla) a úsáid mar thaca do ról, agus tugann sé deis don mhúinteoir páirt dhearfach a ghlacadh san imirt ról nó sa dráma. Is féidir leis an múinteoir atá i ról ceisteanna soiléirithe a chur leis an dráma nó an imirt ról a threorú má bhíonn na páistí i sáinn. Tá sé tábhachtach a mheabharrú gurb iad na páistí a dhéanann an cinneadh deiridh faoin treo a rachaidh an imirt ról nó an dráma. Tá sampla d'úsáid 'múinteoir i ról' ar fáil i Rang 6, Aonad 6 Ceacht 5.

Drámaíocht

Lána Coinsiasa nó Tollán Smaointe

Is modh úsáideach é seo nuair a thagann aincheist mhorálta chun cinn, nó nuair a bhíonn tuairimí ag teacht salach ar a chéile maidir le cad is ceart do charachtar nó do pháiste áirithe a dhéanamh i ndráma nó i gcás fíorshaoil. Déantar dhá líne de pháistí a ghlacann tuairimí malartacha faoi aincheist áirithe nó faoi rogha atá le déanamh. Roghnaíonn páiste amháin páirt an charachtair leis an aincheist agus siúlann sé/sí síos an tollán atá déanta leis an dá líne, le páistí ar an dá thaobh ag iarraidh dul i gcion ar chinneadh an charachtair trí chúiseanna a thabhairt dóibh an rogha áirithe sin a dhéanamh. Féadfaidh an carachtar cinneadh a dhéanamh faoi rogha áirithe bunaithe ar a bhfuil cloiste acu sa tollán. Tá sampla den mhodh seo sna hábhair Misneach i Rang 6 (Aonad 9 Ceacht 4), agus féadfaidh múinteoirí é a léamh má theastaíonn uathu an modh seo a úsáid i gceachtanna eile.

Ionsamhluithe

Deirtear go bhfuil ionsamhluithe cosúil le 'turaí samhlaíochta' lenar féidir imeachtaí san aimsir chaite, san aimsir fháistineach nó sa tsamhlaíocht a mheabhú nó a chruthú. Tugtar ionsamhluithe teoraithe áirithe in Ábhair Misneach ina dtugann an múinteoir cuireadh do na páistí dul ar thuras samhlaíoch ag úsáid script ullmhaithe (féach mar shampla Rang 4, Aonad 7, Ceacht 3).

Is féidir ionsamhlú a úsáid mar straitéis múinteoireachta le:

- eagla nó imní a fhiosrú ar bhealach neamhbhagarthach
- fíis a chruthú de na nithe is mian linn a bhaint amach ionas gur féidir linn díriú níos mó ar spriocanna
- ullmhú do tharlúintí a chuirfeadh stró orainn nó a bheadh dúshlánach trí samhlú roimh ré go mbeadh rath orainn
- féinfheasacht a mhéadú agus féinmheas a choinneáil trí na rudaí a d'éirigh linn a dhéanamh cheana a

ionsamhlú

- seisiún a oscailt nó a dhúnadh trí mhothúchán suaimhnis agus scíth a chruthú

Ní mór ionsamhlú a dhéanamh i dtimpeallacht shuaimhneach gan chur isteach, rud nach féidir a bhaint amach go héasca i seomraí ranga. Ní mór don mhúinteoir a bheith i dtaithe ar an script agus í a chur i láthair de ghuth soiléir, socair nuair atá ionsamhlú teoraithe á dhéanamh. Nuair atá cleachtadh ionsamhlaithe á dhúnadh, tabhair am do na páistí 'filleadh' go dtí an aimsir láithreach go réidh. Is maith an rud uaireanta comhaireamh óna cúig go dtí a haon le cur in iúl go bhfuil an t-ionsamhlú ag teacht chun deiridh, agus le seans a thabhairt do na páistí teagmháil súl a dhéanamh roimh dhul ar aghaidh.

Obair Ghrúpa

Oibríonn páistí i bpéirí nó i ngrúpaí i mórán de cheachtanna an Chláir Misneach. Tugann sé sin deis dóibh a bheith lánpháirteach, agus scileanna áirithe ar nós comhoibriú, cathaoirleacht, glacadh nótaí, coinneáil ama agus tuairisceoireacht a chothú.

Is féidir obair ghrúpa a úsáid mar seo a leanas:

- comhroinnt chruthaitheach agus smaointe a ghiniúint
- scileanna áirithe ar nós comhoibriú, comhiarrachtaí agus scileanna cumarsáide a chothú
- gníomhaíochtaí ar leith atá oiriúnach don obair ghrúpa

Is féidir le hobair ghrúpa a bheith struchtúrtha nó gan struchtúr. Is féidir grúpaí a chruthú go fánach, a bheith féinroghnach nó roghnaithe ag an múinteoir. Le scileanna sóisialta (agus éagsúlacht) a fhorbairt moltar go ndéantar ballraíocht ghrúpaí a athrú ó am go ham. Bíonn sé úsáideach go minic obair i bpéirí, agus na péirí a chur le chéile le ceathair a dhéanamh, agus mar sin de. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach bunrialacha a oibriú amach roimh ré. Is ceart do thascanna a bheith

soiléir, sainmhínte go maith, agus teorainn ama a bheith leo nuair is cuí. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach ról ar leith a bheith ann do thasc grúpa, tuairisceoir mar shampla. Bíonn sé úsáideach uaireanta toradh an phlé a thairbhí. Tá bealaí iomadúla sna hábhair ranga le hobair ghrúpa a stiúradh le páistí. Tugtar samhlacha d'úsáid obair ghrúpa i rang sinsearach sa DVD *What is a Drug?* a thiomsaigh an tSeirbhís Tacaíochta Misneach, agus bheadh smaointe ann do mhúinteoirí ar mhian leo an cur chuige seo a úsáid ina gcuid teagaisc.

Naisc Tras-churaclaim

Mar atá le feiceáil sa liosta de mhodhanna gníomhacha foghlama, is féidir an Clár Misneach a chomhtháthú le réimsí eile den churaclaim. Léiríonn an imirt ról agus na gníomhaíochtaí míme na naisc le curaclaim ealaíne ar nós na drámaíochta. Bíonn plé, am ciorcail agus obair ghrúpa úsáideach i bhforbairt teanga, agus tá nasc idir úsáid chluichí agus an curaclaim corpoideachais. Tugtar sonraí faoi naisc tras-churaclaim i ngach ceacht. Tá naisc idir gach ceacht agus an Curaclam Gaeilge, le béim ar chion tairbhe an Chláir Misneach i leith scileanna cainte agus litearthachta.

Measúnú

Dar le Treoirínte OSPS don Mhúinteoir (1999:27) deirtear go bhfuil an measúnú 'chomh riachtanach don OSPS is atá sé d'ábhar ar bith eile'. Is féidir le measúnú a bheith foirmitheach nó suimitheach. Bíonn measúnú foirmitheach, le trialacha nó breathnóireacht, úsáideach nuair atáthar ag iarraidh cláir ar nós Misneach a oiriú do riachtanais aonair agus ghrúpa.

Tugann measúnú suimitheach deis do mhúinteoirí measúnú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha ag páiste nó paistí tar éis ceacht nó aonad áirithe, nó tar éis obair na bliana.

In athbhreithnithe a rinneadh le déanaí ar fheidhmiú Churaclam OSPS ag an CNCM (2008) agus ag an gCigireacht (2009), léiríodh go raibh drogall ar mhúinteoirí

measúnú a dhéanamh sa réimse seo mar gheall ar nádúr íogair chuid den ábhar agus an tuairim gur gá dearcadh fadtéarmach a ghlacadh faoi na tairbhí atá le baint as. I dTuarascáil na Cigireachta (2009:65) aithníodh ceistiúchán agus breathnóireacht na múinteoirí mar phríomhstraitéisí measúnaithe, agus moladh go ndéanadh múinteoirí taifeadadh córasach ar a gcuid torthaí ag díriú ar 'ghnéithe den chlár OSPS ar féidir iad a mheas go réadúil le linn am an dalta ar scoil'.

Le haird air seo, moltar sa Chlár Misneach go ndíreodh na múinteoirí ar na scileanna, ar na dearcthaí agus ar an eolas atá ar fáil sna hábhair ag gach leibhéal ranga. Is féidir cur chuige measúnaithe de chineálacha áirithe a úsáid, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- breathnóireacht an mhúinteora
- tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir
- tionscadail agus fillteáin
- aiseolas ó thuismitheoirí

Is dócha gurb í breathnóireacht an mhúinteora an bealach is éifeachtaí le dearcthaí agus forbairt scileanna a mheas. Bíonn breathnóireacht á déanamh i gcónaí ag múinteoirí ar dhaltaí sa seomra ranga agus lasmuigh de. Is féidir é seo a dhéanamh go neamhfhoirmiúil, mar shampla nuair atá na páistí i mbun tasc ghrúpa, le leibhéal comhoibrithe agus rannpháirtíochta a mheas. D'fhéadfadh sé cabhrú chomh maith le deacrachtaí a bheadh ag páiste nó ag grúpa páistí le roinnt modhanna atá sna hábhair seomra ranga a aithint. Is féidir le sceideal simplí breathnóireachta cabhrú leis an bhbreathnóireacht a dhírú agus taifead scríofa de na príomhléargais a éascú. D'fhéadfaí na pointí seo a leanas a chur san áireamh sa bhreathnóireacht ar pháiste aonair:

- idirghabháil le páistí eile
- idirghabháil leis an tasc
- cumas fócais.

Bíonn taisc agus trialacha atá deartha ag an múinteoir úsáideach go háirithe le

heolas agus scileanna atá faighte ag na páistí i rith an Chláir a mheas. Tugtar samplaí de thráth na gceist san ábhar seomra ranga le heolas a mheas. Is féidir tasc ar leith (imirt róil mar shampla) a dhéanamh ó am go ham le scil ar nós treallús nó bainistiú coimhlinte a mheas.

Is féidir obair thionscadail, fillteáin OSPS nó cóipleabhair, agus taispeántais ranga, a úsáid le cur le breathnóireacht an mhúinteora agus na teisteanna agus na tasc atá luaithe thuas. Is féidir le fillteán nó cóipleabhar ar leith d'obair na bpáistí a bheith an-úsáideach le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha ar bhonn leanúnach. Tugann sé seo freisin taifead den dul chun cinn, scríofa i lámh an pháiste féin, a bheadh úsáideach d'fhéinmheasúnú an pháiste féin agus don chaidreamh le tuismitheoirí agus caomhnóirí, nó le lucht gairme eile más gá.

Tagann aiseolas neamhfhoirmiúil ó tuismitheoirí agus caomhnóirí i mórán scoileanna, go háirithe le páistí níos óige a mbíonn a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí sa scoil níos minice ná nuair a bhíonn na páistí níos sine. D'fhéadfadh cruinnithe tuismitheoirí le múinteoirí aiseolas níos struchtúrtha a éascú ó tuismitheoirí, agus d'fhéadfadh múinteoirí é seo a úsáid leis an Chlár a oiriúnú do riachtanais aonair. Is mór an chabhair í má thuigeann tuismitheoirí agus caomhnóirí aidhmeanna an Chláir ionas gur féidir leo a aithint cá bhfuil láidreachtaí a bpáiste, agus má bhíonn gá le heispéiris agus foghlaim bhreise.

Ar deireadh thiar, moltar i dTreoirlínte OSPS do Mhúinteoirí (1999) go spreagtar páistí le féinmheasúnú a dhéanamh. Ní tharlóidh sé seo ach má bhíonn na páistí eolach ar aidhmeanna agus spriocanna na gceachtanna agus na scéimeanna oibre. Is féidir le páistí sásamh a bhaint as féinmheasúnú, agus is féidir leis freagracht, inspreagadh agus neamhspleáchas a chothú.

Cur Chuige i Leith Mí-úsáid Substaintí a Chosc

Cé gur iomaí fadhb atá ann le drugaí,

agus gur féidir iad a nascadh le tosca éagsúla (lena n-áirítear díothacht agus caidrimh laistigh den teaghlach, i measc rudaí eile), cuirtear an bhéim i mbunscoileanna ar oideachas a chur ar dhaoine óga faoin mbaol a ghabhann le drugaí níos coitianta a mhí-úsáid, go háirithe alcól agus nicitín. De ghnáth is iad seo na chéad drugaí a mbaineann páistí triail astu.

Tá siad ar fáil go réidh agus á n-úsáid i mórán tithe agus pobal, agus bíonn úsáid luath uaireanta mar thuar ar úsáid fhadbach níos déanaí, cé nach bhfuil sé seo dosheachanta.

Úsáidtear cur chuige de chineálacha éagsúla san oideachas le mí-úsáid substaintí a chosc. Tá siad seo rangaithe mar a leanas ag Morgan (2001):

- eolas agus faisnéis
- teachtaireachtaí eaghlacha
- féinmheas ginearáta agus soiléiriú luachanna
- tionchair shóisialta.

In athbhreithniú leathan ar chineálacha cur chuige ar mhaithe le mí-úsáid substaintí a chosc, deir Morgan (2001: 65) gur ceart go mbeadh 'leanúnachas sna cineálacha cur chuige le béim ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta, scileanna sóisialta agus cinnteoireacht', agus gur ceart na cineálacha cur chuige seo a sheachadadh i gcomhthéacs foghlama gníomhaí na rannpháirithe. Luaitear go sonrach nach bhfuil sé cuí teachtaireachtaí eaghlacha a úsáid. Treisítear é seo i gCiorclán ROE 0022/2010, mar a deirtear 'nach bhfuil faisnéis a spreagann eagla agus a dhéanann áibhéal faoi iarmhairtí diúltacha, cuí agus go bhfuil siad fritorthúil'.

Luann an Ciorclán 'idirghabhálacha gáifeacha', 'ráitis fhianaise' agus 'normalú ar iompar contúirteach daoine óga' mar chineálacha cur chuige nach gcabhraíonn. Cuirtear béim chomh maith ar idirghabhálacha aois-oiriúnacha, agus ar easpa éifeachta 'indirghabhálacha aon-uaire/gearrthéarmacha'. Is é an rud

is spéisiúla in Morgan (2001) agus Ciorclán ROE 0022/2010 ná an bhéim a chuirtear ar ról an mhúinteoir ranga i gcláir le mí-úsáid substaintí a chosc.

Conas mar sin, atá an Clár Misneach oiriúnach i gcomhthéacs na gcineálacha cur chuige seo? Cuirtear scileanna, eolas, luachanna agus dearcthaí le chéile sa Chlár i dtaca d'ábhair aois-oiriúnacha, fhorbarthacha atá idir phraiticiúil agus chuimsitheach. Mar a luadh níos luaithe, déantar an t-ábhar a sheachadadh trí straitéisí éagsúla gníomhacha foghlama, a éascaíonn rannpháirtíocht agus taitneamh na ndaltaí. Tugtar pleananna miondealaithe ceachtanna mar thacaíocht don mhúinteoir ranga an Clár a sheachadadh. Clúdaíonn an Clár gach gné den churaclam OSPS anois, rud a dhéanann gurb é an clár is cuimsithí atá ar fáil do scoileanna faoi láthair.

Ach cé go bhfuil an cur chuige atá imlínithe i Misneach ag teacht leis an gcleachtas is fearr, ní chinntíonn sé seo go mbeidh rath air i suíomh na scoile. Luaigh Morgan (2001) cúiseanna éagsúla a dteipeann ar chlár chosc mí-úsáid drugaí.

Ina measc ní mór do na scoileanna aird a thabhairt ar fheidmiú gan éifeacht (ar nós neamhchomhleanúnas idir leibhéil), ionchais neamhréadúla, agus tosca timpeallachta agus cultúrtha. Ní dhéanfaidh clár aon mhaith do pháistí má fhágtar ar an seif é, nó mura gcuirtear i bhfeidhm ach ó am go ham é, ní dhéanfar forbairt ar scileanna, luachanna ná dearcthaí a chabhródh leis na paistí i gcoinne deacrachtaí aonair, diúltachas sa timpeallacht, nó cultúr páistí eile. Chomh maith leis sin, cé go bhfuil sé inmhiannaithe a bheith ag súil le timpeallacht atá saor ó dhruaí, chabhródh sé níos mó moill a chur leis an aois a dtosaíonn páistí ag baint triail astu, go háirithe alcól agus nicitín. Is aidhm phríomha í seo den oideachas i leith mí-úsáid substaintí a chosc agus an chlár Misneach.

I gcomhar leis an Chlár, beidh foilsiúcháin éagsúla ón ROE agus Misneach ann le cabhrú le scoileanna agus múinteoirí an Clár a chur i bhfeidhm. Tá leabhair ann ar nós:

- **Understanding Substances and Substance Use: A Handbook for Teachers** ina bhfuil sonraí ar fáil faoi dhruaí agus saincheisteanna a bhaineann leo
- **Best Practice Guidelines in Substance Misuse Prevention Education** mar a bhfuil faisnéis do Bhoird Bhainistíochta, príomhoidí scoile agus múinteoirí faoin gcleachtas is fearr maidir le hoideachas i dtaobh mí-úsáid substaintí a chosc a thabhairt i mbunscoileanna, agus i dtaobh saincheisteanna gaolmhara.

Tá fócas fós ar mhí-úsáid substaintí a chosc sa chlár Misneach, ach is acmhainn chuimsitheach OSPS í anois, agus táthar ag súil gurb é seo an clár a roghnófar i mórán de bhunscoileanna na hÉireann.

Conclúid

Aithnítear tábhacht na scoileanna ó thaobh scileanna, luachanna agus dearcthaí mar atá imlínithe sa churaclam OSPS a éascú do pháistí, agus clár scoilbhunaithe ar nós Misneach á bhforbairt. Táthar ag súil go mbeidh glacadh dearfach leis an eagrán nua seo de Misneach agus go gcuirfeadh i bhfeidhm é i mbunscoileanna agus go gcuirfidh sé ar chumas daoine óga roghanna dearfacha stíl bheatha a dhéanamh le bheith ina saoránaigh sláintiúla gníomhacha san 21ú haois.



TAGAIRTÍ

Treoirínte deachleachtais le cosc a chur ar mhíúsáid substaintí -Oideachas

Brand, K. (2009). *'Keeping a watchful eye': the role of perceived parental monitoring in adolescent substance use.* (Tráchtas neamhfhoilsithe MA) Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Child Abuse Prevention Programme. (1998). *Clár Bí Sábháilte. Baile Átha Cliath: C.A.P.P.*

Obair Chiorcail Seirbhís Tacaíochta Misneach (in SFGM anois)

An Coiste Curaclaim um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Éire. (1999). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte: Curaclam Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.*

An Coiste Curaclaim um Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Éire. (1999). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte: Treoirínte do Mhúinteoirí Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.*

An Roinn Oideachais (1998). *Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais*

Ciorcláin, An Roinn Oideachais agus Scileanna www.education.ie/en/Circulars-and-Forms

Hibell, B., Guttormsson, U., Ahlström, S., Balakireva, O., Bjarnason, T., Kokkevi, A., Kraus, L. (2012). *Tuarascáil ESPAD 2011* www.espad.org/Uploads/

Staidéir Measúnachta na Cigireachta (2009). *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) sa bhunscoil. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta* www.education.ie/en/Publications/

An Chéad Tuarascáil ó Thascfhórsa an Aire ar Bhearta le hÉileamh ar Dhrugaí a Laghdú (1996). Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath www.drugsandalcohol.ie/5058/1/309-3090251.pdf

Morgan, M. (2001). *Drug use prevention: An overview of research. An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí.*

Mosley, J. (1996) *Quality circle time in the primary classroom: Your essential guide to enhancing self-esteem, self-discipline and positive relationships. Wisbech, Cambridgeshire: LDA*

Mosley, J. (1998). *More quality circle time. Wisbech, Cambridgeshire: LDA*

An Chomhairle Náisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (2008). *Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile: Céim a dó. Éire: NCCA*

<http://www.ncca.ie/en/Publications/>

Kelly, Gavin, Molcho and Nic Gabhainn, S. (2012). *The Irish Health Behaviour in School-aged Children (HBSC) Study 2010. NUIG and Department of Health* www.nuigalway.ie/hbsc/

Prendiville, P. (2008). *Developing facilitation skills: A handbook for group facilitators. Combat Poverty Agency.* www.combatpoverty.ie/publications/

TAGAIRTÍ

Reaper-Reynolds, S., Williams, J., Wolfe, E., Keane, R. (2005). Understanding substances and substance use: A handbook for teachers. Bord Sláinte an Iardheiscirt. Ar fáil ag: www.drugsandalcohol.ie/

Scott, C. (2010). The Enduring Appeal of Learning Styles. *In Australian Journal of Education, April 2010, Vol. 54, Issue 1.*

Vygotsky, L. (1962). *Thought and language* (E. Hanfmann & G. Vakar, Trans.). Massachusetts: The MIT Press. (Foilsíodh an bunsaothar 1934).

What is a Drug? (DVD). Seirbhís Tacaíochta Misneach (in SFGM anois).



LITIR SHAMPLACH CHUIG TUISMITHEOIRÍ

Dáta _____

A Thuismitheoir/Chaomhnóir a chara:

Tá tús á chur againn le clár darb ainm Misneach sna seachtainí atá romhainn. Is cuid den churaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte é an clár seo. Tabharfaidh sé tacaíocht do mhúinteoirí le heolas agus scileanna pearsanta, mothúcháin, sóisialta agus sláinte na bpáistí a fhorbairt. Ceann de phríomhaidhmeanna an chláir áirithe seo is ea mí-úsáid substaintí (drugáí idir dhleathach agus mhídhleathach) a chosc. Tá sé d'aidhm aige chomh maith an mhuinín, na scileanna, na dearcthaí agus an t-eolas a thabhairt do pháistí le roghanna sláintiúla a dhéanamh. Cuirtear an bhéim ar chabhrú le páistí scileanna saoil a fhreastalóidh go maith orthu amach anseo a fhorbairt.

Clúdófar na téamaí seo a leanas ag an leibhéal seo:

- Féinaithne
- Na Cúig Chéadfaí
- Muintearas
- Aire do mo chorp
- Mothúcháin
- Mise agus an Saol Mór
- Ag breathnú Siar, ag Breathnú Romhainn

Mar nach féidir le tuismitheoirí ná múinteoirí a bheith le páistí an t-am go léir beidh ar pháistí a bheith níos neamhspleáiche agus bainistiú a dhéanamh ar dhúshláin an tsaoil nua-aimseartha, go háirithe agus iad ag éirí níos sine. Ag deireadh an chláir, táthar ag súil go mbeidh na páistí níos oilte le plé le haon chúinsí deacra a bheith rompu amach anseo.

Tosaítear an clár trí fhéinmheas na bpáistí a threisiú. D'fhéadfaí a iarraidh ort páirt a ghlacadh i bhfoghlaim do pháiste trí ghníomhaíochtaí éagsúla sa chlár, mar shampla, trí ghrianghraif, eolas nó ábhar le haghaidh obair ealaíne a chur ar fáil. B'fhéidir gur mhaith leat ábhar chuid de na ceachtanna sa chlár a phlé le do pháiste ó am go ham chomh maith. Is féidir leat, le spéis, tacaíocht, comhoibriú agus rannpháirtíocht, cabhrú go mór linn aidhmeanna an chláir a bhaint amach.

Tá cóip dena hábhair a úsáidfear ar fáil más mian leat amharc orthu. Má tá aon cheist agat, déan teagmháil liom

Go raibh maith agat as comhoibriú linn:

Múinteoir an Ranga

AONAD A HAON FÉINAITHNE

MISNEACH

CLÁR

AONAD A hAON FÉINAITHNE

SNÁITHE	MISE
Snáthaonad	Féinaithne Ag fás agus ag athrú

SNÁITHE	MISE AGUS DAOINE EILE
Snáithaonaid	Mise agus daoine eile Caidreamh le daoine eile

SNÁITHE	MISE AGUS AN SAOL MÓR
Snáithaonad	Forbairt na Saoránachta

RÉAMHRÁ DON AONAD

Féinaithne, slándáil, glacadh leat féin agus meas ar dhaoine eile na téamaí atá san aonad seo. Spreagtar na páistí le díriú ar a n-ainm agus ar a scéal, agus ainmneacha a chéile a úsáid le hómós. Déantar ceiliúradh ar thréithe fisiciúla na bpáistí. Déantar scileanna agus talainn éagsúla na bpáistí a fhiosrú. Déantar coincheap na difríochta a fhorbairt thar roinnt ranganna agus luaitear uathúlacht agus indibhidiúlacht leis an difríocht i gcónaí. Ag obair leis an choincheap seo, táthar ag súil go ndéanfaidh na páistí tuiscint agus glacadh le daoine eile a fhorbairt. Déantar dearbhú dearfach a chleachtadh mar bhealach le féinghlacadh a spreagadh agus déantar féinmheas a bhreisiú trí fhéinaithne agus féinghlacadh a fhorbairt. Déanann na páistí na nithe atá i gcoitinne acu a fhiosrú agus a bhreathnú agus forbraíonn siad straitéisí le heolas a bhailiú.

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

- Ceacht 1**
Ainmneacha atá orm
- Ceacht 2**
An Aghaidh sa Scáthán
- Ceacht 3**
Aghaidheanna
- Ceacht 4**
Mushka
- Ceacht 5**
Traein Ainmneacha
- Ceacht 6**
Ag Cur Aithne Orm
- Ceacht 7**
Seascann na gCrogall
- Ceacht 8**
An Bosca Draíochta
- Ceacht 9**
Is Mise, Is Féidir Liom, Is maith liom

NÓTA DON MHÚINTEOIR

San aonad deireanach de na hábhair seo déantar ceiliúradh ar fhoghlaim na bpáistí.

Ba mhór an chabhair í an fhoghlaim seo a thairfeadh mar a mholtar sna haonaid, agus obair na bpáistí a choinneáil in ionad sábháilte le húsáid le linn an cheiliúrtha.

CEAHT 1

AINMNEACHA ATÁ AGAM

A hAon:1

COINCHEAP LÁRNACH

Is gné thábhachtach den fhéiniúlacht iad na hainmneacha. Treisítear an féinmheas nuair a ghlaoitear orainn lenár n-ainm agus nuair a thugann daoine eile aitheantas dár gcuid oibre.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus Daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

Cuspóir Ábhair

Difríochtaí i ndaoine a aithint agus a thuiscint agus fios a bheith againn conas plé le daoine eile le dínit agus le meas.

Snáithaonad: Caidreamh le daoine eile

Cuspóirí Ábhair

Iompar le caint agus gan chaint a úsáid le feidhmeanna sóisialta a dhéanamh.

Aire agus bá, cúirtéis agus dea-bhéasa a chleachtadh i gcaidreamh le daoine eile.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithe:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Snáithaonad: Labhairt

Oideachas Ealaíona - Ceol

■ **Snáithe:** Taibheadh

Snáithaonad: Amhráin a chanadh

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiciúil

■ **Snáithe:** líníocht

Snáithaonad: Líníochtaí a dhéanamh

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is féidir leis an obair seo a bheith úsáideach le dul i ngleic le húsáid leasainmneacha nó ainmneacha ceana má tá fadhb ag páiste nó páistí sa rang leis seo. Is féidir le gloch ainmneacha a bheith an-mhailíseach, go háirithe má leanann sé ar aghaidh, agus ní ceart cur suas leis.

ACMHAINNÍ

- Bileoga de chárta A4
- Marcóirí
- Criáin
- Gealra
- Séacainí
- Ábhair Choláise

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Amhrán
- Obair Chiorcail
- Líníocht
- Scéal

NÓS IMEACHTA SONRACH

A hAON: 1

Amhrán: Abair Dia Dhuit

Úsáid an rann thíos, le fonn Frère Jacques:

*Dia Dhuit, *****

*Dia Dhuit, ****

Conas ata tú?

Conas atá tú?

Tá an-áthas orm bualadh leat.

Tá an-áthas orm bualadh leat

Conas atá tú?

Conas atá tú?

Seasann na páistí i gciorca. Beireann siad ar lámha a chéile agus luascann na lámha go réidh suas agus síos le rithim an cheoil. Don chéad véarsa, úsáid ainm an ranga (Naíonáin Shinsir m.sh.) mar chur i láthair le fáilte a chur roimh an rang. Ansin, iarr ar na páistí siúl go héasca timpeall an chiorcail agus páirtí a fháil nuair a thugtar comhartha (bualadh bos). Stopann siad os comhair an duine is cóngaraí dóibh, canann siad an rann, agus croitheann siad lámha de réir na rithime. Is féidir é seo a thaispeáint le beirt pháiste ar dtús sula nglacann an chuid eile den rang páirt ann. Spreag iad leis an ghníomhaíocht seo a dhéanamh cúpla uair eile.

Obair Chiorcail

Suíonn na páistí i gciorca. Tosaigh leis an ainm is fearr a bhfuil aithne ort a rá agus ansin inis dóibh cad iad na hainmneacha eile a úsáideann daoine le caint leat nó fút m.sh.

- Is mise an tUasal Ó Súileabháin. Tugann roinnt daoine Seán orm. Tugann daoine eile Daid orm.

- Fiafraigh de na paistí cé a d'úsáidfeadh na hainmneacha difriúla dar leo. Fiafraigh:

- An bhfuil ainmneacha difriúla i do theaghlachsa duitse nó do do thuismitheoirí?

Ansin, tabhair cuireadh do gach páiste ar a seal a ainm a rá agus cuid de na hainmneacha eile a bheadh ag daoine orthu a roinnt (ainmneacha peata nó leasainmneacha san áireamh).

Téigh timpeall an chiorcail leis an fhréamhabairt seo: Is maith liom go dtabharfaí orm ar scoil.

Pléigh ainmneacha nó téarmaí is féidir a úsáid i gcultúir éagsúla, mar shampla, na hainmneacha éagsúla a bhíonn againn dár seantuismitheoirí:

- nan, mamó, daideo srl

Labhair leis na páistí faoi leasainmneacha. Uaireanta is maith le daoine iad - mínigh go mbíonn ainm pheata orthu. Mar shampla tabhair sampla de do chuid féin dóibh

Ní maith le daoine leasainmneacha a bhíonn maslach. (Is féidir é seo a nascadh le hobair faoi mhothúcháin níos déanaí.)

- Conas a mhothaíonn sé nuair a thugann duine éigin ainm maslach ort?

- An féidir linn aontú le chéile nach gcuirfimid isteach ar mhothúchán daoine eile trí ainmneacha a thabhairt orthu nach dtainíonn leo nó atá maslach?

Líníocht

Tabhair amach an cárta agus na hábhair ealaíne. Cabhraigh leis na páistí a n-ainm a scríobh i litreacha móra. Mar mhalairt air sin, is féidir an ghné Word Art i Microsoft Word, a úsáid le hainmneacha na bpáistí a phriontáil i gcló de mhéid 96 nó níos mó. Spreag na páistí leis na cártaí a mhaisiú ar bhealaí cruthaitheacha le gealra, dathanna nó aon ábhar collaise atá ar fáil. Is féidir na cártaí a fhilleadh ina dhá leath roimh scríobh orthu, agus iad a úsáid ansin mar ainmchártaí. Is féidir iad a úsáid le húinéireacht a gcuid oibre a thaispeáint. Spreag na páistí lena n-ainmchártaí a úsáid an oiread agus is féidir ar fud an tseomra ranga. Déan ainmchárta duit féin agus bain úsáid as chomh maith.

Conclúid

Léigh scéal do na páistí faoi uair a raibh ainm an-tábhachtach, Lúidín Ó Laoi nó a leithéid.

CEACHT 2

A hAon:2

AN AGHAIDH SA SCÁTHÁN

COINCHEAP LÁRNACH

Cé go bhfuil muid cosúil le daoine eile ar a lán bealaí, is iomaí difríocht atá eadrainn chomh maith.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise
- **Snáithaonad:** Féinaithe
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

Plé a dhéanamh ar na gnéithe go léir a dhéanann duine speisialta agus uathúil agus iad a thuiscint.

- **Snáithaonad:** Aire do mo chorp
Eolas faoi mo chorp

Cuspóir Ábhair:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóir Ábhair

Plé a dhéanamh ar na gnéithe go léir a dhéanann duine speisialta agus uathúil agus iad a thuiscint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithe:** Inniúlacht agus muintín a fhorbairt in úsáid teanga
- **Snáithaonad:** Labhairt

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiúil

- **Snáithe:** Líníocht
- **Snáithaonad:** Líníochtaí a dhéanamh
Féachaint agus Freagairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

D'fhéadfaí scátháin bheaga a úsáid don ghníomhaíocht seo. D'fhéadfadh siad a bheith ar fáil mar acmhainn sa scoil nó d'fhéadfadh na páistí scáthán bearrtha nó smididh a thabhairt leo ón mbaile.

Tá sé tábhachtach a léiriú do na páistí conas labhairt faoi dhaoine eile le samplaí dearfacha fíorasacha.

ACMHAINNÍ

- Marcóirí
- Criáin
- Scátháin bheaga, ceann do gach páiste más féidir nó ceann idir beirt
- Bileog Oibre: Seo Mise!

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé
- Líníocht
- Taispeántas
- Dán

NÓS IMEACHTA SONRACH A hAon: 2

Plé

Mar thús abair leis na páistí go mbeidh cur síos á dhéanamh acu ar dhuine sa rang agus go gcaithfidh na páistí a thomhas cé atá i gceist. Déan cur síos ort féin i gcúpla abairt go dtí go ndéanann na páistí an tomhas ceart. Iarr ar roinnt bheag páistí cur síos a dhéanamh ar dhuine eile sa rang agus an chuid eile ag iarraidh a thomhas cé atá i gceist. Cuir an cheist:

- *Conas atá a fhios agat cén chuma atá ort?*

Is dócha go mbeidh na páistí ag caint faoi scátháin nó grianghraif ina gcuid freagraí. Fiafraigh díobh:

- *An féidir libh smaoineamh ar bhealaí eile - scáileanna i bhfuinneoga nó in uisce, nó cad a deir daoine eile linn?*

Imir 'Feicim' leis na páistí, agus cur síos ar pháiste in áit na céad litreach m.sh. 'Feicim le mo shúilín glé, cailín le gruaig fhada fhionn, súile glasa agus bricíní.

Tabhair na scátháin amach do na páistí. Mínigh do na páistí go dteastaíonn go bhféachfadh siad go cúramach isteach sa scáthán agus pictiúr a tharraingt díobh féin. Tabhair deis do gach páiste a scáil nó a phictiúr a scrúdú go grinn.

- *An bhfeiceann tú dath do chuid súl?*

- *Cén chruth atá ar do mhalai?*

- *Do shrón? Do bhéal? An bhfuil bricíní ort?*

- *Cén chruth atá ar na fiacla?*

- *An bhfuil aon rud ansin nár thug tú faoi deara cheana?*

Líníocht

Abair leis na páistí ansin go mbeidh féin-phortráid á déanamh acu. Ag úsáid an

bhileog oibre: Seo mise! Iarr ar na páistí líníocht a dhéanamh den rud a fheiceann siad sa scáthán. Meabhraigh díobh nach bhfuil le tarraingt ach an aghaidh (ní an corp go léir) agus súil ghéar a chaitheamh ar ghnéithe agus ar chruth na haghaidhe. Spreag na páistí leis an leathanach go léir a úsáid. Agus iad ag obair, bí ag faire amach le haghaidh aon chomhrá nó tuairim agus déan taifead orthu. Níos déanaí, is féidir iad seo a scríobh agus a chur taobh leis na líníochtaí. Nó d'fhéadfá d'fhéin-phortráid féin a dhéanamh agus na páistí ag obair ar a gcuid féin!

Tabhair obair uile na bpáistí le chéile le ceiliúradh agus le comhroinnt i seisiún dánlainne mar a dtugtar cuireadh do na páistí a bpictiúr a thaispeáint agus labhairt faoi. Tabhair cuireadh do na páistí rud éigin a thaitníonn leo nó atá spéisiúil a fháil i saothar páiste eile agus labhairt faoi.

Taispeántas

Is féidir na portráidí a ghreamú droim le droim agus a chrochadh ón síleáil, nó a thaispeáint taobh le taobh.

Dán

Léigh an dán seo a leanas do na páistí (beidh sé á úsáid arís sa chéad seisiún eile):

Aghaidheanna

*Tá gach aghaidh
éagsúil, Ó ghruaig go smig,
sróna go léir, fabhraí,
leicne, beola agus craiceann,
aghaidheanna fada, aghaidheanna
cruinne, Súile glasa, donna nó gorma,
Measc le chéile iad,
Agus sin Tusa!*

Síneadh


Má tá cúpla comhionann sa scoil, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt dóibh go dtí an rang le labhairt leis na páistí faoi na bealaí a aithnítear óna chéile iad.

Is féidir síneadh a chur ar an ghníomhaíocht líníochta trí 'Phortráidí Beirte' a dhéanamh. Roghnaíonn na páistí comhpháirtí lena bportráid a dhéanamh. Féadfaidh na páistí an dá phortráid a chur taobh le taobh ansin agus cosúlachtaí agus difríochtaí a phlé.

Spreag na páistí le teanga mholtach a úsáid agus cur síos á dhéanamh acu ar a gcuid oibre.

Is féidir cuireadh a thabhairt do ghrúpaí tuismitheoirí teacht isteach le portráidí na bpáistí a fheiceáil. Socraigh lá agus am na cuairte agus féadfaidh na páistí cuirí pearsanta a dhéanamh dá dtuismitheoirí. D'fhéadfaí iad seo a úsáid mar dheis le heolas a thabhairt do na tuismitheoirí faoin obair a bheidh á déanamh ag na páistí sa chlár seo.

Tarraing Pictiúr
Díot Féin!



Seo Mise!

CEAHT 3

AGHAIDHEANNA

A hAon:3

COINCHEAP LÁRNACH

Níl daoine níos fearr ná níos measa mar go bhfuil siad éagsúil - ach uathúil.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** Féinaithne
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

Plé a dhéanamh ar na gnéithe go léir a dhéanann duine speisialta agus uathúil agus iad a thuiscint.

■ **Snáithaonad:** **Ag fás agus ag athrú**
Agus mé ag fás bíonn mé ag athrú

Cuimhnigh:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóir Ábhair

A thuiscint gur cuid de phróiseas na beatha é fás agus athrú agus go bhfuil siad uathúil do gach duine.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithe:** Cumas agus muintín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

■ **Snáithaonad:** Labhairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Fiú agus iad chomh hóg seo d'fhéadfadh difríocht a bheith á ionannú ag páistí le hísleacht nó le huaisleacht. Tá sé tábhachtach dúshlán a thabhairt don smaoineamh sin.

ACMHAINNÍ

- Póstaer 'Aghaidheanna'
- Scéal: An Béar is Ionúine le Diana Noonan
- An bréagán bog is fearr leis an múinteoir/ na páistí
- An cluiche boird 'Guess Who', (tá leagan ar fáil i siopaí €2)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé
- Dán
- Scéal
- Cluiche

NÓS IMEACHTA SONRACH *A hAon: 3*

Plé

Suíonn na páistí i gciorcal. Labhair leis na páistí faoin obair a rinne siad sa cheacht roimhe seo ar na féin-phortráidí. Mínigh go mbeidh siad ag breathnú go cúramach inniu ar an bpáiste atá ag suí taobh leo, ag tabhairt dath a gcuid súl faoi deara; dlús, dath agus fad na gruaige; cruth na haghaidhe; gnéithe eile den aghaidh m.sh. bricíní, fiacla tosaigh in easnamh. Féadfaidh na páistí tiontú go dtí an duine ar an taobh eile ansin agus amharc ar a ngnéithe, agus na difríochtaí idir an bheirt pháiste a thabhairt faoi deara.

D'fhéadfá ansin cur síos a dhéanamh ar pháiste nó dhó ón rang, le béim ar na difríochtaí i dtréithe fisiceacha (m.sh. súile, dath na gruaige). Is féidir plé a dhéanamh faoi na fáthanna atá leis na difríochtaí seo, mar shampla, náisiúntacht, dath gruaige nó súile na dtuismitheoirí.

Spreag na páistí le hamharc ar na pictiúir a rinneadh sa cheacht roimhe seo agus na difríochtaí i ngnéithe fisiceacha a thabhairt faoi deara. Nuair a bhíonn sé seo déanta, is féidir grianghraif atá bailithe agat d'aghaidheanna a thaispeáint ar an gclár bán (féach na cinn atá curtha ar fáil).

Féadfaidh na páistí na difríochtaí i ngnéithe fisiceacha na n-aghaidheanna a thabhairt faoi deara agus cén fáth go bhfuil difríochtaí ann.

Dán

Abair an dán a cuireadh i láthair sa cheacht roimhe seo agus spreag na páistí lena rá i do theannta.

Aghaidheanna

*Tá gach aghaidh éagsúil,
Ó ghruaig go smig,
sróna go leor, fabhraí, leicne,
beola agus craiceann,
aghaidheanna fada, aghaidheanna cruinne,
Súile glasa, donna nó gorma,
Measc le chéile iad
Agus sin Tusa!*

Conclúid

Taispeáin, bábóg, béirín nó bréagán bog a thaitníonn go mór leat do na páistí agus inis gach rud faoi, cé chomh fada is atá sé agat, cén fáth go bhfuil cuma chaite air, cén fáth go bhfuil grá agat dó i gcónaí.


Síneadh

Léigh an scéal **An Béirín is Ionúine** do na páistí. Pléigh an scéal leo leis na ceisteanna seo a leanas:

- *Cén fáth go raibh imní ar Tim nuair a chuala sé faoin chomórtas?*
- *Cad a rinne sé le cuma níos fearr a chur ar a bhéirín?*
- *Cén fáth gur thug Bean de Hál an duais do Tóbaí?*

Cluiche

Is féidir an cluiche boird 'Tomhais cé hé'; a úsáid.



CEAHT 4

MUSHKA

A hAon:4

COINCHEAP LÁRNACH

Tá ainmneacha tábhachtach mar bhealach le huathúlacht, indibhidiúlacht agus meas a chruthú.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaithe
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

Plé a dhéanamh ar na gnéithe go léir a dhéanann duine speisialta agus uathúil agus iad a thuiscint

■ **Snáithe:** Mise agus Daoine Eile

Snáithaonad: Mo Chairde agus daoine eile

Cuspóir Ábhair

Difríochtaí i ndaoine a aithint agus a thuiscint agus fios a bheith againn conas plé le daoine eile le dínit agus meas.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Inniúlacht agus muintín in úsáid teanga

Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonad: Labhairt

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

■ **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin a fhiosrú, chomh maith le heolas agus smaointe, le teacht ar thuiscint

Snáithaonaid: Drámaíocht a fhiosrú agus a dhéanamh

Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dráma

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiúil

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonad: Líníochtaí a dhéanamh

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is ainm gan bhrí é Mushka agus is féidir aon ainm de do rogha féin a chur ina áit.

ACMHAINNÍ

- Scéal An Taibhsín a Chaill a Ainm (curtha ar fáil) nó scéal oiriúnach eile faoi ainmneacha
- Puipéad - cuir cruth taibhse ar chrochadóir éadaí agus croch éadach geal air le Mushka a dhéanamh.
- Cúig Bhosca Daite - dearg, glas, buí, gorm agus oráiste, le hainmchárta i ngach ceann acu, agus Mushka scríofa ar cheann acu

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Scéal
- Imirt Ról
- Líníocht

Scéal

An Taibhsín a chaill a Ainm

Taispeáin an puipéad do na páistí gan a ainm a rá. Mínigh do na páistí gurb é seo taibhse cairdiúil na scoile agus gur maith leis cuairt a thabhairt ar na páistí anois agus arís. Léigh an scéal do na páistí, agus de réir mar atá sé á insint, iarr ar chuid de na páistí na boscaí a oscailt ceann ar cheann.

- *An bhfuil a fhios agaibh go bhfuil taibhsín cairdiúil ag an scoil, a thugann cuairt ar na seomraí ranga uaireanta le hamharc ar na páistí agus iad ag obair? (Taispeáin an puipéad do na páistí.)*

- *Cén t-ainm atá ar an taibhsín, dar libh? (Iarr ar na páistí ainmneacha a mholadh don taibhse).*

- *Scéal é seo faoin uair a mhúscail an taibhsín maidin amháin agus gan chuimhne aige ar a ainm.*

Maidin amháin shuigh taibhsín ar sheilf leabhar i rang ... i Scoil D'éist sé agus an múinteoir ag insint do na páistí go raibh rud iontach le rá aici leo. Bhí cailín ina seasamh in aice leis an múinteoir. Níor aithin an taibhsín í.

'Duine nua is ea í seo is dócha,' ar sé leis féin. Ach bhí an ceart aige ar ndóigh! 'Is í seo Alexandria Rista,' arsa an múinteoir. 'Cad é an t-ainm ar mhaith leat go dtabharfaimis ort?' ar sise leis an chailín. 'Ní thugann ach mo Mhamó Alexandria orm,' a d'fhreagair sí. 'Is maith liom féin go dtabharfaí Alex orm.' 'Nach deas an t-ainm é sin,' arsa an múinteoir. Chuir sí an cailín beag in aithne don rang arís ansin. 'Is í seo Alexandria Rista agus is maith léi go dtabharfaí Alex uirthi. Beannaí di agus cuirigí fáilte roimpi chuig ár rang.' 'Haigh, Alex,' arsa na páistí. Rinne Alex meangadh cúthail agus dúirt sí haigh go ciúin.

D'fhéach an taibhsín ar Alex agus í ina sui ag bord cruinn. D'inis na páistí eile a n-ainmneacha di agus níorbh fhada go raibh siad ag caint le chéile agus ag tógáil spásloinge ollmhór leis an Lego. Chaith an taibhsín seal ag machnamh. Bhí sé ag iarraidh cuimhneamh ar a ainm féin.

Ach bhí sé as radharc chomh fada sin agus gan aon duine ag gaoch ar a ainm air go raibh sé dearmadta aige. Tháinig an-bhrón air. Dá mhéid iarrachta a rinne sé cuimhneamh, is ea ba mhó an brón a bhí air.

Shíl deoir mhór síos a aghaidh, agus ceann eile agus ceann eile. Bhí an taibhsín ag goll!

NÓS IMEACHTA SONRACH

A hAon:4

An bhfuil a fhios agaibh cad a tharlaíonn nuair a bhíonn taibhsí ag gol? Bíonn páistí ábalta iad a fheiceáil. Ba í Alex an chéad pháiste a thug faoi deara é. Thaispeáin sí do Dharach é. Níorbh fhada go raibh scata beag páistí ina seasamh ag amharc suas ar an taibhsín ar an seilf.

'Cad atá cearr?' arsa Darach. 'Cén fáth go bhfuil tú ag gol?' Mhínigh an taibhsín go raibh dearmad déanta aige ar a ainm. 'Tá a fhios agam gur scríobh mé ar chárta é i bhfad ó shin, ach ní cuimhin liom anois cár chuir mé é,' ar seisean. 'D'fhéadfaimis ainm nua a thabhairt duit -Púicín, b'fhéidir' arsa Zac. 'Nó Casper', arsa Sadhbh. 'Chonaic mé scannán faoi thaibhsín darbh ainm Casper. Bhí sé an-chosúil leatsa.' Chroith an taibhsín a cheann go brónach. 'Ní hé sin an t-ainm atá orm,' ar seisean.

Bhain na páistí triail as a lán ainmneacha eile ach ní raibh aon mhaith ann. Cé nach raibh cuimhne aige ar a ainm féin bhí a fhios aige nach raibh na hainmneacha a thug na páistí air i gceart. Bhí sé chomh brónach sin gur thosaigh sé ag gol arís. 'An bhfuil d'ainm sa seomra ranga seo?' arsa Alex. 'Is dóigh liom go bhfuil sé ar ainmchlár,' arsa an taibhsín. 'Bhal, cabhróidh muid leat é a fháil,' arsa Alex.

Chuardaigh na páistí an seomra. D'fhéach siad faoin leabhragán agus sna cófraí. D'fhéach siad sa tarraiceán i ndeasc an mhúinteora. Chuardaigh siad i mbosca na mbréagán. Chuardaigh siad leaca na bhfuinneog agus bord an dúlra, ach ní raibh an cárta le hainm an taibhsín in aon áit. Ansin chonaic Alex cúig bhosca daite ar sheilf os cionn an chláir dhuibh. D'iarr sí ar an múinteoir iad a bhaint anuas. Istigh i ngach bosca bhí cárta le hainm clóite air. (Iarr ar pháistí éagsúla na boscaí a oscailt, agus fág an bosca le hainm Mushka go dtí an deireadh): Gach uair

fiafraigh den taibhse: 'An is ainm duit?'

Ach gach uair chrith an taibhsín a cheann. Ansin d'oscail Alex an bosca deireanach agus thóg sí an t-ainmchárta amach. 'An Mushka is ainm duit?' a d'fhiafraigh sí. Tháinig meangadh ar aghaidh an taibhsín agus sméid sé. 'Haigh, Mushka,' arsa na páistí. Bhí an oiread áthais ar Mushka go raibh a ainm faighte arís aige gur éirigh a mheangadh níos mó agus níos mó go dtí gur imigh sé as radharc arís. Ach fiú mura raibh na páistí in ann é a fheiceáil, bheannaigh siad dó gach maidin nuair a tháinig siad isteach sa seomra ranga!

NÓS IMEACHTA SONRACH *A hAon:4*

Imirt Ról

Roghnaigh páistí éagsúla as an rang agus déan comhrá gearr a chleachtadh. Glacann páiste páirt Mushka agus bíonn an múinteoir i bpáirt cheann de na páistí ón scéal. Treoraigh na páistí i gcomhrá ina gcuireann siad iad féin in aithne, pléigh an mothúchán a bheadh ag Mushka nuair nach raibh sé ábalta cuimhneamh ar a ainm, cén fáth go bhfuil ainm againn, na huaireanta a úsáideann daoine ár n-ainm, cad a tharlaíonn nuair nach mbíonn ár n-ainm ar eolas ag daoine. D'fhéadfaí an script seo a leanas a úsáid:

An Múinteoir (i ról):

- Haigh, is mise Alex, tá mé díreach tagtha go dtí an scoil seo agus chuala mé go raibh d'ainm dearmadta agat.

Mushka:

- Bhí, agus chuir sé eagla orm, ach chabhraigh na páistí cineálta sa rang seo liom é a fháil ar ais. Bhí mé brónach nuair nach raibh ainm agam ach anois tá mé sona.

An Múinteoir (i ról):

- Tuigim, is maith liomsa m'ainm féin, bhí an t-ainm céanna ag mo Mhamó - thug siad a hainm siúd orm. Alexandria an t-ainm atá orm i ndáiríre, ach is fearr liom Alex. An bhfuil ainm eile agatsa?

Mushka:

- Tá mé chomh sásta go bhfuil m'ainm faighte agam nach dteastaíonn aon ainm eile uaim! Is maith liom é nuair a úsáideann na páistí m'ainm i gceart, mothaím go maith.

An Múinteoir (i ról):

- Tuigim, Bhí uaigneas ormsa nuair nach raibh m'ainm ar eolas ag na páistí sa rang, ach tá sé ar eolas ag gach duine anois agus bímid ag imirt le chéile i gcónaí.

Mushka:

- Is maith an rud é sin, ba cheart do pháistí a n-ainm ceart a thabhairt ar a chéile agus a bheith deas le chéile. Má tá taithí ag páistí ar imirt ról, roinn ina mbeirteanna iad. Beidh páiste amháin ina pháirt féin agus páirt Mushka ag an bpáiste eile. Féadfaidh na páistí i bpáirt Mushka éadach bán a chur ar a gceann le dul isteach sa pháirt. Spreag na páistí le comhrá a dhéanamh faoina n-ainmneacha mar atá sa script thuas.

Líníocht

Féadfaidh na páistí pictiúir a tharraingt nó a phéinteáil de chara samhalta agus/nó dofheicthe ba mhaith leo a bheith acu agus ainm a thabhairt orthu.

Conclúid

Iarr ar na páistí a raibh leanbh nua ina dteaghlach le déanaí an bhfuil a fhios acu conas a roghnaigh an teaghlach ainm don bháibín. Spreag na páistí le fiafraí sa bhaile cén fáth gur roghnaíodh a n-ainm, agus tuairisc a thabhairt sa rang an lá dá gcionn.

CEAHT 5

A hAon:5

TRAEIN AINMNEACHA

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a fhoghlaimíonn páistí ainmneacha páistí eile cabhraíonn sé leo ceangail a dhéanamh agus caidrimh a bhunú.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise agus Daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

Cuspóir Ábhair

Difríochtaí i ndaoine a aithint agus a thuiscint agus fios a bheith againn conas plé le daoine eile le dínit agus meas.

COMHTHÁTHÚ

Corpoideachas

■ **Snáithe:** Cluichí

Snáithaonaid: Cluichí a chruthú agus a imirt

Seoladh, fáil agus taisteal

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Tá rogha de dhá ghníomhaíocht sa phríomhchuid den cheacht seo. Tá ceann acu glórach agus a lán spáis ag teastáil dó agus an-oiriúnach don chorpoidéachas don aoisghrúpa seo. Mura bhfuil go leor spáis ann, is féidir an ghníomhaíocht eile a dhéanamh i gciorca sa seomra ranga.

ACMHAINNÍ

- Spás mór, m.sh. halla corpoideachais
- Liathróid Bheag nó Mála Pónairí
- Púicín

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Cluiche (Rogha A nó B)
- Obair Chiorcail

NÓS IMEACHTA SONRACH A hAon:5

An Cluiche Traenach (Rogha A)

Is féidir an cluiche a chleachtadh ar dtús le líon beag páistí ionas go dtuigfidís é. Foghlaimeoidh na páistí na rialacha go mear. (Tar éis an chéad chluiche, is féidir le páiste áit an tiománaí a ghlacadh). Inis dóibh go bhfuil an comhoibriú tábhachtach sa chluiche seo, go gcaithimid obair le chéile le cinntiú go mbeidh gach duine ar bord agus aire á tabhairt dóibh. Seas i lár an tseomra leis na páistí ag fanacht ag stáisiún éagsúla le dul ar bord na traenach nuair a thagann sí. Tar éis roinnt fuaimeanna gluaiseachta agus innill, téigh go dtí an chéad phaisinéir.

Tiománaí: *Cad is ainm duit?*

Páiste: *Heileo. Chloe is ainm dom.*

Deir an tiománaí Chloe os ard trí huaire, ag léim san aer agus ag bualadh bos go rithimeach, agus ansin tugann an cuireadh:

Tiománaí: *Tar isteach inár dtraein chairdiúil.*

Beireann an paisinéir ar choim an tiománaí agus gluaiseann an traein ar aghaidh go dtí an chéad stáisiún eile le paisinéir eile a phiocadh suas. Leanann an cluiche ar aghaidh, ach nuair a deir paisinéir nua a ainm tiontaíonn an tiománaí go dtí an duine laistiar agus deir sé/sí arís é sula léimeann an traein ar aghaidh ag bualadh bos le chéile agus an t-ainm nua á rá trí huaire. Gluaiseann an traein anonn agus anall idir na stáisiúin éagsúla go dtí go mbíonn gach paisinéir ar bord. Cuir ceist ar na páistí ar thaitin an cluiche leo.

Mol na páistí a léirigh aire agus cúirtéis agus an cluiche á imirt acu, agus meabhraigh do na páistí gur féidir taitneamh a bhaint as cluiche nuair a bhíonn gach duine ag comhoibriú le chéile.

Píóg Úll (Rogha B)

Iarr ar dhuine teacht chun tosaigh le púicín a chur orthu. Os íseal, roghnaigh páiste ón rang le Píóg Úll a rá. Caithfidh an té a bhfuil

an púicín air/uirthi a thomhas i gceart cé a labhair.

Deir siad:

- *An é sin...?* ag úsáid a n-ainm iomlán.

Má tá an ceart acu, is ceart do pháiste an Phíóg Úll an páiste leis an phúicín a fhreagairt go béasach á rá:

- *Beannachtaí, a Shoilse.*

Má bhí an ceart ag an té sa phúicín, tá seans eile acu go dtí go ndéanann siad an tomhas mícheart. Déan arís agus arís é ag tabhairt seans do pháistí eile an púicín a chaitheamh.

Conclúid

Cluiche Liathróidí - Seasann na páistí i gciorca. Glaoigh amach ainm páiste agus caith liathróid nó máilín pónairí chucu. Piocann an páiste duine eile ansin leis an liathróid/máilín a chaitheamh chucu, ach ní mór dóibh a n-ainm a rá roimh chaitheamh. Tar éis breith ar an máilín agus é a chaitheamh, suíonn an páiste síos, go dtí go mbíonn deis faighte ag gach páiste.

Síneadh

Leaganacha de Chluiche na Traenach - Nuair a bhíonn taithí ag na páistí ar an gcluiche seo, is féidir leaganacha éagsúla a imirt m.sh. tar éis do pháiste teacht ar bord, is féidir leis an líne tiontú thart sa dóigh go mbeidh seans ag gach páiste a bheith ina thiománaí.

Nuair a bhíonn triúr i líne ag an traein, is féidir miontraenacha a chruthú má dhealaíonn tiománaí iad féin le líne nua a thosú. Tá sé seo úsáideach go háirithe le ranganna móra le cinntiú nach mbíonn feitheamh fada ag na paisinéirí deireanacha.

Nuair a bhíonn na páistí deireanacha bailithe, is féidir leis na traenacha leanúint ar aghaidh agus iad a cheangal de réir a chéile i gciorca mór.

CEAChT 6

AG CUR AITHNE ORM

A hAon:6

COINCHEAP LÁRNACH

Má comhroinneann muid faisnéis chúí phearsanta cabhraíonn sé linn caidrimh a chothú agus cosúlachtaí a aithint.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaithne
Féinfheasacht
Féinmhuinín a fhorbairt

Cuspóirí Ábhair

Na rudaí is fearr linn go pearsanta a aithint agus a thaifeadadh

Do dhearcadh, do thuairimí agus do roghanna féin a chur in iúl.

■ **Snáithe:** Mise agus Daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

Cuspóir Ábhair

Difríochtaí i ndaoine a aithint agus a thuiscint agus fios a bheith againn conas plé le daoine eile le dínit agus meas.

Snáithaonad: Caidreamh le daoine eile

Cuspóirí Ábhair

Éisteacht le tuairimí agus dearcadh daoine eile.

■ **Snáithe:** Mise agus an Saol Mór

Snáithaonad: Sábháilteacht phearsanta

Cuspóir Ábhair

Scéalta, leabhair agus rannta cáiliúla a fhiosrú agus cuid dá gcarachtair agus na tréithe maithe atá acu a plé.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithe:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Snáithaonad: Labhairt

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiúil

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonad: Líníochtaí a dhéanamh
Féachaint agus Freagairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ní mór fógra a thabhairt timpeall seachtain roimh ré do na páistí faoin cheacht seo ionas gur féidir leo na hearraí pearsanta a bhailiú le chéile i soitheach oiriúnach, mála nó bosca bróga le húsáid sa cheacht - tá smaointe le fáil i nóta an cheachta.

Ullmhaigh do bhosca bróga féin roimh ré le níos mó a insint do na páistí fút féin. Déanfaidh sé sin níos compordaí iad agus tabharfaidh sé smaointe dóibh.

D'fhéadfadh an leabhar, an bréagán nó pictiúr den bhéile is fearr leo a bheith i measc na n-earraí. D'fhéadfadh pictiúr, grianghraf nó earra a tugadh ón mbaile, ón gclub nó ón áit is fearr leo, srl, a bheith i measc na roghanna.

ACMHAINNÍ

- Soitheach, mála nó bosca bróga do gach páiste líonta le hearraí óna mbaile
- Bileog Oibre: Nithe a Thaitníonn Liom

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Taispeáin agus Inis
- Obair I mbeirteanna
- Plé

Taispeáin agus Inis

Iarr ar na páistí soitheach, mála nó bosca bróga oiriúnach a úsáid le nithe a bhailiú a insíonn beagáinín níos mó fúthu féin (féach Nóta don Mhúinteoir).

Inis dóibh cé mhéid ama atá acu lena mbailiúchán a chur le chéile. Ansin, le linn 'Taispeáin agus Inis' tabhair cuireadh do roinnt páistí labhairt go muiníneach faoi na nithe is fearr leo. Cuir ceisteanna mar:

- *Cén fáth gurb é seo an ceann is fearr leat?*

- *Inis níos mó dúinn faoi...*

Obair Bheirte

Eagraigh na páistí ina mbeirteanna. Spreag iad le labhairt le chéile faoi na nithe atá bailithe acu, mar shampla:

- *Is maith liom é seo mar motháim...*

- *Is maith liom dul ar cuairt ar an áit seo mar motháim...*

- *Is maith liom an leabhar seo mar...*

Glacann gach duine den bheirt a sheal lena n-earraí a thaispeáint agus labhairt fúthu, agus le ceisteanna a chur m.sh.

- *Cén fáth gurb é seo an ceann is fearr leat?*

Is féidir leat labhairt faoi chomh tábhachtach is atá sé áiteanna, daoine, leabhair agus nithe a bheith againn a thugann mothúchán maith dúinn fúinn féin. Is féidir leat do bhosca earraí féin a thaispeáint do na páistí mura bhfuil sé seo déanta agat cheana féin.

Plé

Mar rang, déan plé ar na nithe éagsúla a thaitníonn leis na páistí a dhéanamh. Iarr orthu áiteanna, imeachtaí, séasúir éagsúla a bhfuil taithí acu orthu a lua leis

an bplé a leathnú amach. Spreag iad le smaoineamh ar na nithe simplí sa saol a thugann pléisiúr dóibh, mar shampla neadú faoin mblaincéad is fearr leo nó scéal a roinnt le duine a bhfuil grá acu dóibh.

Cuir na páistí ina mbeirteanna. Iarr orthu trí rud a thaitníonn leo a dhéanamh a phiocadh agus labhairt lena gcomhpháirtí faoi cén fáth go dtaitníonn siad leo agus conas a mhothaíonn siad fúthu. D'fhéadfá sampla de seo a thabhairt roimh ré.

Ansin, dail amach an **Bhileog Oibre:**

Nithe a thaitníonn Liom, ar na páistí. Iarr orthu ceann dá roghanna a thaifeadadh ar gach cruth trí scríobh faoi nó líníocht a dhéanamh de. Ar an gceathrú cruth, iarr ar gach páiste a n-ainm a scríobh agus a mhaisiú.

Mínigh go bhfuil siad leis na cruthanna seo a thabhairt abhaile agus a iarraidh ar a dtuismitheoirí cabhrú leo a mothúcháin faoi na nithe is fearr leo a scríobh síos sna cruthanna ar an mbileog oibre.

Síneadh

Iarr ar na tuismitheoirí nó na caomhnóirí cabhrú lena bpáistí scríobh faoin gcaoi a mhothaíonn siad nuair a bhíonn rud éigin a thaitníonn leo á dhéanamh acu. Nuair a bhíonn sé críochnaithe, roghnaigh páistí difriúla thar thréimhse seachtaine lena mbileoga oibre a thaispeáint agus labhairt faoi na nithe a thaitníonn leo. Déan tagairt go minic do na dea-mhothúcháin a bhaineann le nithe a thaitníonn leo a dhéanamh.

Nithe a Thaitníonn Liom

Scríobh roinnt rudaí a thaitníonn leat sna cruthanna thíos.

Ansin iarr ar thuismitheoir nó ar cibé duine atá sa bhaile cabhrú leat an chaoi a mhothaíonn tú faoi na nithe seo a scríobh síos sa chruth céanna.

Taitníonn.....liom

Mothaím

Taitníonn.....liom

Mothaím

Taitníonn.....liom

Mothaím

Taitníonn...liom,
Mothaím...

is ainm dom

CEAHT 7

A hAon: 7

SEASCANN NA GCROGALL

COINCHEAP LÁRNACH

Fásann an féinmheas nuair a fhoghlaimíonn muid conas ár dtalainn agus ár gcumais féin agus talainn agus cumas daoine eile a aithint agus a dhearbhu.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaithne
Féinfheasacht

Cuspóirí Ábhair

Plé a dhéanamh ar na gnéithe go léir a dhéanann duine speisialta agus uathúil agus iad a thuiscint.

Tosú ar chumais, scileanna agus tallann phearsanta a thuiscint, a aithint agus meas a bheith againn orthu.

■ **Snáithe:** Mise agus Daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

Cuspóir Ábhair

Difríochtaí i ndaoine a aithint agus a thuiscint agus fios a bheith againn conas plé le daoine eile le dínit agus meas.

COMHTHÁTHÚ

Corpoideachas

■ **Snáithe:** Cluichí

Snáithaonad: Cluichí a chruthú agus a imirt

Seoladh, fáil agus taisteal

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

■ **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin a fhiosrú, chomh maith le heolas agus smaointe, le teacht ar thuiscint

Snáithaonaid: Drámaíocht a fhiosrú agus a dhéanamh

Machnamh ar an drámaíocht

Comhoibriú agus cumarsáid I ndéanamh dráma

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Tá an ghníomhaíocht seo oiriúnach don chorpoidéachas, faoi dhíon nó lasmuigh. Is féidir leis a bheith glórach go leor freisin.

Ceacht 6 Ba cheart *Ag Cur Aithne Orm* a chríochnú sula ndéantar an ghníomhaíocht seo mar go dtugann sé deis do na páistí cuid den fhaisnéis a úsáid le dul thar an 'seascann'.

ACMHAINNÍ

- Spás gluaiseachta
- 25 fonsa beag nó mataí le feidhmiú mar charraigeacha nó ciorcail cailce ar an chlós
- Clog mór nó orláiste mór gainimh ionas gur féidir leis na páistí uainiú an cheachta a fheiceáil (orláiste fíorúil ar ríomhaire nó ar chlár bán idirghníomhach:
<http://www.classtools.net/education-games-php/timer>)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé
- Cluiche
- Plé
- Taispeántas

NÓS IMEACHTA SONRACH A hAon: 7

Plé

Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar chuid de na tréithe nó na cáilíochtaí dearfacha ar labhair siad fúthu sa cheacht roimhe seo. Iarr orthu smaoineamh ar na rudaí maith go léir atá le rá acu fúthu féin agus faoi dhaoine eile. B'fhéidir go mbeadh ort cabhrú leis na páistí ar dtús le moltaí faoi nithe dearfacha is féidir leo a rá fúthu féin, mar shampla:

- *Is cara maith mé*
- *Is féidir liom canadh*
- *Is féidir liom mo chuid leabhar a léamh*
- *Roinnim mo chuid bréagán*
- *Is maith liom barróg a bhreith ar mo Mhamó*
- *Tugaim aire do mo dheartháirín*

Cluiche

Cuir na fonsaí (nó mataí nó rudaí eile) timpeall go fánach sa spás imeartha le cuma carraigeacha nó clocha cora i seascann orthu. Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid samhlaíochta a úsáid agus ligean orthu gur sárlaochra iad agus go gcaithfidh siad an seascann a thrasnú le teacht ar shonas agus rath. Tig leo a shamhlú go bhfuil crogail sa seascann agus nach bhfuil de rogha acu le hiad a stopadh ó bharraicíní na bpáistí a chogaint ach smaoineamh go dearfach agus rud éigin maith a rá fúthu féin mar shárlaochra.

Téann na páistí trasna ó thaobh amháin go taobh eile, gach duine ar a sheal. Gach uair a sheasann siad ar charraig caithfidh siad rud éigin maith a rá fúthu féin. Má bhíonn páiste sáite agus an crogall diúltach ag cogaint ar na barraicíní, is féidir cuireadh a thabhairt do na sárlaochra eile (a gcomhdhaltaí) cabhrú leo trí rud éigin dearfach a rá faoin bpáiste atá ag iarraidh dul trasna. Más féidir, déan cuid de na focail agus na frásaí a úsáideann na páistí

a thaifeadadh agus a úsáid i dtaispeántas ranga. Is féidir an chuid seo den cheacht a dhéanamh thar roinnt seisiún le deis a thabhairt do gach páiste ar mian leo a bheith páirteach.

Plé

Bailigh na páistí i gCiorcal agus cuir cuid de na ceisteanna seo a leanas:

- *Conas a mhothaigh tú agus tú ag dul trasna an tseascainn?*
- *Cad a chabhraigh leat dul trasna?*
- *Cad a chuir moill ort?*
- *An raibh tú in ann cuid de na rudaí a bhí á rá ag na páistí eile le cabhrú leat a chloisteáil?*
- *An cuimhin leat aon cheann acu anois?*

Taispeántas

Bailigh le chéile cuid de na focail agus na frásaí a úsáideadh i rith ghníomhaíocht Seascann na gCrogall. Léigh cuid acu os ard don rang. Leis na páistí cruthaigh taispeántas mór crogall (sampla tugtha) don seomra ranga. Ansin, cuir isteach cuid de na focail agus na frásaí dearfacha a d'úsáid na páistí.

Síneadh

Nuair a thuigeann na páistí rialacha an chluiche, roinn i gcúig fhoireann iad. Cuir línte de charraigeacha daite trasna an tseascainn, le dath ar leith do gach foireann. Míneigh do na páistí go gcaithfidh gach foireann iarracht a dhéanamh seascann na gcrogall a thrasnú sula ritheann an gaineamh amach san orláiste nó sula gcloistear álarán an stopuairadóra. Spreag na foirne le gártha agus bualadh bos láidir a dhéanamh, agus gach sárlaoch ag dul trasna go sábháilte.

Seascann na gCrogall



"Tá ceol agam"

Cineálta

"Is féidir liom leabhair a léamh"

Cróga

"Is breá liom barróg a bhreith ar mo Mhamó"

Cairdiúil

"Tugaim aire do mo dheartháir óg"

Cabhrach

"Roinnim mo chuid bréagán"

CEAHT 8

A hAon:8

AN BOSCA DRAÍOCHTA

COINCHEAP LÁRNACH

Tá féinghlacadh rithábachtach don fhéinmheas

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaithe
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

Tosú ar chumais, scileanna agus tallann phearsanta a thuiscint, a aithint agus meas a bheith againn orthu.

■ **Snáithaonad:** Caidreamh le daoine eile

Cuspóir Ábhair

Aire agus bá, cúirtéis agus dea-bhéasa a chleachtadh i gcaidreamh le daoine eile.

■ **Snáithe:** Mise agus an Saol Mór

Snáithaonad: Saoránacht a fhorbairt
Pobal na Scoile

Cuspóir Ábhair

A thuiscint go bhfuil gach duine tábhachtach agus go bhfuil rud éigin uathúil luachmhar le tabhairt acu don rang.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithe:** Cumas agus muintín in úsáid teanga

Snáithaonad: Labhairt

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiúil

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonad: Líníochtaí a dhéanamh

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ionas go mbeidh éifeacht leis an mBosca Draíochta, is gá do gach páiste ainm an duine speisialta a choinneáil faoi rún go dtí go mbeidh deis ag gach páiste amharc isteach.

Déan faire ar an obair bheirte le cinntiú go mbíonn na páistí dearfach fúthu féin agus faoina chéile.

ACMHAINNÍ

- Maisigh bosca beag agus cuir scáthán isteach ann, ionas go bhfeicfidh gach duine a fhéachann isteach ann a aghaidh féin. Ba mhaith an rud é ceann a dhéanamh le haghaidh gach grúpa.
- Cárta A4
- Grianghraf de gach páiste - ní mór a rá leis na páistí ceann a thabhairt isteach.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEAHTA

- Plé
- Obair I mbeirteanna
- Taispeántas

NÓS IMEACHTA SONRACH A hAon: 8

Plé

Iarr ar na páistí roinnt daoine speisialta a ainmniú.

- *Cad a dhéanann daoine speisialta daoibh, dar libh?*

- *An bhfuil aithne agaibh ar aon duine speisialta?*

Tabhair cúpla nóiméad do na páistí leis na ceisteanna a fhreagairt. Cuir an bosca (nó na boscaí) draíochta i láthair agus mínigh go bhfuil pictiúr de dhuine speisialta istigh ann. Beidh cead ag gach duine amharc isteach agus a fháil amach cé atá ann, ach níl cead acu a insint cé atá ann go dtí go mbíonn seans ag gach duine.

Nuair a thagann páiste amach go barr an ranga le hamharc sa bhosca fiafraigh díobh cé a mheasann siad a fheicfidh siad. Nó, má tá roinnt boscaí ann, roinn na páistí i ngrúpaí agus tabhair bosca do pháiste amháin i ngach grúpa, le treoracha maidir lena oscailt, amharc agus é a chur ar aghaidh go dtí an chéad duine eile sa ghrúpa. Meabhraigh dóibh gan ainm an té a fheiceann siad sa bhosca a insint do dhuine ar bith.

Nuair atá an ceacht déanta acu go léir, fiafraigh de na páistí cé hé an duine speisialta. Nuair a deir siad 'Mise!' mínigh go bhfuil an bosca an-luachmhar mar go dtaispeánann sé gur duine speisialta gach duine. Pléigh an ceacht leis na páistí.

- *An raibh iontas oraibh nuair a chonaic sibh cé a bhí sa bhosca?*

- *Cad a rinne tú?*

- *Conas a mhothaigh tú nuair a chonaic tú tú féin?*

Labhair leis na páistí faoin gcaoi ar féidir le gach duine acu a bheith speisialta. Fiafraigh díobh an féidir leo smaoiniamh ar aon rud a dhéanann speisialta iad - ní mór duit a bheith réidh le cabhrú le páistí a dtréithe speisialta a aithint, nó a iarraidh ar na páistí cabhrú le chéile iad a aithint.

Obair i mbeirteanna

Eagraigh na páistí ina mbeirteanna. Iarr orthu labhairt lena bpáirtí faoina dtréithe speisialta agus comparáid a dhéanamh idir na bealaí éagsúla a bhfuil siad beirt speisialta.

Taispeántas

Ag úsáid na ngrianghraf a thug siad isteach leo, greamaíonn gach páiste a bpictiúr ar bhileog páipéir agus scríobhann siad: ...is ainm domsa. Tá mé speisialta.

Nó is féidir leis na páistí pictiúr díobh féin a tharraingt leis an mana céanna. Cuireann na páistí maisiúchán timpeall an ghrianghraif nó an phictiúir le fráma a chruthú.

Is féidir le daoine fásta tábhachtacha i saol an pháiste (múinteoir, tuismitheoirí, feighlí linbh, seantuismitheoir, príomhoide...) an spás atá fágtha a úsáid le focail a scríobh le cur síos a dhéanamh ar an bpáiste, mar shampla, sona, cineálta, peileadóir maith. D'fhéadfadh na páistí a iarraidh ar chara rud éigin a scríobh sa spás chomh maith.

D'fhéadfaí na cártaí a chur ar taispeáint sa seomra ranga, nó i Leabhar Daoine Speisialta do leabharlann an ranga.

CEACHT 9

A hAon:9

IS MISE, IS FÉIDIR LIOM, IS MAITH LIOM

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a aithnímid cosúlachtaí agus difríochtaí cabhraítear linn meas a thabhairt don ilghnéitheacht agus caidrimh a thógáil.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaithe
Féinfheasacht

Cuspóirí Ábhair

Na rudaí is fearr linn go pearsanta a aithint agus a thaifeadadh

■ **Snáithe:** Mise agus Daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

Cuspóir Ábhair

Difríochtaí i ndaoine a aithint agus a thuiscint agus fios a bheith againn conas plé le daoine eile le dínit agus meas.

Snáithaonad: Caidreamh le daoine eile

Cuspóir Ábhair

Aire agus bá, cuirtéis agus dea-bhéasa a chleachtadh i gcaidreamh le daoine eile.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithe:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Snáithaonad: Labhairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is ceart Bileog Oibre a hAon a úsáid nuair atá an ghníomhaíocht seo á cur i láthair ar dtús. Is féidir Bileog Oibre a Dó a úsáid nuair a bhíonn taithí ag na páistí ar an ghníomhaíocht.

B'fhéidir gur gá a mheabhrú do na páistí nó iad a spreagadh gan aon duine a fhágáil amach.

ACMHAINNÍ

- Bileog Oibre a hAon: Is Mise, Is Féidir Liom, Is maith liom. Ceann amháin de mhéid A3 le taispeáint nó le haghaidh míniúcháin, agus leagan fótachóipe A4 do gach páiste. Is féidir Bileog Oibre a Dó a úsáid ina dhiaidh sin mar obair shínithe

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Biongó Daoine
- Obair Chiorcail

Réamhrá

Iarr ar na páistí ceisteanna a chur mar a leanas:

- *An bhfuil ocras ort?*
- *An féidir leat snámh?*
- *An maith leat bainne?*

Nuair a thugann páiste freagra dearfach ar ráiteas, déan nóta de ar an gclár dubh nó déan é a chlósscríobh ar an gclár bán, m.sh. is féidir le Ciara snámh. Is maith le hEoin bainne.

Léirigh gur thug cuid de na páistí freagra diúltach ar cheisteanna áirithe nuair a thug páistí eile freagra dearfach. Táimid go léir éagsúil, sna rudaí a thaitníonn nó nach dtaitníonn linn, inár gcumas srl. Bímid mar an gcéanna le daoine eile go minic.

Biongó Daoine: Bileog Oibre a hAon

Taispeáin an Bhileog Oibre: Is mise, Is féidir liom, Is maith liom ar an gclár bán (nó ar bhileog A3) agus mínigh gach abairt agus pictiúr dóibh. Tabhair na scátháin amach do na páistí. Abair leo ansin dul timpeall an tseomra agus na ceisteanna ar an mbileog a chur ar na páistí sa rang go dtí go bhfaigheann siad duine a thugann freagra dearfach ar cheann dá gceisteanna.

Inseoidh an páiste sin dóibh conas a n-ainm a litriú agus líonfaidh siad isteach é ar an abairt cheart. Ní ceart go mbeadh ainm comhdhalta ar an bhileog chéanna níos mó ná aon uair amháin. Féadfaidh tusa freisin bileog a thógáil agus a bheith sa chluiche, ag éisteacht lena bhfuil ag tarlú idir na páistí agus ag cabhrú leo nuair is gá. Spreag na páistí le bheith deamhúinte cúirtiseach agus iad ag plé le chéile.

Obair Chiorcail

Cuir na páistí ina suí i gcorcal agus pléigh torthaí na bpáistí. Cuir ceisteanna mar:

- *An féidir leat rud éigin a rá linn faoina bhfuil foghlamtha agat faoi chara leat nach raibh ar eolas agat roimhe seo?*
- *Cé atá in ann rud éigin a insint dúinn faoi... (ainm páiste)?*
- *Cé hiad na páistí a bhfuil cat acu?*
- *An bhfuair tú aon rud amach a chuir iontas ort?*
- *Ar mhaith leat a rá linn cén fáth?*
- *Ar thaitin an ghníomhaíocht seo libh?*
- *Tuige? Tuige nár thaitin?*

Síneadh


Is féidir na leaganacha sínte den bhileog oibre a úsáid i gceachtanna eile.

Dán

Is maith liomsa an bháisteach
Is maith leatsa an ghrian
Is féidir leatsa rith
Is maith liomsa pizza
Is maith leatsa stobhach
Tá mise sna naíonáin shinsearacha
Agus tá tusa chomh maith!

Féadfaidh na páistí seasamh ina mbeirteanna agus a seal a ghlacadh leis an dán a rá, ag díriú méire orthu féin agus ansin ar a bpáirtí le gach líne.

Is Mise, is Féidir Liom,
Is Maith Liom



Is Mise


.....

.....

is Féidir Liom

.....

.....




Is Maith Liom

.....

.....

Is Mise, is Féidir Liom,
Is Maith Liom



Is mise



tá madra ag



uachtar reoite



6 bliana d'aois



rothaíocht



súgradh le cara



báibín deartháir/deirfiúra



siúl ar scoil



ábalta snámh

AONAD A DÓ NA CÚIG CHÉADFAÍ

MISNEACH



C L Á R

AONAD A DÓ NA CÚIG CHÉADFAÍ

SNÁITHE MISE

Snáthaonaid Féinaithne
Aire do mo chorp
Sábháilteacht agus
cosaint

SNÁITHE MISE AGUS AN SAOL MÓR

Snáithaonad Forbairt na Saoránachta
Oideachas sna meáin

RÉAMHRÁ DON AONAD

Cuirtear béim san aonad seo ar an domhan a thaiscéalú trí obair leis na cúig chéadfaí. Leis sin, léirítear gur féidir leis an saol a bheith contúirteach, agus nach mór a bheith cúramach i gcúinsí áirithe. Spreagtar na páistí lena gcéadfaí a úsáid i rith na gceachtanna seo agus le fáil amach conas a oibríonn na céadfaí le chéile, ar bhealach taitneamhach spráúil.

Tá Sláinte agus Sábháilteacht lárnach mar théama san aonad seo. Is féidir leis a bheith deacair do pháistí óga freagracht a ghlacadh as a n-iompar sláinte féin. Nuair atá an t-aonad seo á fhorbairt, tá tacaíocht na dteaghlach agus na dtuismitheoirí tábhachtach.

Dírítear ar an samhlaíocht san aonad seo agus déantar é seo a fhorbairt trí léirshamhlú agus gluaiseacht. Feabhsaítear forbairt teanga agus an céadfa éisteachta le ceacht ar rím. Déantar feasacht agus íogaireacht faoi mhíchumas a fhí isteach san aonad chomh maith.

Tugtar moltaí maidir le Limistéir Gníomhaíochta na gCúig Chéadfaí a bhunú ag tús an aonaid.

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1 Na Cúig Chéadfaí
Ceacht 2 Triail Blais
Ceacht 3 Cad atá sa Bhosca
Ceacht 4 Cad a bholaíonn tú?
Ceacht 5 Éist!
Ceacht 6 Turas sa Dufair

Limistéir Gníomhaíochta na gCúig Chéadfaí

Cé nach bhfuil an limistéir gníomhaíochta riachtanach do na ceachtanna faoi bhraistint chéadfach, feabhsóidh sé taithí foghlama na bpáistí ar a lán bealaí. Feidhmíonn an limistéir mar phointe fócais do na páistí. Spreagann sé spéis agus rannpháirtíocht sa téama agus tugann deis do na páistí go léir a bheith rannpháirteach. Spreagtar an fhoghlaim neamhspleách, don pháiste aonair agus do pháistí atá ag obair i ngrúpaí. Ar deireadh thiar, feidhmíonn an limistéir gníomhaíochta mar ionad lárnach le comhbhábhair an téama a stóráil agus obair chríochnaithe a thaispeáint.

Limistéir gníomhaíochta a shocrú

Beidh spás oibre agus spás bhalla ag teastáil don limistéir gníomhaíochta. D'fhéadfaí bord a úsáid mar spás oibre. Ba mhaith an rud leabhragán agus mata nó cúisíní urláir a chur leis. Is féidir pictiúir, leabhair agus ábhair thagartha eile a fhágáil ar sheilf íseal ionas go mbeidh fáil ag na páistí go héasca orthu.

Is féidir an balla a mhaisiú le meirgí aon fhocail agus pictiúir ghearrtha amach de shúile, cluasa, sróna, béil agus lámha, chomh maith le hobair a chruthaíonn na páistí agus an téama á fhiosrú acu.

AONAD A DÓ NA CÚIG CHÉADFAÍ

Is féidir aon leabhair a bhaineann leis an téama a bhailiú agus a thaispeáint sa leabhragán.

I rith na tréimhse a thugtar don téama, eagraigh am laethúil inar féidir le grúpaí beaga páistí dul ar cuairt ar an limistéar, más féidir, agus na gníomhaíochtaí a rinneadh leis an rang go léir a dhéanamh arís, mar shampla, boscaí buille faoi thuairim.

Is féidir Boird Bhlaiseadh Uigí a chur ar bun agus bia d'uige éagsúil a chur ar gach bord. Cuir na páistí i ngrúpaí ansin agus iarr orthu dul timpeall na mbord.

Ag gach bord blaiste, iarr ar na páistí triail a bhaint as an bhia agus focal oiriúnach a úsáid le cur síos air, mar shampla:

iógart = mín, sú

cairéid, maide = briosc

mealbhacán=sramach.

CEAHT 1

NA CÚIG CHÉADFAÍ

COINCHEAP LÁRNACH

Foghlaimíonn paistí óga de bharr taithí chéadfach. Má thugtar deiseanna dóibh an saol a bhreathnú agus a thaiscéalú trína gcéadfaí cabhróidh sé leo a gcuid eolais a fhás agus muinín a ghnóthú.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise
- Snáithaonad:** Féinaithe
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

A bheith eolach faoin domhan láithreach trí na céadfaí.

- Snáithaonad:** Aire do mo chorp
Eolas faoi mo chorp

Cuimhnigh:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóir Ábhair

Fiosraigh agus pléigh na rudaí éagsúla a dhéanann an corp.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Oscailteacht do theanga
Cumas agus muinín in úsáid teanga

- Snáithaonad:** Labhairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Chomh maith lenár gcéadfaí a úsáid le nithe a aithint, tugann ár gcéadfaí rabhadh dúinn faoi chontúirt. Is ceart béim a chur air seo agus tú ag caint leis na páistí.

ACMHAINNÍ

- Pictiúr de chat
- Oráiste
- Bréagán bog
- Úll
- Púicíní
- Bileog Oibre: Na Cúig Chéadfaí

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Cluiche
- Plé
- Dán
- Bileog Oibre

Cluiche

Taispeáin pictiúr den chat do na páistí agus fiafraigh díobh cén t-ainmhí atá ann.

- *Conas atá a fhios agaibh cad atá ann?* (Trí amharc air).

Cuir púicíní ar roinnt de na páistí. Gearr oráiste i ndhá leath agus iarr ar na páistí é a bholú.

- *An bhfuil a fhios agaibh cad atá ann?*

- *Conas a bhí a fhios agaibh cad a bhí ann gan é a fheiceáil?* (Trí bholú).

Cuir púicíní ar ghrúpa eile agus cuir bréagán bog timpeall ina measc. Nuair atá gach duine tar éis é a bhraith iarr orthu a thomhas cad atá ann.

- *Conas a bhí sibh in ann é sin a dhéanamh gan é a fheiceáil?* (Trí thadhall).

Cuirtear púicíní ar an tríú grúpa. Tugtar píosa beag úill do gach páiste. Mínigh go dteastaíonn uait go n-íosfadh siad é agus a insint duit cad atá ite acu.

- *Conas a bhí sibh in ann é sin a dhéanamh?* (Trí bhlaiseadh).

Nó is féidir mála de mhilseáin bheaga a úsáid agus deis a thabhairt do gach páiste ceann a bhlaiseadh.

Seinn fuaim madra ag tafann.

- *Cad í an fhuaim sin?*

- *Conas atá a fhios agaibh nuair nach féidir an madra a fheiceáil ná é a mhothú?* (Trí éisteacht leis an fhuaim).

Plé

Ceisteanna do na páistí:

- *An bhfuil a fhios ag aoinne conas a fhaighimid rudaí amach sa saol seo?*

- *Conas a fuair muid amach cad a bhí sa bhréagán bog? Sin é, d'úsáid muid an tadhall.*

- *Tá cúig chéadfa againn a chabhraíonn linn an saol a fhiosrú - an bhfuil a fhios agaibh cad iad na cinn eile?*

Tarraing imlíne de pháiste agus iarr ar na páistí a insint duit cá bhfuil na céadfaí lonnaithe sa chorp agus mórthimpeall air. Mínigh do na páistí go bhfuil an craiceann ar ár gcorp go léir íogair ó thaobh tadhail de ach go mothaímid rudaí lenár lámha. Píocann néarchinn bhídeacha sa chraiceann teachtaireachtaí suas faoi rud.

- *An bhfuil sé cruá nó bog, te nó fuar, garbh nó mín?*

Fiosraigh gach céadfa ar a sheal, ag fiafraí de na páistí:

- *Bolaithe a thaitníonn nó nach dtaitníonn leo*

- *Fuaimeanna arda nó boga*

- *Blasanna a thaitníonn nó nach dtaitníonn leo*

- *Rudaí atá bog, cruá nó géar le mothú*

- *Na rudaí a fheiceann siad agus a thaitníonn nó nach dtaitníonn leo.*

Féadfaidh na páistí a phlé ar thaitin nó nár thaitin dreach, boladh, tadhall, blas, nó fuaim na rudaí éagsúla ón gcluiche Cén Chéadfa? leo

Cé go gcabhraíonn ár gcéadfaí linn nithe a aithint, tugann siad rabhadh dúinn freisin faoi chontúirt. Iarr ar na páistí smaoiniamh ar shamplaí de seo. (Fiosrófar é seo arís i gceacht eile.)

Dán

Cuir an dán Domhan Iontach i láthair na bpáistí. Is féidir an dán a thaispeáint i Limistéar Gníomhaíochta na gCúig Chéadfaí ar feadh an aonaid seo.

Domhan Iontach

*Feicim
Crainn agus féar
An ghrian agus an spéir;
Blaisim
Uachtar reoite seacláide,
Píog úll;
Cloisim
Ceol, gáire
Do chuid focal;
Bolaím
Cumhrán, bláthanna,
Arán ag bacáil;
Teagmhaím
le síoda agus veilbhit,
Craiceann linbh;
Nach iontach an Domhan
Ina bhfuilim*

- Eva Grant

Bileog Oibre

Críochnaíonn na páistí an **Bhileog Oibre: Na Cúig Chéadfaí**. Nó is féidir é seo a dhéanamh sa bhaile.

Na Cúig Chéadfaí



Is mise

Tarraing líne le meaitseáil a dhéanamh

Cloisim le



Bolaím le



Teagmhaím le



Feicim le



Blaisim le



CEAHT 2

TRAIL BLAISTE

A Dó: 2

COINCHEAP LÁRNACH

Blaisfidh páistí bia nua go minic má dhéantar mar chluiche é le páistí eile. Ar an gcaoi seo is féidir a mblas a fhorbairt.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise
- **Snáithaonad:** Féinaithne
Féinfheasacht

Cuspóirí Ábhair

Na rudaí is fearr linn go pearsanta a aithint agus a thaifeadadh

A bheith eolach faoin domhan láithreach trí na céadfaí.

- **Snáithaonad:** Aire do mo chorp
Bia agus Cothú

Cuspóir Ábhair

Tuiscint a fháil ar thábhacht an bhia ó thaobh fáis agus forbartha de.

Fiosraigh roghanna bia agus a ról in aiste chothromaithe bia.

Pléigh agus fiosraigh cáilíochtaí agus cineálacha bia.

- **Snáithaonad:** Ag fás agus ag athrú
Agus mé ag fás bíonn mé ag athrú

Cuimhnigh:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóir Ábhair

Cuid de na tosca a chothaíonn fás a aithint.

- **Snáithaonad:** Sábháilteacht agus Cosaint
Ceisteanna sábháilteachta

Cuspóir Ábhair

A thuiscint go bhfuil a lán substaintí a úsáidtear sa bhaile nó ar scoil contúirteach agus gur ceart cead a lorg sula bhfiosraítear cad atá iontu.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithe:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
- **Snáithaonad:** Labhairt

Mata

- **Snáithe:** Gníomhaíochtaí luatha matamaitice
- **Snáithaonad:** Rangú, meaitseáil, comparáid, cur in ord

OSCE - Eolaíocht

- **Snáithe:** Nithe Beo
- **Snáithaonad:** Mise

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ní mór litir a chur amach chuig na tuismitheoirí timpeall seachtain sula ndéantar an ceacht.

Sula nglacann siad páirt sa ghníomhaíocht seo, is ceart do na páistí a lámha a ní.

Ní ceart iallach ná brú a chur ar aon pháiste rudaí a bhlaiseadh nach mian leo.

D'fhéadfadh sé a bheith níos éasca an blaiseadh bia a eagrú má roinntear na páistí ina ngrúpaí beaga agus má oibríonn tú leo ceann ar cheann thar cúpla lá, nó má bhíonn duine fásta nó beirt ann le cabhrú.

B'fhéidir go bhfuil an scoil páirteach sa togra Food Dudes (Bordbia.ie), agus má tá is féidir é seo a úsáid sa cheacht seo.

AONAD A DÓ

TRIAIL BLAISTE

A DÓ:2

ACMHAINNÍ

- Litir Shamplach do Thuismitheoirí
- Próca meala, craicir nó criospaí saillte, deoch líomóide
- Don triail blaiste beidh cipíní cairéid, slisne úll, deighleoga mandairín, ciúbanna cáise ag teastáil
- Bileog Oibre: Blaiseadh
- Bileog Oibre: Na Bianna is Fearr Liom

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Dán
- Plé
- Blaiseadh agus Bileog Oibre
- Bileog Oibre

Dán

Abair an dán: *Domhan Iontach* arís leis na páistí (féach an ceacht roimhe seo)

Plé

Labhair leis na páistí faoin obair a rinne siad sa cheacht roimhe seo ar na céadfaí. Taispeáin oráiste do na páistí agus fiafraigh cad atá ann.

- *Cén ceann de na céadfaí a d'inis daoibh cad a bhí ann?*

- *Dá gcuirfí púicín ort, an mbeadh a fhios agat?*

- *Cad iad na céadfaí eile a bheadh úsáideach?*

Fiafraigh de na páistí an bhfuil a fhios acu cá mblaisimid rudaí. Mínigh go bhfuil an teanga clúdaithe leis na mílte blaslóga. Féadfaidh siad a dteanga a mhothú lena lúidíní.

- *Conas a mhothaíonn sé?*

- *An bhfuil sé mín nó garbh?*

Fiafraigh de na páistí an bhfuil aon bhlas ar eolas acu:

- *Nuair a itheann tú milseán cad é an príomhbhlas atá air? (milis)*

- *Bíonn blas eile ar chríospaí mar go bhfuil rud éigin croite orthu, an bhfuil a fhios agat cad é? (salann)*

- *Dá n-íosfá líomóid, cén blas a bheadh uirthi? (searbh)*

- *Ar bhlais tú bainne riamh nuair nach raibh sé úr? Cén blas a bhíonn air? (géar)*

Mínigh gurb iad seo na ceithre bhlas bunúsach atá ann - salann, milis, searbh, géar. Féadfaidh na páistí triail a bhaint as mil, críospaí agus deoch líomóide a bhlaiseadh.

- *An raibh an líomóid searbh nó milis?*

- *Cén bia a bhí salannach?*

Iarr orthu bianna leis na ceithre bhlas seo a ainmniú.

- *Cad iad na blasanna a thaitníonn libh?*

- *Cad iad na blasanna nach dtaitníonn libh?*

Iarr ar na páistí cuid de na bianna is fearr leo a ainmniú.

- *Nuair a bhíonn tú sa chistin sa tráthnóna an féidir leat a rá cad atá á chócaráil gan amharc isteach sa sásan? Conas?*

Mínigh go bhfuil nasc idir ár gcéadfaí blais agus bolaidh. Nuair a bholaímid bia, cuireann na néaróga sa srón teachtaireacht go dtí an inchinn le cabhrú linn é a aithint.

Blaiseadh agus Bileog Oibre

Tarraing samplaí de thrí aghaidh ón bhileog oibre ar an chlár dubh agus mínigh gach ceann do na páistí. Nó taispeáin an bhileog oibre ar an gclár bán.

Más maith leis na páistí an bia a bhlaiseann siad tarraingíonn siad meangadh, mura maith leo é tarraingíonn siad strainc agus má shíleann siad go bhfuil sé ceart go leor tarraingíonn siad líne dhíreach.

Cuirtear ceithre bhia ar bhord íseal ansin agus na lipéid A,B,C, D ar na plátaí.

Tabhair cuireadh do na páistí na bianna a bhlaiseadh agus an **Bhileog Oibre: Blaiseadh** a líonadh isteach. Iarr orthu pictiúr a tharraingt nó ainm an rud a bhlaiss siad a scríobh agus a chur in iúl ar thaitin sé leo nó nár thaitin leis an aghaidh chúí a tharraingt.

Nuair a bhíonn deis ag gach páiste na bianna a bhlaiseadh, is féidir iad a roinnt ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga lena bhfreagraí a chur i gcomparáid le chéile.

D'fhéadfaí na ceisteanna seo a leanas a chur le plé ranga a thosú:

- *Cad iad na bianna a bhí éasca le hainmniú?*
- *Cad na bianna a thaitin leis an méid is mó daoine?*
- *Cad a tharlódh mura n-íosfaimis ach bia a thaitníonn linn an t-am go léir?*
- *Dá n-íosfaimis rudaí milse i gcónaí?*
- *Cad a bheadh go maith dúinn?*

Spreag na páistí lena thuiscint go bhfuil gá le cothromaíocht sa réim bia, agus go bhfuil an éagsúlacht tábhachtach dár sláinte. Tá bianna áirithe riachtanach don chorp le fás aníos láidir agus sláintiúil. Ceisteanna do na páistí:

- *An bhfuil a fhios agaibh cad iad na bianna atá go maith dár gcorp, do na fiacra agus na cnámha?*

Má tá beartas i leith lón sláintiúil ag an scoil, is féidir é seo a phlé agus a threisiú leis na páistí.

Labhair leis na páistí faoin gcaoi ar féidir lenár gcéadfa blais sinn a chur ar an airdeall faoi chontúirt. Mar shampla, má bhlaisimid rud atá géar, is rabhadh é nár cheart dúinn é a ithe nó a ól.

- *Conas a bhíonn a fhios agat nach bhfuil an blas ceart ar rud?*
- *Cad is ceart duit a dhéanamh?*

Cuir béim ar an teachtaireacht sábháilteachta seo: Ná blais agus ná cur aon rud i do bhéal a bhfuil amhras ort faoi. Téigh i gcomhairle le duine fásta ar dtús.

Bileog Oibre

Is féidir an **Bhileog Oibre: Na Bianna is Fearr Liom** a thabhairt do na páistí le líonadh isteach sa bhaile.

Síneadh

Súgradh Samhlaíoch

Cuir Siopa Bia nó Bialann ar bun sa limistéar súgartha samhlaíoch. Iarr ar na páistí frapaí a chur ar fáil, ar nós biachlár, scipéad airgid, soithigh fholmha, sceanra - na rudaí a bheadh ar fáil i ngnáthshíopa nó i mbialann. Cuir lipéid ar rudaí le léitheoireacht a fhorbairt.

Spreag na páistí le páirteanna ar leith a ghlacadh sa limistéar súgartha samhlaíoch. Is féidir hataí, frapaí nó éadaí éagsúla a úsáid le páirteanna a idirdhealú. Spreag na dea-scileanna sóisialta trína thaispeáint conas earra a iarraidh nó béile a ordú ón mbiachlár. Déan forbairt ar an imirt róil trí iarraidh ar na páistí conas a dhéanfadh custaiméir 'cantalach' nó 'cairdiúil' béile a ordú. Fág an seit seo ann ar feadh cúpla seachtain agus tabhair am do na páistí súgradh struchtúrtha agus saor a dhéanamh d'fhonn an iliomad féidireachtaí a eascraíonn as a leithéid de shuíomh a fhiosrú agus foghlaim uathu.

LITIR SHAMPLACH DO THUISMITHEOIR

Dáta _____

A Thuismitheoir/Chaomhnóir a chara,

Mar chuid den obair ar na cúig chéadfaí, beidh roinnt bianna á mblaiseadh ag na páistí ar scoil an tseachtain seo chugainn. Déan an stiall thíos a chomhlánú agus a shíniú agus cuir ar ais chun na scoile amárach í le do thoil.

Go raibh maith agat,

Múinteoir an Ranga

Ainm an Pháiste:

níl aon ailléirge bia ag an bpáiste seo.

Síniú:

Dáta:


Ainm an Pháiste:

Tá alléirge ag an bpáiste seo do na bianna seo:

Síniú:

Dáta:

Blaiseadh



Is mise



Is Maith



Maith go Leor




Ní Maith

A

Cad a bhlaiss tú?


An maith leat an blas?



B

Cad a bhlaiss tú?


An maith leat an blas?



C

Cad a bhlaiss tú?


An maith leat an blas?




D

Cad a bhlaiss tú?

An maith leat an blas?





An Bia is Fearr Liom





Is mise

Tarraing an béile is fearr leat



Cuir ceist ar dhuine sa bhaile faoin bhéile is fearr leo.
Tarraing ar phláta é.



CEAHT 3

CAD ATÁ SA BHOSCA?

A DÓ: 3

COINCHEAP LÁRNACH

Faighimid a lán amach faoin saol trí mhothú.

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonad: Labhairt

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaithne
Féinfheasacht

OSCE - Eolaíocht

Snáithe: Nithe Beo

Snáithaonad: Mise

Cuspóir Ábhair

A bheith eolach faoin domhan láithreach trí na céadfaí.

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Déan ullmhúchán don ghníomhaíocht le boscaí nó soithigh bheaga le cúig rud beag i ngach ceann acu. (Is féidir iad seo a úsáid níos déanaí le haghaidh cluichí comhairimh agus gníomhaíochtaí matamaitice eile). Is féidir na tráidirí a ullmhú roimh ré chomh maith don eispéireas tadhlaigh.

Snáithaonad: Aire do mo chorp
Eolas faoi mo chorp

Cuimhnigh:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

ACMHAINNÍ

- Boscaí nó soithigh bheaga.
- Rudaí beaga ar nós boinn airgid, cnaipí, mirlíní, criáin, sliogáin, bréagáin bheaga - roinnt bheag de gach cineál sna boscaí nó sna soithigh bheaga.
- Tráidirí d'ábhair le huige éagsúil: páipéar stialta, sliseanna adhmaid, gairbhéal, olla, lintilí.
- Púicíní
- Lámhainní garraíodóireachta nó lámhainní tiubha eile - péire amháin do gach grúpa

Cuspóir Ábhair

Fiosraigh agus pléigh na rudaí éagsúla a dhéanann an corp.

Snáithaonad: Ag fás agus ag athrú
Braistint agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

Ócáidí inar féidir mothúcháin dhearfacha a spreagadh iontu féin a fhiosrú agus a phlé.

Snáithaonad: Sábháilteacht agus Cosaint
Ceisteanna sábháilteachta

Cuspóir Ábhair

Fiosraigh conas is féidir timpistí a sheachaint sa bhaile, ar scoil, ar an fheirm, nó san uisce.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Gníomhaíocht Thadhlaigh
- Cluiche
- Plé
- Dán

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithe:** Cumas agus muinín in úsáid teanga

Gníomhaíocht Thadhlaigh

Cuir an t-eispéireas tadhlaigh i láthair na bpáistí trí thráidirí d'ábhair le huigí éagsúla a sholáthar: páipéar stiallta, sliseanna adhmaid, gairbhéal, olla, lintilí, srl. Bíodh focail éagsúla ar fáil ar cártaí do na páistí lena dteanga thuairisciúil a fhorbairt, m.sh. cruath, garbh, mín, srl. Tabhair deiseanna dóibh na huigí éagsúla a mhothú. Féadfaidh cuid de na páistí na focail a chur leis na hábhair agus a phlé cén fáth gur roghnaigh siad na focail áirithe sin.

Cluiche - Tomhais

Iarr ar pháiste púicín a chur air/uirthi agus rud a ainmniú, mar shampla, teidí, gan ach tadhlaigh a úsáid. Féadfaidh na páistí tuairisc a thabhairt faoin rud atá á mhothú acu agus púicín orthu. Déan arís é le páistí eile agus rudaí eile.

Pléigh an ceacht leis na páistí.

- *Conas a d'fhéadfá a rá cad atá i lámh agat munar féidir é a fheiceáil?*

- *Cad iad na rudaí a bhí cruath/bog nó garbh/mín....?*

Mínigh go bhfuil néaróga beaga bídeacha faoinár gcráiceann a chuireann teachtaireachtaí go dtí an inchinn faoi na nithe a mhothaímid. D'fhéadfaí iad a chur i gcomparáid le sreangacha leictreacha a thugann seirbhís ríthábhachtach isteach inár dtithe agus inár scoileanna. Iompraíonn néaróga teachtaireachtaí ó áit go háit, mar a dhéanann sreangacha leictreacha, agus tá siad an-tábhachtach dár sábháilteacht.

Oibríonn na páistí i ngrúpaí ansin. Tabhair bosca agus púicín do gach grúpa. Caitheann páiste amháin an púicín agus tugann páiste eile na rudaí ón mbosca don pháiste sa phúicín le tomhas a dhéanamh. Malartaíonn na páistí a

bpáirteanna agus déantar na boscaí a mhalartú le grúpa eile.

Plé

Tabhair lámhainní tiubha garraíodóireachta do bhall amháin de gach foireann. Iarr ar an bpáiste na lámhainní tiubha garraíodóireachta a chur air agus tuairisc a thabhairt faoi rud agus an púicín air. Labhair faoin gcaoi a bheimis mura mbeimis ábalta aon rud a mhothú leis na lámha... mura mbeadh an céadfa mothúcháin againn. An mbeadh a fhios againn go raibh rudaí te nó fuar, géar, bog, srl?

Cabhraíonn an céadfa mothúcháin linn rudaí a aithint, ach is féidir leis rabhadh a thabhairt dúinn faoi chontúirt chomh maith. Iarr ar na páistí smaoineamh ar shamplaí de seo.

- *Conas a choinneodh ár gcéadfa mothúcháin sábháilte sinn?*

Cuir treise leis an teachtaireacht faoi fhanacht sábháilte:

- *Beirigí ar lámha agus fan in aice le duine fásta sábháilte nuair a théann sibh amach. Ná teagmhaigh le rudaí géara agus ná hardaigh suas iad. Téigh i gcomhairle le duine fásta sábháilte ar dtús.*

Dán

Aithris an dán: **Domhan Iontach** arís leis na páistí.

Conclúid

Fiafraigh de na páistí cad a thaitin leo faoin cheacht, agus spreag iad leis an teanga thadhlach a cuireadh i láthair nó a cleachtaíodh sa cheacht a úsáid. Luaigh gur minic a bhíonn nasc idir an mothú agus mothúchán na sábháilteachta, mar shampla nuair a bheirtear barróg orainn nuair a bhíonn eagla orainn nó nuair a bhíonn muid gortaithe, nó nuair a bheirimid ar lámha a chéile le bheith slán sábháilte.

Síneadh

Is iontach an acmhainn an Brath-Mhála le cruthanna 2T a fhiosrú sa mhata, ag úsáid foclóir sleasa agus cúinní. Is féidir uigi éagsúla a fhiosrú ar an gcaoi chéanna.

Scéal

Úsáid an leabhar pictiúr: **Hug le Jez Alborough** (Walker Books Ltd, 2001).

CEAHT 4

CAD A BHOLAÍONN TÚ?

A DÓ: 4

COINCHEAP LÁRNACH

Úsáidimid an céadfa bolaidh leis an domhan a fhiosrú. Tá céadfa an bholaidh an-tábhachtach don tsábháilteacht.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaithne
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

A bheith eolach faoin domhan láithreach trí na céadfaí.

Snáithaonad: Aire do mo chorp
Eolas faoi mo chorp

Cuimhnigh:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóir Ábhair

A thuiscint cén fáth gur gá aire a thabhairt don chorp lena choinneáil sláintiúil folláin.

A thuiscint go mbíonn ar gach duine aonair freagracht a ghlacadh as aire a thabhairt dóibh féin.

Snáithaonad: Sábháilteacht agus Cosaint
Sábháilteacht phearsanta

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscóil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

Cuspóir Ábhair

Féachaint ar an gcaoi ar féidir le daoine eile tathaint orthu iompar neamhshábháilte a dhéanamh.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithe:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cogaíoch a fhorbairt le teanga

Snáithaonad: Labhairt

OSCE - Eolaíocht

■ **Snáithe:** Nithe Beo

Snáithaonad: Mise

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiúil

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonad: Líníochtaí a dhéanamh

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is ceart treoracha a bheith sa cheacht do pháistí maidir le haire a thabhairt don tsrón - í a choinneáil glan, gan a bheith ag smúrthacht ar rudaí nach bhfuil siad cinnte fúthu, gan aon rud a shá suas sa tsrón mar gur féidir leis sin bac a chruthú.

ACMHAINNÍ

- Púicín
- Cnuasach de ghnáthrudáí laethúla a bhfuil boladh láidir astu m.sh. gallúnach, oinniún, bláthanna, criospaí, Babywipes.
- Irisí, catalóga ollmhargaidh, siosúir, gliú agus páipéar taispeána.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Plé
- Gníomhaíocht Bholaidh
- Colláis
- Plé
- Dán

Plé

Abair leis na páistí a shamlú gur luchta iad atá ag lorg cáise - cad iad na céadfaí a d'úsáidfidís?

- *An féidir libh smaoineamh ar ainmhithe eile a úsáideann an tsrón le bia a fháil? Nó contúirt a aithint?* (muca, madraí)

Spreag na páistí lena srón a mhothú agus a rá cad leis a bhfuil siad cosúil.

- *An bhfuil a fhios agat cén fáth go bhfuil srón agat?* (Aer a tharraingt isteach agus amach as an chorp, an t-aer a ghlanadh agus é ag dul isteach, rudaí a bholú).

Mínigh gur féidir leis an tsrón rabhadh a thabhairt dúinn faoi chontúirt chomh maith le cabhrú linn rudaí a aithint.

- *Cathain, dar libh?*

- *Insíonn an céadfa bolaidh dúinn go bhfuil tine ann, nó go bhfuil bia lofa agus go bhféadfadh sé tú a dhéanamh tinn.*

- *Ar bholaigh sibh bainne géar riamh?*

Meabhraigh na rialacha sábháilteachta a tugadh isteach sa rang deireanach do na páistí.

- *Ná blais agus ná cur aon rud i do bhéal a bhfuil amhras ort faoi. Téigh i gcomhairle le duine fásta ar dtús.*

- *Beirigí ar lámha agus fan in aice le duine fásta sábháilte nuair a théann sibh amach.*

- *Ná teagmhaigh le rudaí géara agus ná hardaigh suas iad. Téigh i gcomhairle le duine fásta sábháilte ar dtús.*

Labhair leis na páistí faoi chomh tábhachtach is atá sé aire a thabhairt don tsrón, mar shampla, trí chiarsúir a úsáid agus a dhiúscairt i gceart, séideadh go réidh, gan aon rud a shá isteach sa tsrón, gan an tsrón a phiocadh, na lámha a ní go rialta. An féidir leat smaoineamh ar riail faoi aire a thabhairt do do shrón? (Boladh agus smúrthaíl a dhéanann an tsrón, ní sá ná piocadh!)

Gníomhaíocht an Bholaidh

Iarr ar dhalta teacht chun tosaigh le gníomhaíocht an bholaidh dhaill a dhéanamh. Cuir púicín ar an bpáiste agus tabhair cuireadh dóibh cuid de na rudaí atá bailithe don cheacht a ainmniú. Tabhair deis don oiread páistí agus is féidir. Labhair leis na páistí faoi na bolaithe:

- *Cad iad na rudaí a bhfuil boladh deas uathu?*

- *Cad iad na rudaí nach bhfuil boladh deas uathu?*

- *Cén boladh is fearr leat?*

- *An féidir leat a rá uaireanta ón mboladh cad atá á ullmhú don dinnéar?*

Colláis

Roinn na páistí ina ngrúpaí beaga. Iarr orthu caint le chéile ar feadh cúpla nóiméad faoi rudaí a bhfuil boladh deas uathu, dar leo.

- *An bhfuil bolaithe ann nach maith libh?*

Tabhair amach na hirisí. Ag obair le chéile sna grúpaí, faigheann na páistí pictiúr de rudaí a dtaitníonn a mboladh leo agus de rudaí nach maith leo a bholú agus stróiceann siad nó gearrann siad amach iad. Is féidir iad a ghreamú ar dhá chairt bhalla.

Plé

Pléigh leis na páistí cén fáth go bhfuil sé antábhachtach gan a bheith ag smúrthacht ar nithe nach bhfuil siad cinnte fúthu. Mínigh gur féidir leo a bheith an-tinn má bholaíonn siad roinnt rudaí agus má iarrann páistí níos sine orthu rud a bholú as buidéal nó mála nár chóir dóibh é sin a dhéanamh, ach a insint do dhuine fásta sábháilte cad a tharla.

Dán

Aithris an dán: **Domhan Iontach**. Ba chóir go mbeadh na páistí ábalta é a rá faoin am seo. Féadfaidh na páistí cóip de a mhaisiú le taispeáint sa seomra ranga.

CEAHT 5

ÉIST!

A DÓ:5

COINCHEAP LÁRNACH

Tá ár gcéadfa éisteachta an-úsáideach le muid a choinneáil sábháilte, agus le héisteacht le daoine eile.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise
- **Snáithaonad:** Féinaithe
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

A bheith eolach faoin domhan láithreach trí na céadfaí.

- **Snáithaonad:** Sábháilteacht agus Cosaint
Sábháilteacht phearsanta

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscóil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

Cuspóirí Ábhair

Ainmnigh láithreacha agus áiteanna atá sábháilte agus iad sin ina bhféadfadh sábháilteacht phearsanta a bheith i mbaol.

Ceisteanna sábháilteachta

Fiosraigh conas is féidir timpistí a sheachaint sa bhaile, ar scoil, ar an fheirm, nó san uisce.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithe:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
- **Snáithaonad:** Labhairt

Oideachas Ealaíona - Ceol

- **Snáithe:** Éisteacht agus freagairt
- **Snáithaonad:** Fuaimeanna a fhiosrú

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Bheadh taifeadán gutha digiteach nó fón póca an-úsáideach sa cheacht seo. Déan taifeadadh ar fhuaimneanna sa seomra ranga, timpeall na scoile agus lasmuigh roimh ré. Nó d'fhéadfadh foinse fuaimeanna a bheith cheana féin sa scoil agus d'fhéadfaí é sin a úsáid.

ACMHAINNÍ

- Leabhar Rannta do Pháistí
- Arracht Ríme - déanta as bosca maisithe gránach. Beidh spás ag teastáil le haghaidh béil mar a mbeidh sé á 'chothú' ag na páistí le focail I rím.
- Taifeadadh fuaimeanna as timpeallacht an pháiste.
- Bileog Oibre: Cad iad na Fuaimeanna?

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Seal na Ríme
- Cleachtadh Éisteachta
- Bileog Oibre

Seal na Ríme

Cuir coincheap na ríme i láthair na bpáistí. Scríobh péirí focal ar an gclár dubh m.sh. cat/brat, crann/clann, féar/méar srl Is féidir leideanna le pictiúir a úsáid freisin le cabhrú leo na focail a aithint.

Léigh na focail os ard agus iarr ar na páistí a rá cad atá i gcoitinn ag gach péire. Aithneoidh na páistí go bhfuil fuaim na bhfocal cosúil le chéile nó go bhfuil rím eatarthu. Imir cluiche ríme leis na páistí. Tabhair focal dóibh agus iarr orthu focail eile a bhfuil rím acu leis a aimsiú.

Cuir an Arracht Ríme i láthair. Iarr ar na páistí an t-arracht a 'chothú' le rudaí a bhfuil rím acu leis an fhocal roghnaithe, a bheadh ar taispeáint ar an taobh amuigh den bhosca. D'fhéadfadh na páistí an t-arracht a chothú ar bhealaí éagsúla, mar shampla, le pictiúir as irisí, rudaí beaga nó focail. Seiceáil a bhfuil sa bhosca go rialta.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar aon amhráin, dánta nó véarsaí ina bhfuil rím. B'fhéidir go mbeadh iontas orthu a fháil amach go bhfuil a lán rímeanna i rannta atá ar eolas acu cheana féin. Úsáid leabhar rannta do pháistí, agus léigh cinn a bhfuil aithne acu orthu agus cinn nua, déan moill roimh dheireadh líne agus iarr ar na páistí an focal ríme a thabhairt. D'fhéadfadh focail oiriúnacha éagsúla a bheith ag na páistí. Fiafraigh de na páistí an féidir leo aon fhocal ríme a aithint sa dán Domhan Iontach (ón cheacht roimhe seo). Meabhraigh nach mbeimis ábalta fuaimeanna agus rímeanna a aithint óna chéile gan céadfa na héisteachta.

Cleachtadh Éisteachta Sábháilteacht Éisteachta

Déan taifeadadh roimh ré ar fhuaimneanna sa seomra ranga, timpeall na scoile agus lasmuigh (samplaí: adharc charr, éin ag canadh, bonnán otharcharr, trácht, páistí ag súgradh, fuaimeanna ainmhithe, aláram tine). Seinn na fuaimeanna éagsúla do na páistí ansin agus fiafraigh an bhfuil siad ábalta iad a aithint. Iarr orthu a n-ordóg a chur suas má mheasann siad gur fuaim shábháilte atá ann nó ordóg a chur síos má mheasann siad go bhféadfadh siad a bheith contúirteach. Pléigh na torthaí gach uair.

Cuir béim ar chomh tábhachtach is atá ár gcéadfa éisteachta. Míneigh gur féidir lenár gcéadfa éisteachta rabhadh a thabhairt faoi chontúirt chomh maith le cabhrú linn cumarsáid a dhéanamh le chéile agus leis an timpeallacht. Cuir béim ar an teachtaireacht sábháilteachta seo:


- Úsáid do chéadfa éisteachta le cabhrú leat a bheith sábháilte.

Fiosraigh samplaí de seo sa scoil agus sa bhaile m.sh. fuaimeanna arda agus boga, feithiclí ar an mbóthar agus an bóthar a thrasnú go sábháilte, citeal ag bruith, aláraim thine, nó fuaimeanna atá fiosraithe cheana féin sa taifeadadh thuas.

Bileog Oibre

Tabhair an **Bhileog Oibre: Cad iad na Fuaimeanna?** do na páistí le líonadh isteach lena dtuismitheoirí.

Cad iad na Fuaimeanna?



An féidir leat na fuaimeanna seo a chloisteáil sa bhaile?

Is féidir Ní Féidir



Báibín ag Caoineadh



Fón ag Bualadh




Gléas Cóipeála



Citeal ag Bruith




Folúsghlantóir



Crann Tógála



Teilifiseán



Sábh Slabhrach




Inneall Níocháin



Oigheann micreathonnach



Heileacaptar



Pop ón tóstaer

Ainmnigh fuaimeanna sábháilte áirithe:

.....
.....

Ainmnigh fuaimeanna contúirte:

.....
.....

CEAHT 6

TURAS SA DUFAIR

A DÓ:6

COINCHEAP LÁRNACH

Tá sé tábhachtach cásanna a shamhlú chun an tsamhlaíocht a fhorbairt, agus is féidir leis seo cabhrú le scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaithne
Féinfheasacht

Cuspóir Ábhair

A bheith eolach faoin domhan láithreach trí na céadfaí.

Snáithaonad: Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscóil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

Cuspóir Ábhair

Ainmnigh láithreacha agus áiteanna atá sábháilte agus iad sin ina bhféadfadh sábháilteacht phearsanta a bheith i mbaol.

Snáithaonad: Oideachas sna meáin

Cuspóir Ábhair

A thabhairt faoi deara go bhfaightear faisnéis ó mhórán foinsí difriúla.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithe:**
- Cumas agus muinín in úsáid teanga
 - Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
 - Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt
Léitheoireacht

OSCE - Eolaíocht

■ **Snáithe:** Nithe Beo

Snáithaonad: Mise

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

■ **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin a fhiosrú, chomh maith le heolas agus smaointe, le teacht ar thuiscint

Snáithaonaid: Drámaíocht a fhiosrú agus a dhéanamh

Machnamh ar an drámaíocht

Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dráma

Corpoideachas

■ **Snáithe:** Gleacaíocht

Snáithaonad: Gluaiseacht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Tá an cluiche seo an-oiriúnach don obair chiorcail. Is féidir an cluiche a imirt le cinn scríbe éagsúla m.sh. turas sa spás, cuairt ar fheirm, taisteal faoin fharraige.

ACMHAINNÍ

- Spás gluaiseachta
- Póstaer d'Fhógraí Rabhaidh

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Dán
- Drámaíocht
- Plé

Dán

Léigh an dán: *Domhan Iontach* ó na ceachtanna roimhe seo. Ba chóir go mbeadh sé ar eolas go maith ag na páistí faoin am seo agus iad ábalta é a rá ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga.

Drámaíocht

Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag dul ar thuras iontach samhlaíochta chuig áiteanna éagsúla.

Abair leo a mbuataisí agus a gclogad 'speisialta' a chur orthu agus a gcriosanna sábhála a fháisceadh. Déan comhaireamh síos agus abair leis na páistí go bhfuil siad ar a mbealach. Ag gach stad, tabhair cuireadh do pháistí éagsúla an spás geal a líonadh isteach le rud éigin a bheadh le feiceáil sa timpeallacht sin.

Tá sé in am dúinn amharc ar a bhfuil ag tarlú timpeall orainn! Cuirigí na speaclaí speisialta oraibh!

- *An bhfuil sibh réidh?*

- *An chéad stad: An dufair! Chuaigh mé go dtí an dufair agus cad a chonaic mé? Chonaic mé ag stánadh orm sna súile!*

- *An dara stad: An spás! Cad a chonaic mé thuas sa spás? Chonaic mé ag féachaint orm go dána!*

- *An tríú stad: an fheirm! Thíos ar an fheirm cad a chonaic mé? Chonaic mé ... ag gliúcaíocht orm go réidh?*

- *An Stad Deireanach! Tarraing anáil mhór, táimid ag dul faoin aigéan. Faoin aigéan atá mé, nach iontach an áit í! Chonaic mé ... ag snámh ansin ar chlé!*

Abair an rann críochnaithe le chéile arís.

PLÉ

Mínigh gur féidir lenár gcéadfa radharc rabhadh a thabhairt dúinn faoi chontúirt chomh maith le cabhrú linn rudaí a aithint. Iarr ar na páistí samplaí a thabhairt. Mar shampla, is féidir lenár n-amharc sinn a chur ar an airdeall faoi fhógraí rabhaidh nó comharthaí ag an linn snámha, ar an iarnród, ar shubstaintí tí ar nós tuarthóirí nó ar na sráideanna. Iarr samplaí eile ar na páistí. Is féidir Póstaer na gComharthaí Rabhaidh a thaispeáint. Iarr ar na páistí samplaí de na siombail seo a bhailiú le cur ar taispeáint i Limistéir Gníomhaíochta na gCúig Chéadfaí.

Cuir béim ar an teachtaireacht sábháilteachta seo:

- *Inis do dhuine fásta freagrach má fheiceann tú rud a raibh tú féin nó duine eile den tuairim go raibh sé neamhshábháilte. (D'fhéadfadh sé seo a bheith i gcomhthéacs réimse leathan cásanna, mar shampla, ag taisteal ón scoil, sa chlós imeartha, ag úsáid an idirlín, srl.)*

Mínigh do na páistí nach bhfuil bua an amhairc ag gach duine. Bíonn lagú ar an amharc ag roinnt daoine. Tá a gcéadfaí eile forbartha acu le cabhrú leo a bheith sábháilte sa saol, agus de ghnáth bíonn éisteacht agus tadhall an-mhaith acu.

- *Conas a chabhraíonn ár gcéadfa amhairc linn a bheith sábháilte?*

Cuir béim ar an mbaol a bhaineann le rudaí faobhracha agus cén fáth nach ceart a bheith ag súgradh le sceana, gloine bhriste, snáthaidí ná steallairí.

- *Cad a dhéanfa dá bhfeicfeá gloine bhriste nó snáthaid nó steallaire sa chlós?*

Abair an teachtaireacht faoi fhanacht sábháilte arís.

Síneadh

Gníomhaíocht Ealaíne

Iarr ar na páistí cur síos a dhéanamh ar ainmhithe nó neacha a 'chonaic' siad ar a dturas iontach agus cuid acu a tharraingt nó a phéinteáil.

Seachas gach timpeallacht a úsáid, is féidir ceann amháin a roghnú mar théama agus níos mó mionoire a dhéanamh air m.sh. scéal, gníomhaíochtaí ealaíne, amhráin srl a bhaineann leis. Is féidir leabhair faoi thimpeallachtaí ar leith, ar nós Rumble in the Jungle agus Commotion in the Ocean le Giles Andreae agus David Wojtowycz (Tiger Tales, 2002) a úsáid mar acmhainní.


Gníomhaíocht Ghluaiseachta

Roghnaigh roinnt pictiúr d'ainmhithe agus déan cinnte go n-aithníonn na páistí an íomhá ar gach ceann acu. Ansin, abair leis na páistí go mbeidh ceacht éagsúil corpoideachais acu agus nach mbeidh tú ag tabhairt treoracha dóibh. Ina áit sin, beidh siad ag brath go mór ar chéadfa an amhairc. Mínigh go mbeidh pictiúr d'ainmhí á thaispeáint agat agus go mbeidh tú ag iarraidh orthu aithris a dhéanamh ar an ghluaiseacht a dhéanann an t-ainmhí sin. Croithfidh tú scaif ghealdaite san aer nuair a theastaíonn uait go mbeidh siad socair, agus ardóidh tú pictiúr nua d'ainmhí ansin.

Iarr ar na páistí gluaiseacht go sábháilte timpeall an halla agus nuair a ardaítear ceann dá bpictiúir, déanadh siad aithris ar ghluaiseacht an ainmhí sin (m.sh. nathair ag sciorradh, iasc ag snámh nó lacha ag lapaireacht).

Tar éis tamaill ghearr, croith an scaif ghealdaite mar chomhartha gur cóir dóibh a bheith socair. Lean ar aghaidh le pictiúr d'ainmhí eile.

Comharthaí Rabhaidh



AONAD A TRÍ MUNTEARAS

MISNEACH

CLÁR

AONAD a TRÍ

MUINTEARAS

SNÁITHE MISE

Snáithaonad **Ag fás agus ag athrú**
Féinaithne

SNÁITHE MISE AGUS DAOINE EILE

Snáithaonaid **Mise agus mo**
theaghlach
Caidreamh le daoine eile
Mo chairde agus daoine eile

RÉAMHRÁ DON AONAD

Muintearas an téama atá san aonad seo. Breathnaítear ar an chaoi a bhíonn mothúchán slándála páistí feabhsaithe agus forbartha ina gcaidreamh pearsanta nó teaghlaigh agus i dtimpeallacht an tseomra ranga.

Ní mór cumarsáid shoiléir a dhéanamh le daoine atá tábhachtach dúinn agus ár gcuid riachtanas a chur in iúl ar bhealach go n-éistear leo má tá comhoibriú le forbairt sa seomra ranga. Le plé agus machnamh, díreann na páistí ar na daoine atá tábhachtach dóibh agus ar thábhacht a gcaidreamh. Cuirtear béim ar mar a chabhraíonn páistí le chéile, le béim ar leith ar chaidrimh mhaithe a bhunú sa seomra ranga agus ar thimpeallacht dhearfach bháúil a fhorbairt.

Spreagtar na páistí le smaoineamh ar an chaoi a dhéantar iompar cabhrach as an fhreagracht ar scoil agus sa bhaile. Déantar mothúchán slándála na bpáistí a fhorbairt agus a dheimhniú trí obair ealaíne, plé agus obair chiorcail.

Is féidir le go leor cásanna agus comhthéacsanna teacht chun cinn sa seomra ranga a chruthaíonn deis phléite faoi na téamaí seo thuas. Le bá a fhorbairt sna páistí déantar nasc soiléir

idir mothúcháin agus gníomhartha. Le cuidiú leis na páistí bá a fhorbairt, déan nasc idir mothúcháin agus gníomhartha soiléire. Is féidir le ráitis mar seo a leanas cuidiú le páistí an nasc seo a fheiceáil. Tabhair aitheantas agus meas do na daoine nó na grúpaí a bhíonn ag freastal ar an phobal áitiúil agus ar an méid a dhéanann siad leis an saol a fheabhsú do dhaoine eile a leanas cabhrú le páistí tosú ag foghlaim faoin nasc seo:

- Is maith liom an bealach ar chuir Liam agus Marc a gcluiche ar leataobh go slachtmhar gan iarraidh. Taispeánann sé go bhfuil a fhios acu gur mhaith leis an chéad dream eile a imríonn é go mbeadh an cluiche iomlán ann.

De réir mar a léiríonn na páistí níos mó freagrachta, athraigh an méid a bhfuil tú ag súil leis agus na tuairimí a thugann tú mar léiriú ar an tuiscint atá ag fás iontu faoi choincheapa an aonaid seo.

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1

Mo Leabhrán Daoine Speisialta

Ceacht 2

Ár Rang

Ceacht 3

Is Féidir Linn Cabhrú

CEAHT 1

MO LEABHRÁN SPEISIALTA DAOINE EILE

A TRÍ: 1

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhrú le páistí a aithint gur cuid de ghréasán daoine iad atá speisialta dóibh féin, rud a chabhróidh leo a mothúchán slándála agus muintearais a fhorbairt.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: **Ag fás agus ag athrú**
Braistint agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

Ócáidí inar féidir mothúcháin dhearfacha a spreagadh iontu féin a fhiosrú agus a phlé.

■ **Snáithe:** Mise agus Daoine eile

Snáithaonad: **Mise agus mo Mhuintir**

Cuspóir Ábhair

A thuiscint conas a thugann teaghlaigh aire, tacaíocht agus grá dá chéile.

Snáithaonad: **Mo chairde agus daoine eile.**

Cuspóirí Ábhair

A gcairde féin a aithint, a phlé agus meas a bheith acu orthu.

Plé a dhéanamh orthu siúd uile atá speisialta dóibh, lasmuigh agus laistigh den teaghlach, agus meas a léiriú orthu.

Snáithaonad: **Caidreamh le daoine eile**

Cuspóir Ábhair

Éisteacht le tuairimí agus dearcadh daoine eile.

■ **Snáithe:** Mise agus an Saol Mór

Snáithaonad: **Saoránacht a fhorbairt**
Maireachtáil sa phobal áitiúil

Cuspóir Ábhair

Daoine agus grúpaí a dhéanann freastal ar an bpobal áitiúil a aithint agus meas a léiriú orthu agus mar a chuireann a ndéanann siad le caighdeán beatha daoine eile.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Oscailteacht do theanga
Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonad: **Labhairt**

Oideachas Ealaíona- Ealaín Fhísiúil

- **Snáithe:** Líníocht
Snáithaonaid: **Líníochtaí a dhéanamh**
Féachaint agus Freagairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

B'fhéidir nach mbeidh cuid de na páistí in ann daoine speisialta a ainmniú. Abair leo go bhfuil sé sin ceart go leor. Is féidir leo iad a chur ina leabhar níos déanaí. Tá sé go hiontach spásanna a fhágáil do dhaoine nua.

Is teachtaireacht í seo freisin go dtagann athrú ar an saol agus gur rud nádúrtha é bualadh le daoine nua agus éirí mór leo.

Ní bhíonn teaghlach socair sona ag gach páiste agus d'fhéadfaí ceisteanna íogaire a mhúscailt.

B'fhéidir go mbeadh ort tacaíocht bhreise a thabhairt dóibh siúd a mbeadh sé deacair dóibh a ndaoine speisialta a ainmniú agus béim a chur ar an bpointe nach ionann scéal gach duine.

D'fhéadfadh roinnt seisiún a bheith ag teastáil don cheacht seo.

Acmhainní

- Dhá bhileog páipéir A3 nó A4 do gach páiste, fillte ina leath agus stápláilte don leabhrán.
- Criáin
- Marcóirí

Sracfhéachaint ar an nós imeachta

- Plé
- Mo Leabhrán Daoine Speisialta
- Obair i mBeirteanna agus i gCiorcal

Plé

Meabhraigh an 'duine speisialta' a chonaic siad in Aonad 1, Ceacht 7 do na páistí: An Bosca Draíochta. Abair leis na páistí go bhfuilimid le caint faoi na daoine speisialta eile atá inár saol inniu.

- Cé hiad na daoine speisialta atá inár saol, dar libh?

- Cé atá speisialta sa bhaile?

- Sa tsráid nó sa chomharsanacht ina gcónaímid?

- Inár scoil?

Fiosraigh na grúpaí éagsúla a mbaineann daoine leo - teaghlach, cairde, gaolta, daoine ar scoil, daoine a chabhraíonn liom nó a thugann aire dom. Is féidir labhairt leis na páistí faoi roinnt daoine speisialta i do shaol féin. Trí nithe a roinnt leis an rang déanfar a mothúchán muiníne a fhorbairt, cabhróidh sé leis na páistí tú a fheiceáil mar dhuine atá cosúil leo féin, agus cabhróidh sé leatsa an ghníomhaíocht a fheiceáil lena súile siúd.

Mo Leabhrán Daoine Speisialta

Mínigh do na páistí go mbeidh na daoine speisialta inár saol á gceiliúradh againn trí leabhrán a dhéanamh fúthu. Tabhair leabhrán do gach páiste. Ar an gclúdach lasmuigh scríobhann siad na focail: Mo Dhaoine Speisialta.

Féadfaidh siad imeall maisithe a chur timpeall ar an leathanach chomh maith (nó páipéar le himeall maisithe a úsáid). Ag tosú ar an dara leathanach, déanann na páistí líníochtaí de na daoine atá speisialta dóibh. Mínigh go bhfuil sé ceart go leor mura bhfuil siad ag iarraidh líníochtaí a dhéanamh de sheachtar anois díreach. Is féidir leo iad a chur ina leabhrán níos déanaí. Scríobhann na páistí ainmneacha na ndaoine atá ina líníochtaí. D'fhéadfá an abairt seo a leanas a chur ar an chlár dubh

agus cead ag na páistí í a chóipeáil más mian leo:

Seo iad... Tá siad speisialta domsa.

D'fhéadfá do leabhrán féin a dhéanamh.

Obair Bheirte agus Obair Chiorcal

Oibríonn na páistí i ngrúpaí ansin. Insíonn siad dá bpáirtí ar a seal faoina leabhrán féin. Labhraíonn siad faoi gach duine ina leabhrán agus deir siad cén fáth go bhfuil an duine sin speisialta. Is féidir obair chiorcail a dhéanamh ina dhiaidh sin. Iarr ar na páistí leathanach as a leabhrán a roinnt leis an rang agus a rá cén fáth go bhfuil an duine sin speisialta. Is féidir é seo a dhéanamh thar roinnt laethanta. Is féidir na habairtí a mhúnlú do na páistí bunaithe ar a leabhrán pearsanta féin. Tabhair cuireadh do gach páiste an abairt seo a chríochnú:

- Seo é/í _____ agus tá sí/sé speisialta domsa mar _____

Is féidir abairtí eile a chríochnú:

- Mothaím speisialta nuair a dhéanann _____ é seo dom _____

nó

- Mothaím/Mhathaigh mé (ainmnigh mothúchán) nuair a dhéanann _____ é seo:

Speag na páistí lena leabhrán a thabhairt abhaile le taispeáint dá dtuismitheoirí.

Síneadh

Leabhair Scéalta

Tá leabhair scéalta áirithe oiriúnach leis an smaoineamh go bhfuil líonra daoine ag páistí le haire a thabhairt dóibh, mar shampla:

Granny's Teeth le Brianóg Brady Dawson (O'Brien Press, 1998, 2004).

Don't Forget Granny le Michael Dugan and Kevin Burgemeestre (Oxford University Press, 1992).

My Aunt and the Animals le Elizabeth McDonald (Aurum Press. 1985).

CEACHT 2

ÁR RANG

A TRÍ: 2

COINCHEAP LÁRNACH

Cabhróidh timpeallacht dhearfach sa seomra ranga leis na páistí smaoineamh ar aonad an ranga mar ghrúpa agus cabhróidh sé le muinín agus foghlaim a chothú.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaithne
Féinfheasacht

Cuspóirí Ábhair

Plé a dhéanamh ar na gnéithe go léir a dhéanann duine speisialta agus uathúil agus iad a thuiscint.

Tosú ar chumais, scileanna agus tallann phearsanta a thuiscint, a aithint agus meas a bheith againn orthu.

Snáithaonad: Ag fás agus ag athrú
Braistint agus mothúcháin

Cuspóirí Ábhair

Tosú ar a bheith íogair i leith mothúcháin daoine eile agus a thuiscint go mbíonn tionchar ag gníomhartha duine amháin ar mhothúcháin daoine eile.

Ócáidí inar féidir mothúcháin dhearfacha a spreagadh iontu féin a fhiosrú agus a phlé.

■ **Snáithe:** Mise agus Daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile.

Cuspóirí Ábhair

A gairde féin a aithint, a phlé agus meas a bheith acu orthu.

Cairde ar scoil a aithint agus meas a léiriú orthu agus ar an gcaoi ar féidir cabhair agus aire a thabhairt dá chéile.

Pléigh agus scrúdaigh gnéithe éagsúla den chairdeas.

■ **Snáithe:** Mise agus an Saol Mór

Snáithaonad: Saoránacht a fhorbairt
Pobal na Scoile

Cuspóirí Ábhair

A thuiscint go bhfuil gach duine tábhachtach agus go bhfuil rud éigin uathúil luachmhar le tabhairt acu don rang.

A aithint chomh tábhachtach is atá comhroinnt agus comhoibriú agus a bheith cothrom i ngach gníomhaíocht sa rang agus sa scoil.

A aithint agus a thuiscint chomh riachtanach is atá sé cloí le rialacha an ranga agus na scoile.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithe:** Glacacht teanga
Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
Forbairt mothúcháin agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt
Léitheoireacht

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiúil

■ **Snáithe:** Líníocht
Snáithaonaid: Líníochtaí a dhéanamh
Féachaint agus Freagairt

■ **Snáithe:** Péint agus dath
Snáithaonaid: Péinteáil
Féachaint agus Freagairt

CEAHT 2

ÁR RANG

A TRÍ:2

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is féidir an ceacht seo a dhéanamh i seisiúin éagsúla, ach is fearr iad a dhéanamh lá i ndiaidh a chéile. Is féidir dhá roinn a dhéanamh de: *Tá Ár Rang Speisialta* agus *Táimid Sona*

ACMHAINNÍ

- Páipéar A3, péinteanna, scuaba, páipéar daite nó páipéar cúlra, siosúir, taos, lipéid ghreamaitheacha, spléach-chártaí
- Réad cainte
- Scéal

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Cluiche
- Obair Chiorcail
- Péinteáil
- Taispeántas
- Obair Chiorcail

Cluiche

Suíonn na páistí i gciorcail. Abair leis na páistí éisteacht le gach treoir agus áit a athrú más cuí. Athraigh d'áit má:

- *bhain tú taitneamh as gníomhaíocht ar scoil inniu*
- *tá cara agat sa scoil seo*
- *tá cara agat sa rang seo*
- *d'imir tú le duine éigin inniu*
- *roinn tú le duine éigin inniu...*

Má bhíonn páistí ann nach n-athraíonn a n-áit, d'fhéadfadh tuilleadh rudaí a rá le cinntiú nach mbíonn na páistí scartha amach nó fágtha gan chairde.

Obair Chiorcail: Tá Mé Speisialta

Agus na páistí fós i gciorcail cuir an réad cainte timpeall agus iarr ar gach páiste an abairt seo a chríochnú:

- *Tá mise speisialta mar...*

Mínigh do na páistí má bhíonn duine i bponc gur féidir le daoine eile an abairt a chríochnú lena rá cén fáth go gceapann siad go bhfuil an páiste eile speisialta. Is féidir leatsa chomh maith do chuid féin a rá mar a dhéanann na páistí.

Péinteáil

Tógann gach páiste bileog páipéir agus péinteálann siad pictiúr mór dóibh féin. Nuair a bhíonn na pictiúir tirim gearrtar na cruthanna amach agus suítear le chéile iad.

Nó is féidir na leathanaigh a thaispeáint le chéile. Má chrochtar gar dá chéile iad cuirtear in iúl go bhfuil 'foireann' ann. Déan meirge mór leis na focail: *Tá ár rang speisialta agus cabhraigh leis na páistí é a léamh.*

Taispeántas

Iarr ar na páistí ansin ráitis a mholadh a d'fhéadfaí a chur leis an taispeántas le hinsint do dhaoine eile faoi na tréithe dearfacha: cad a dhéanaimid go maith; na rudaí a bhfuil muid go maith acu; conas a chabhráimid le chéile. Samplaí:

- *Éistimid le chéile*
- *Labhraíonn gach duine ar a sheal*
- *Bíimid ag imirt le chéile*
- *Déanaimid comhroinnt chothrom*
- *Is féidir cúiseanna a thabhairt go bhfuilimid speisialta*
- *Tugaimid aire dá chéile*
- *Cloímid le rialacha an ranga*

Scríobh iad seo ar spréach-chártaí agus taispeáin iad in aice leis na pictiúir de na páistí. Pléigh an tuairim gur féidir linn a bheith inár gcairde ar bhealaí éagsúla sa seomra ranga, ag caint, ag comhroinnt, ag cabhrú le chéile agus ag cloí leis na Rialacha Órga - seachas go díreach a bheith ag súgradh le chéile.

Obair Chiorcail: Tá Mé Sona

Mínigh do na páistí go dteastaíonn uait go smaoiníodh siad ar gach uair a mhothaigh siad sona sa rang. Iarr ar na páistí samplaí a thabhairt. Tabhair am dóibh labhairt faoi seo, ina mbeirteanna b'fhéidir. Is féidir babhta a chríochnú: Bímid sona sa rang nuair...

Líníocht nó Scríobh

Iarr ar na páistí pictiúir a tharraingt nó scríobh fúthu féin ag déanamh na rudaí a thaitníonn leo a dhéanamh sa rang ina bhfillteán OSPS, i gcóipleabhar nó ar leathanach. Abair leo go gcabhróidh an múinteoir leo leis an scríbhneoireacht. Tabhair am dóibh na pictiúir agus a gcuid scríbhneoireachta a chomhroinnt lena bpáirtí nó le grúpa beag. Cuir na pictiúir seo leis an taispeántas *Tá Ár Rang Speisialta.*

Scéal

Léigh an Scéal: An Leon agus an Luch do na páistí. Ag pointí éagsúla sa scéal is féidir leat stopadh agus a fhiafraí de na páistí cad a cheapann siad a tharlóidh, mar shampla:

- Cad a dhéanfaidh an leon nuair a sheasann an luch ar a mhoing, dar libh?
- Conas a bheadh luch ábalta cabhrú le leon?
- Cad a dhéanfaidh an luch nuair a chloiseann sí búir an leoin?
- Cad a déarfadh an leon leis an luch ag an deireadh?

An Leon agus an Luch

Bhí luch bheag ag rith trí phluais dhorcha, nuair a rith sí trí thimpiste thar mhoing leoin a bhí ina chodladh. Bhí an-chantal ar an leon mar gur dúisíodh é mar sin, agus thug sé buille don luch lena lapa, á leagadh. Bhí sé ar tí an luch a ithe nuair a labhair sí de ghlór beag bídeach: 'Ná hith mé, le do thoil, a Leoin mhóir! Scaoil saor mé agus lá éigin cabhróidh mé leat.'

Gháir an leon go hard agus ar seisean 'tusa, ag cabhrú liomsa, créatúirín beag bídeach gan tábhacht ag cabhrú le hainmhí mór tábhachtach cosúil liomsa! Ach bheartaigh sé gan í a ghortú agus scaoil sé saor í.

Tamall gearr ina dhiaidh sin, ghabh sealgairí an leon. Cheangail siad suas le rópaí é agus d'fhág siad ansin é le cairt a fháil agus é a iompar ar ais go dtí an sráidbhaile. Bhí an leon le báiní mar gur gabhadh é agus ag búiríl le fearg. Bhí a bhúir le cloisteáil ar fud na coille agus chuala an luch bheag í agus í ina nead cluthar. D'aithin sí guth an leoin agus rith sí láithreach go bhfeicfeadh sí cad a bhí cearr. D'fhéach sí air ina luí gan bhrí ar an

talamh agus dúirt sí, 'Is féidir liom cabhrú leat, a Leoin Mhóir, má ligeann tú dom.'

Níor chreid an leon a shúile ná a chluasa. 'Conas is féidir le créatúr chomh beag bídeach cabhrú liomsa?'

Suas leis an luch ar ghuailí leathana an leoin agus thosaigh sí ag creimeadh na rópaí a bhí ceangailte go docht timpeall ar a chorp. Lean sí ar aghaidh ar feadh i bhfad, go dtí gur scar na rópaí ó chéile ceann ar cheann. Sheas an leon suas arís agus d'fhéach sé síos ar an luch bheag bhídeach.

'Níor chreid mé go mbeadh aon úsáid ionat go deo dom, a luichín dhil, ach shábháil tú mo bheatha inniu,; ar seisean.

'Ná dúirt mé leat é?' arsa an luch go meidhreach, 'bíonn an té is lú agus is laige in ann cabhrú leo sin atá mór láidir.'

Síneadh

Spreag na páistí le smaoineamh ar chuireadh a thabhairt dá dtuismitheoirí teacht agus a dtaispeántas a fheiceáil.

Cuir ceisteanna mar iad seo a leanas lena smaointe a spreagadh:

- *An bhfuil aon obair eile a d'fhéadfaí a chur leis an taispeántas? (m.sh. a leabhrán 'Mo Dhaoine Speisialta')*
- *Cad ba mhaith leat a fheiceáil ar do thaispeántas?*
- *Cé hiad na daoine ar cheart dúinn cuireadh a thabhairt dóibh? Ó bhéal nó scríofa? Má bhíonn sé scríofa, cén chruth a bheadh air?*
- *Conas a bheidh a fhios againn an dtiocfaidh aon duine?*
- *An bhfuil bealaí eile ann le hinsint do dhaoine go mbeidh taispeántas againn? Conas a dhéanfaimis fógraíocht air?*
- *Cad a tharlóidh nuair a thiocfaidh na daoine?*
- *Cad iad na ról ba cheart a bheith ag na daoine sa rang? Cad a chaithfear a dhéanamh? Cé a dhéanfaidh na rudaí éagsúla?*
- *Má tá an taispeántas seo faoi a bheith speisialta, conas is féidir linn a dhéanamh speisialta dóibh siúd a thagann le hé a fheiceáil?*

Pioc dáta le chéile ansin don ócáid agus cuir an plean i bhfeidhm. Nó, is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh le linn comhthionól na scoile, mar a mbeadh deis ag na páistí labhairt faoina gcuid oibre agus í a thaispeáint.

Tá smaointe eile faoi chluiche comhoibre ar fáil i mórán leabhair chluichí agus i dTreoirínte an Mhúinteora don OSPS.

CEAHT 3

IS FÉIDIR LINN CABHRÚ

A TRÍ: 3

COINCHEAP LÁRNACH

Le taithí, foghlaimíonn páistí comhoibriú le daoine eile agus éiríonn siad eolach faoi riachtanais daoine eile.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** Ag fás agus ag athrú
Braistint agus mothúcháin

Cuspóir Ábhair

Tosú ar a bheith íogair i leith mothúcháin daoine eile agus a thuiscint go mbíonn tionchar ag gníomhartha duine amháin ar mhothúcháin daoine eile.

■ **Snáithe:** Mise agus Daoine eile

■ **Snáithaonad:** Mise agus mo Mhuintir

Cuspóir Ábhair

A thuiscint conas a thugann teaghlaigh aire, tacaíocht agus grá dá chéile.

■ **Snáithaonad:** Mo chairde agus daoine eile

Cuspóirí Ábhair

Cairde ar scoil a aithint agus meas a léiriú orthu agus ar an gcaoi ar féidir cabhair agus aire a thabhairt dá chéile.

Difríochtaí i ndaoine a aithint agus a thuiscint agus fios a bheith againn conas plé le daoine eile le dínit agus meas.

■ **Snáithe:** Mise agus an Saol Mór

■ **Snáithaonad:** Saoránacht a fhorbairt
Pobal na Scoile

Cuspóirí Ábhair

A thuiscint go bhfuil gach duine tábhachtach agus go bhfuil rud éigin uathúil luachmhar le tabhairt acu don rang.

A aithint chomh tábhachtach is atá comhroinnt agus comhoibriú agus a bheith cothrom i ngach gníomhaíocht sa rang agus sa scoil.

Maireachtáil sa phobal áitiúil

Mol bealaí le cabhrú le daoine eile sa bhaile, ar scoil agus sa phobal áitiúil.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Oscailteacht do theanga
Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
Forbairt mothúcháin agus samhlaíochta trí theanga

■ **Snáithaonaid:** Labhairt

Scribhneoireacht

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

- **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin a fhiosrú, chomh maith le heolas agus smaointe, le teacht ar thuiscint

■ **Snáithaonaid:** Drámaíocht a fhiosrú agus a dhéanamh

Machnamh ar an drámaíocht

Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dráma

CEAHT 3

IS FÉIDIR LINN CABHRÚ

A TRÍ:3

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is féidir le comhoibriú a bheith deacair mar choincheap don aoisghrúpa seo mar gur féidir leo a bheith an-féinlárnach. Is féidir le húsáid chluichí comhoibritheacha mar chuid den cheacht agus ag amanna cuí eile cabhrú leis na páistí tábhacht an chomhoibrithe a thuiscint, le cinntiú go mbeidh rath ar rudaí agus gur féidir taitneamh a bhaint astu.

Tá cuid mhaith ábhair sa cheacht seo, agus is fearr é a dhéanamh thar cúpla seisiún. Is féidir filleadh ar théamaí de réir mar a thagann cásanna chun cinn i seomra ranga ar leith. Beidh deiseanna ann ansin leis an choincheap lárnach a threisiú agus beidh na páistí ábalta a mheas dóibh féin conas atá ag éirí leo.

ACMHAINNÍ

- Pictiúir d'Ainmhithe (curtha ar fáil)
- Bileog Oibre: Lámha Cúnaimh

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Cluichí Comhoibritheacha
- Obair Chiorcail
- Plé
- Imirt Ról

Cluichí Comhoibritheacha

Imir ceann nó dhó de na cluichí comhoibritheacha leis na páistí ag aon am oiriúnach i rith an lae, nó ag tús nó ag deireadh cheacht corpoideachais.

A Scátháin, a Scátháin

Iarr ar na páistí seasamh in aice le chéile, agus gach páiste ag breathnú san aghaidh ar a bpáirtí. Treoróidh gach páiste na gníomhartha ar a seal agus a bpáirtí á scáthánú chomh cruinn agus is féidir leo. Abair leis na páistí na gluaiseachtaí a thosú go mall, agus an luas a ardú nuair a bhíonn níos mó muiníne ag a bpáirtithe astu féin.

Buíon Cairdiúil nó Croí Mór Isteach

Abair leis na páistí meascadh le chéile i lár an tseomra. Glaoigh uimhir ó 2 go 5 agus ní mór do na páistí dul isteach i ngrúpaí den uimhir sin. Ní ceart do na páistí stopadh lena gcairde a chuardach, ach grúpaí a dhéanamh leis na daoine is cóngaraí dóibh chomh tapa agus is féidir leo.

Fuaimeanna Ainmhithe

Gearr suas na pictiúir d'ainmhithe atá faoi iamh leis an cheacht seo. Tabhair cárta béal faoi do gach páiste agus iarr orthu iad féin a scaipeadh ar fud an tseomra. Nuair a deir tú Anois! ní mór do gach páiste a chárta a chasadh in airde, taisteal timpeall an tseomra ag déanamh fuaimeanna an ainmhí sin, agus teacht ar bhaill eile a dteaghligh. Leanann an cluiche ar aghaidh go dtí go mbíonn gach ball de na teaghligh ainmhithe tagtha le chéile.

Te agus Fuar

Cuir púicín ar pháiste amháin agus cuir rud éigin i bhfolach sa seomra ranga. Nuair a bhaintear an púicín den pháiste ní mór don

chuid eile de na páistí cabhrú leo an rud ceilte a fháil trí te, meirbh, fuar, ag éirí níos fuaire, reoite a rá (te in aice leis an rud ceilte, fuar i bhfad uaidh) go dtí go mbíonn an rud faighte. Leagan eile de seo is ea go ndéanfadh na páistí bualadh bos ciúin agus an páiste i bhfad ón rud agus bualadh bos láidir nuair a bhíonn siad níos cóngaraí dó.

Gníomhaíocht Meascadh Suas

Suíonn na páistí i gciorcal. Abair leis na páistí éisteacht le gach treoir agus áit a athrú más cuí.

- *Athraigh d'áit má:*
- *dúirt tú le do thoil inniu*
- *phioc tú rud suas do dhuine éigin*
- *thug tú rud ar iasacht do dhuine éigin*
- *d'iarr tú ar dhuine éigin súgradh leat*
- *roinn tú rud le duine éigin.*

Obair Chiorcail Lámha Cúnaimh

Iarr ar gach duine dul ar a nglúine i gciorcal agus a mbosa a chur ar an urlár os a gcomhair amach. Iarr ar na páistí amharc ar a lámha féin agus ar lámha na beirte atá ar dheis agus ar chlé. Iarr orthu comparáid a dhéanamh idir chruth na lámha, fad na méara, agus dath an chraicinn.

Meabhraigh do na páistí go bhfuil méarlorg ar leith ag gach duine (mar a pléadh i gceacht eile cheana).

Nuair atá gach duine réidh, buail do ghlúine go héadrom le lámh amháin agus ansin leis an lámh eile agus déanadh gach duine amhlaidh timpeall an chiorcail. D'fhéadfá bualadh le rithim agus a iarraidh ar na páistí aithris a dhéanamh ort.

Iarr ar na páistí anois suí go compordach sa chiorcal agus an abairt seo a chríochnú ar a seal:

- *Chabhraigh duine éigin liom nuair...*

Nuair atá roinnt moltaí déanta, iarr ar na páistí bealaí a lua a bhféadfaí cabhair a thabhairt sa bhaile, ar scoil, sa rang agus dá chéile. Más féidir, scríobh na moltaí ar an chlár bán nó ar smeach-chairt.

Roghnaíonn na páistí moladh nó dhó ansin le díriú orthu i rith na seachtaine atá le teacht.

Fiosraigh leis na páistí go rialta le fáil amach conas atá ag éirí leis na moltaí.

Plé

Má tá uainchlár nó liosta cúramaí seomra ranga ann, pléigh leis na páistí an bhfuil ag éirí go maith leis seo agus ar cheart aon athrú a dhéanamh air.

Déan freagracht na bpáistí dá chéile a fhorbairt trí cheisteanna mar seo a leanas a phlé:

- *Cad is féidir liomsa mar mhúinteoir a rá nó a dhéanamh le cabhrú?*
- *Cad is féidir leis an rang a dhéanamh nó a rá le cabhrú?*
- *Cad is féidir leatsa a dhéanamh nó a rá le cabhrú?*

Úsáid saincheisteanna éagsúla a bhaineann leis an seomra ranga. Sampla: conas is féidir freagracht i leith daoine eile a léiriú:

- *nuair a dhoirtim deoch duine eile*
- *Nuair atá an seomra ranga ag éirí míshlachtmhar*
- *Nuair a fheiceann tú go bhfuil an bosca bruscair ag cur thar maol le soithigh phlaisteacha, páipéar, bia neamhite*
- *Nuair atá Mamó Liam an-tinn agus uaireanta is cosúil nach bhfuil sé ag tabhairt aire sa rang*
- *Nuair atá páiste nua ag teacht go dtí an rang*

- *Nuair atá gaol gairid le páiste tar éis bás a fháil*

- *Nuair atá peata le páiste tar éis bás a fháil?*

Imirt Ról

Úsáid na samplaí thuas mar ócáidí imirt ról, nó cuir iad in oiriúint don rang nó do chás na scoile. Cuir na páistí ina mbeirteanna, glaoigh amach suíomh agus tabhair cuireadh do na páistí ról a ghlacadh agus cúpla abairt a rá le chéile ina ról. Cuir béim ar aon chomhrá spéisiúil nó cuí, trí chuireadh a thabhairt don bheirt mar shampla dráma a dhéanamh den suíomh os comhair an ranga. Lean ar aghaidh le suíomh nó dhó eile ar an dóigh chéanna. Mar chríoch, fiafraigh de na páistí an bhfuil aon rud foghlamtha acu faoi bheith freagrach sa cheacht seo.

Síneadh

Amhráin

Tá amhráin éagsúla ann ina n-úsáidtear lámha agus méara. Is féidir iad a úsáid leis an téama Lámha Cúnaimh m.sh. 'Sín do Lámha thar do cheann', 'Lámh, lámh eile a haon, a dó'...


Bileog Oibre: Lámha Cúnaimh

Tabhair bileog oibre *Lámha Cúnaimh* do na páistí, is féidir leo í a thabhairt abhaile agus a líonadh isteach lena dtuismitheoirí faoin chaoi a thug siad cúnaimh nó cabhair sa bhaile nó ar scoil. Is féidir iad a ghearradh amach ansin agus a ghreamú ar chrann sa seomra ranga le Crann Lámha Cúnaimh a dhéanamh.

Scéal

An Scéal: Is féidir filleadh ar *An Leon agus an Luch* (ón rang deireanach) agus é a phlé maidir le téama an cheachta seo.


Fuaimeanna Ainmhithe





Lámha Cúnaimh



1. Labhair le duine éigin sa bhaile faoi uair a chabhraigh tú le duine éigin.
2. Tarraing imlíne de do lámh.
3. Scríobh abairt faoi seo ar do lámh thíos, agus ansin gearr amach é.

AONAD A CEATHAIR
AIRE DO MO CHORP

MISNEACH



CLÁR

AONAD A CEATHAIR AIRE DO MO CHORP

SNÁITHE MISE

Snáithaonaid Féinaithne

Aire do mo chorp

Cuimhnigh:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Sábháilteacht agus Cosaint

Sábháilteacht Phearsanta

Ceisteanna Sábháilteachta

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscoil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

SNÁITHE MISE AGUS DAOINE EILE

Snáithaonaid Mo chairde agus daoine eile.

RÉAMHRÁ DON AONAD

Baineann téama an aonaid seo le haire agus meas a thabhairt dár gcorp fisiciúil. Cuirtear an bhéim ar chosc agus foghlaimíonn na páistí conas nósanna maithe sláinteachais pearsanta a fhorbairt agus a chothabháil. Spreagtar na páistí le tinneas a aithint agus, trí phlé, a fháil amach conas a tharlaíonn tinneas. Foghlaimíonn na páistí conas idirdhealú a dhéanamh idir tinnis thógálacha agus neamhthógálacha.

San aonad seo beidh na páistí ag fiosrú na rudaí a théann isteach sa chorp trí phlé agus obair ealaíne, agus gheobhaidh siad an teanga chuí do na baill choirp atá le feiceáil chomh maith leis na baill phríobháideacha. Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíodh na páistí an foclóir cuí le plé a dhéanamh ar ghnéithe den saol a bhaineann le

gnéasacht, fás aníos agus athruithe fisiciúla na colainne ionas go mbeidh siad in ann labhairt go muiníneach fúthu féin. Beidh na téarmaí bitheolaíocha atá inghlactha, agus na haoiseanna inar féidir iad a chur i láthair, luaite i mBeartas OCG na scoile. Tá na téarmaí cearta ar fáil sna hábhair OCG ag www.pdst.ie/node/811. Moltar na téarmaí péineas, pit agus faighin (tá an phit lasmuigh agus is é an t-ainm ceart é ar oscailt na faighine, atá laistigh den chorp).

Cuirtear béim ar idirdhealú a dhéanamh idir rudaí agus suímh atá sábháilte nó baolach san aonad seo. Spreagtar na páistí leis an taobh dhearfach de chógais a fheiceáil nuair atá siad á dtabhairt ag duine fásta sábháilte.

I gCiorclán 0065/2011 Nósanna Imeachta Cosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Meánscoileanna deirtear 'go gcaithfidh gach bunscoil agus meánscoil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm go hiomlán'.

Is clár scileanna pearsanta sábháilteachta é an clár Bí Sábháilte atá deartha le húsáid le páistí bunscoile ó na Naíonáin Shóisearachacha go trí Rang 6. Tá breis eolais ag <http://www.staysafe.ie>

CEAHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1

Cúigear Páistí Beaga

Ceacht 2

Ár gCorp Iontach

Ceacht 3

Rudaí a Théann Isteach i Mo Chorp

CEAHT 1 A CEATHAIR: 1

CÚIGEAR PÁISTÍ BEAGA

COINCHEAP LÁRNACH

Is cuid lárnach den fhorbairt phearsanta agus den fholláine fhisiciúil é a bheith sláintiúil agus dea-shláinte a chothabháil. Tá sé tábhachtach freisin go dtuigfeadh na páistí conas a scaiptear infhabhtuithe coitianta agus ról lucht leighis agus a gcuid cógais maidir le daoine a choinneáil sláintiúil a thuiscint.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** Aire do mo chorp
Eolas faoi mo chorp

Cuimhnigh:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóir Ábhair

A thuiscint cén fáth gur gá aire a thabhairt don chorp lena choinneáil sláintiúil folláin.

Bunscileanna sláinteachais a aithint agus a chleachtadh.

A thuiscint go mbíonn ar gach duine aonair freagracht a ghlacadh as aire a thabhairt dóibh féin.

■ **Snáithaonad:** Sábháilteacht agus Cosaint
Ceisteanna sábháilteachta

Cuspóirí Ábhair

Cuid de na substaintí nó na rudaí a chuirtear isteach sa chorp agus na feidhmeanna a bhaineann leo a aithint.

Fiosraigh ócáidí ina mbíonn gá le cógais, instealltaí nó piollaí agus na rialacha sábháilteacha a bhíonn i bhfeidhm nuair a ghlactar le cógais.

A fheiceáil agus a thuiscint go bhfuil rialacha riachtanach le daoine a chosaint agus iad a choinneáil sábháilte.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Oscailteacht do theanga
Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

■ **Snáithaonad:** Labhairt

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Déantar cuid mhaith plé sa cheacht seo, mar sin d'fhéadfaí é a roinnt i ndhá nó trí sheisiún. Is féidir gach seisiún a thosú leis an rann 'Cúigear Páistí Beaga' agus dul ar aghaidh chuig na pointí pleite ceann ar cheann.

ACMHAINNÍ

- Rann: Cúigear Páistí Beaga
- Pictiúir de pháistí le tinnis éagsúla.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Rann
- Plé

NÓS IMEACHTA SONRACH

A CEATHAIR: 1

Rann

Taispeáin an Rann: Cúigear Páistí Beaga ar an gclár dubh nó ar an gclár bán. Léigh é leis an rang. Iarr ar chúigear gníomhartha a chur leis an Rann:

Cúigear Páistí Beaga

Cúigear páistí beaga ag súgradh ar an urlár, fuair duine acu deilgneach Agus ansin ní raibh ann ach ceathrar. Ceathrar páistí beaga ag dreapadh ar chrann,

Thit duine amháin agus bhris a chos agus ansin ní raibh ann ach triúr.

Triúr páistí beaga ag imirt folach bíog, Thosaigh duine acu ag casachtach Agus ansin ní raibh ann ach beirt.

Beirt pháiste beaga ag imirt agus ag spraoi, Thit duine amháin agus fuair buille sa tsrón Agus ansin ní raibh ach páiste amháin.

Páiste beag uaigneach amháin, ag súgradh sa bháisteach Ag fanacht go mbeidh biseach ar a cairde tinne .

Plé

Taispeáin na pictiúir de na páistí tinne ar an chlár. Cuir gach cruth in aithne do na páistí. Iarr ar na páistí ainmneacha a roghnú dóibh agus iad a scríobh fúthu. Mínigh go bhfuil cos bhriste ag páiste amháin.

- *An féidir libh a thomhas cé acu?*

- *Conas is féidir é aithint?*

Fiafraigh de na páistí an féidir leo aon tinneas nó gortú eile a bheadh ar na páistí a aithint.

- *An féidir libh tinneas nó galar a bheadh orthu a ainmniú?*

- *Conas is féidir a rá go bhfuil an páiste seo tinn?*

Déan tagairt do na páistí nach bhfuil cuma thinn orthu agus fiafraigh de na páistí an bhféadfadh rud éigin a bheith cearr leo? Spreag tuairimí ar nós gearradh, ballbhrú, casacht..

Pléigh na tinnis éagsúla atá ar na cruthanna. Cad a tharla dóibh, meas sibh? B'fhéidir go raibh timpiste ag an bpáiste leis an chos bhriste agus an páiste leis an tsúil dhubh. Conas? Fuair na páistí le leicneach agus fliú frídín. Tabhair le fios go mbíonn frídíní mar chúis le tinnis áirithe agus gur féidir le daoine iad a fháil óna chéile.

- *Cad iad na rudaí is féidir leat a ghabháil?*

- *Cad iad na rudaí nach dtagann ó fhrídíní agus nach féidir a thabhairt ar aghaidh?*

Is féidir línte le saighde a tharraingt idir na pictiúir le taispeáint conas is féidir le páistí frídíní a fháil óna chéile.

Labhair leis na páistí faoi mar a scaiptear frídíní. Cuir béim ar chomh tábhachtach is atá sé lámha a choinneáil glan, ciarsúir páipéir a úsáid agus a mbéal a chlúdach nuair a dhéanann siad casacht nó sraoth.

Tabhair cuireadh do pháiste nó beirt iompar sláintiúil maidir le scaipeadh frídíní a léiriú, nó iarr ar na páistí uile mím a dhéanamh de níochán lámha, ciarsúir a úsáid, srl.

A GEATHAIR: 1

NÓS IMEACHTA SONRACH

Iarr ar na páistí smaoineamh ar conas a d'fhéadfaí cabhrú leis na páistí atá ainmnithe sna pictiúir bisiú. Nuair atáthar ag caint faoi chuairt ar dhochtúir nó altra, is ceart cabhrú leis na páistí an ról atá ag na daoine seo maidir le biseach a chur orainn agus cabhrú linn fanacht sláintiúil. D'fhéadfadh na páistí cuid de na cógais a bhfuil eolas acu fúthu a ainmniú.

- *An bhfuil a fhios cad chuige a bhfuil na cógais éagsúla ann?*

- *Cé a thugann cógais daoibh?*

Rialacha simplí maidir le bheith sábháilte le cógais:

- *Ná glac riamh le cógais nach mbaineann leat*

- *Ní ceart do pháistí glacadh le cógais nó piollaí ach ó dhochtúir, altra, fiacloir, Mamaí nó Daidí nó duine de na daoine fásta sábháilte atá acu.*

- *Ná teagmhaigh, ná blais agus ná bí ag smúrthacht ar aon rud a mheasann tú a bheadh contúirteach.*

Faigh rialacha eile ó na páistí a chabhródh linn a bheith sábháilte agus sláintiúil - mar shampla rialacha bóthair agus sábháilteacht charr, rialacha maidir le hiompar ar scoil. Léirigh chomh tábhachtach dár sláinte fhisiciúil is atá sé cloí leis na rialacha seo.

Conclúid

D'fhéadfadh na páistí an rann a rá arís, agus/nó achoimre a dhéanamh den mhéid atá foghlamtha acu faoi choinneáil sláintiúil go fisiciúil sa cheacht seo.

Síneadh

Puipéid

Is féidir leat puipéid mhíle méire a dhéanamh mar thionlacan don rann Cúigear Páistí Beaga. Is féidir dhá phíosca beag páipéir a stápláil le chéile ar thrí thaobh ionas gur féidir méar páiste a chur isteach ann. Is féidir na páistí tinne a tharraingt ar thaobh amháin de na puipéid ansin. Féadfaidh páistí éagsúla na puipéid pháipéir a chaitheamh ar a seal agus an rann á aithris acu.

Cuairteoir

D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do thuismitheoir nó duine as an phobal atá ag obair i ngairm cúram sláinte (m.sh. altra sláinte phoiblí) teacht go dtí an seomra ranga le labhairt leis na páistí faoi fhrídíní, tinnis, dul go dtí an dochtúir/altra nó an fiacloir. Is féidir deis a thabhairt do na páistí ceisteanna a chur le haon eagla atá orthu faoin ábhar seo a mhaolú.


Scéalta

Is iomaí leabhar atá ann a phléann na téamaí thuas agus is féidir iad a úsáid san aonad seo. Samplaí:

I don't want to wash my hands le Tony Ross (Harper Collins Children's Books, 2003).

Usborne First Experiences series: *Going to the hospital; Going to the doctor; Going to the dentist.*

Páistí Breoite



CEAHT 2 A CEATHAIR: 2

ÁR gCORP IONTACH

COINCHEAP LÁRNACH

Is féidir le páistí óga tosú ag cur aithne ar a gcorp agus ar an ngá atá le haire a thabhairt dóibh féin.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** Aire do mo chorp
Aithne ar mo chorp
Sábháilteacht agus cosaint
Sábháilteacht Phearsanta

Cuimhnigh:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscóil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

Cuspóirí Ábhair

A thuiscint cén fáth gur gá aire a thabhairt don chorp lena choinneáil sláintiúil folláin.

Meas ar ár gcorp féin agus ar choirp daoine eile.

A thuiscint go mbíonn ar gach duine aonair freagracht a ghlacadh as aire a thabhairt dóibh féin.

Ainmnigh baill den chorp fireann agus baineann, ag úsáid téarmaí cuí anatamaíocha.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Glacacht teanga
Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

■ **Snáithaonad:** Labhairt

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

■ **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin a fhiosrú, chomh maith le heolas agus smaointe, le teacht ar thuiscint

■ **Snáithaonaid:** Drámaíocht a fhiosrú agus a dhéanamh

Machnamh ar an drámaíocht

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Nuair a thosaíonn páistí ar an scoil, is minic a bhíonn ainmneacha eile acu dá mbaill giniúna nó príobháideacha. Ba cheart áfach na téarmaí cearta do bhaill an choirp agus d'fheidhmeanna an choirp a spreagadh ón aois is óige, ionas go dtugtar stádas do na téarmaí bitheolaíocha agus go mbeidh siad inghlactha.

Má dhéantar é seo, is lú an seans a bheidh ann go mbainfidh páistí úsáid as teanga mhíchuí nó gháirsiúil le tagairt don chorp nó d'fheidhmeanna an choirp.

Beidh polasaí OCG ag gach scoil ina dtabharfar treoir maidir leis an téarmaíocht le húsáid do bhaill den chorp i ranganna éagsúla agus is ceart go mbeadh ról an mhúinteora soiléir nuair a thagann deiseanna chun cinn le teanga a shoiléiriú go neamhfhoirmiúil sa rang nó sa chlós.

Tá ábhar breise ar fáil do mhúinteoirí sa chlár OCG ag <http://www.pdst.ie/node/811>

ACMHAINNÍ

- Amhrán: Ceann, Guailí, Glúine is Cos (curtha ar fáil)
- Má tá siad ar fáil, bábóga le cruinneas anatamaíoch (le haghaidh gníomhaíocht mhalartach).

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Réamhrá
- Amhrán
- Mím
- Conclúid

A GEATHAIR: 2

NÓS IMEACHTA SONRACH

Réamhrá

Cuir an ceacht deireanach i gcuimhne do na páistí agus an méid atá foghlamtha acu faoi fhanacht sláintiúil agus folláin. Mínigh go mbeidh siad ag caint sa cheacht seo faoi rudaí a bheidh á ndéanamh acu féin amach anseo maidir leis seo.

Amhrán

Is féidir an t-amhrán: Ceann, Guaillí, Glúine is Cos a mhúineadh do na páistí mura bhfuil sé ar eolas acu cheana féin, nó is féidir leo é a chanadh amhail is go bhfuil sé díreach foghlamtha acu.

Ceisteanna do na paistí

- *An bhfuil aon chuid den chorp ar féidir leat a ainmniú nach bhfuil luaite san amhrán? (Féadfaidh tú a shocrú ag an bpointe seo cad iad na baill choirp le díriú orthu - Féach an Réamhrá don Aonad le haghaidh treoir téarmaí do ranganna na naíonán.*

Plé

Labhair leis na páistí faoi na rudaí iontacha atá ár gcorp in ann a dhéanamh:

- *Cad a thaitníonn leat a dhéanamh le do chorp?*

- *Do lámha? Do chosa! Do ghéaga? Do chosa? Do bharraicíní?*

- *Do mhéara? Do bhéal? Do chluasa? Do shúile?*

Cuir béim ar chomh tábhachtach is atá sé aire a thabhairt dár gcorp ionas go leanfaidh siad ar aghaidh ag feidhmiú.

- *Conas is féidir linn aire a thabhairt dár gcorp?*

Ithe go maith, sin bealach amháin le haire a thabhairt don chorp:

- *Cén cineál bia atá go maith don chorp?*

- *Cén fáth, dar leat?*

Cabhraíonn aclaíocht linn a bheith folláin agus ábalta do ghníomhaíochtaí taitneamhacha:

- *Cén cineál aclaíochta is fearr leat?*

- *Tuige?*

Tá sé tábhachtach an corp a choinneáil glan chomh maith:

- *Cén bealach is fearr leat le coinneáil glan?*

- *Cad iad na baill is ceart a ghlacadh gach lá*

- *An bhfuil baill nó codanna den chorp nach nglantar chomh minic céanna?*

(m.sh. an ghruaig)

- *Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach an corp a choinneáil glan?*

Tá an codladh tábhachtach do pháistí óga go háirithe lena sláinte a choinneáil agus le bheith folláin:

- *Cén t-am a théann tú a luí de ghnáth?*

- *Cén fáth go mbíonn a lán codlata ag teastáil ónár gcorp?*

- *Conas a mhothaímid nuair nach mbíonn go leor codlata againn?*

- *Cén fáth go bhfuil an oiread sin codlata ag teastáil ó bháibíní?*

Léirigh do na páistí go bhfuil sé ar a gcumas cheana féin freagracht a ghlacadh as a gcorp agus iad anois sna Naíonáin Shinsearacha, agus go gcabhróidh sé seo leo a sláinte a choinneáil agus leanúint ar aghaidh ag fás.

Mím

Spreag na páistí leis an aclaíocht nó an ghníomhaíocht is fearr leo a léiriú i mím. Is féidir é seo a dhéanamh ina mbeirteanna, nó i ngrúpaí beaga, agus is féidir leis na páistí eile a thomhas cén aclaíocht nó gníomhaíocht atá i gceist. Iarr ar na páistí ligean orthu gur lá an-te Samhraidh atá ann agus go bhfuil aclaíocht nó gníomhaíocht á déanamh acu:

- *Conas a mhothaíonn sé?*

- *Cad a tharlaíonn don chorp le haclaíocht, go háirithe nuair a bhíonn an aimsir te?*

(Bímid ag cur allais).

A GEATHAIR: 2

NÓS IMEACHTA SONRACH

Mínigh:

- *Úsáideann an corp an t-allas le muid a fhuarú. Ní mór dúinn a bheith cúramach faoinár gcorp a ghlanadh tar éis aclaíochta agus é a dhéanamh go rialta fiú nuair nach mbíonn aclaíocht á déanamh againn.*

Fiafraigh arís:

- *Cén bealach is fearr leat leis an chorp a ghlanadh? (Cith, folcadh).*

Iarr ar na páistí mím a dhéanamh d'aclaíocht ar lá te arís ar feadh nóiméid nó dhó. Anois iarr orthu mím a dhéanamh de na héadaí a bhaint agus dul isteach sa chith:

- *Úsáid spúinse nó tuáille aghaidhe agus cuir glóthach chithfholctha nó gallúnach air.... nímis ár n-aghaidh, ár gcluasa, ár muineál, ár n-ucht/ár gcíocha, ár ndroim, ár mása, idir na cosa mar a bhfuil péineas ag na buachaillí agus pit ag na cailíní anois na cosa, na glúine, na rúitíní, na troithe, agus idir na barraicíní - anois táimid chomh glan le criostal!*

Spreag na páistí le seo a chleachtadh uair amháin eile, agus ainmneacha na mbaill choirp a rá de réir mar a iarrann an múinteoir, le béim ar na hainmneacha cearta anatamaíochta.

(Nó is féidir leat pictiúir, líníochtaí nó bábóga a úsáid le labhairt faoi bhaill éagsúla den chorp, cé nach mbíonn gach bábóg ceart ó thaobh anatamaíochta de.)

Conclúid

Iarr ar na páistí rud amháin a lua a dhéanfaidh siad an tseachtain seo mar iarracht le haire a thabhairt dá gcorp, laistigh (bia nó aclaíocht) agus lasmuigh (sláinteachas nó aclaíocht).

Fiosraigh leo anois agus arís conas atá ag éirí leo. D'fhéadfadh sé a bheith mar chuid dá nuacht laethúil agus d'fhéadfá na páistí a spreagadh le scríobh faoi nithe atá déanta acu le haire a thabhairt dá gcorp nó líníocht a dhéanamh.

Gníomhaíocht Mhalartach

D'fhéadfadh bábóga cruinne anatamaíochta a bheith ag roinnt scoileanna (tá siad ar fáil ó shiopa bréagán Smyth agus ó Amazon) agus is féidir iad seo a úsáid leis na téarmaí cearta a úsáid, agus labhairt faoi aire do chorp. Féach an nasc d'ábhair OCG - Téama 7 do Naíonáin Shinsearacha, mar a bhfuil ceachtanna úsáideacha.

La la
Laaaa...



Ceann, guailí, glúine is cos

Ceann, gua-illí glúine is cos, glúine is cos. Ceann, gua-illí glúine is cos, ag-us sú-ile ag-us

5
clua - sa ag - us béal ag - us smig. Ceann, gua-illí glúine is cos, glúine is cos.

The image shows a musical score for a song. It consists of two staves of music in a 4/4 time signature. The first staff contains the first line of the song, and the second staff contains the second line. The lyrics are written below the notes. The first line of lyrics is "Ceann, gua-illí glúine is cos, glúine is cos. Ceann, gua-illí glúine is cos, ag-us sú-ile ag-us". The second line of lyrics is "5 clua - sa ag - us béal ag - us smig. Ceann, gua-illí glúine is cos, glúine is cos." The number 5 is written above the first note of the second staff.

CEAHT 3 A CEATHAIR: 3

NITHE A THÉANN I MO CHORP

COINCHEAP LÁRNACH

Ó bhíonn siad an-óg is féidir páistí a spreagadh le bheith freagrach as na rudaí atá sábháilte nó contúirteach, sláintiúil nó míshláintiúil le cur isteach ina gcorp.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

■ **Snáithaonad:** Féinaithe
Féinmhuinín a fhorbairt

Cuspóirí Ábhair

A bheith níos mó féintuilleamaí agus neamhspleáiche.

Tosú ag foghlaim conas plé leis na hathruithe éagsúla de réir mar a tharlaíonn siad.

■ **Snáithaonad:** Aire do mo chorp
Eolas faoi mo chorp

Cuimhnigh:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>

Cuspóirí Ábhair

A thuiscint cén fáth gur gá aire a thabhairt don chorp lena choinneáil sláintiúil folláin.

Meas ar ár gcorp féin agus ar choirp daoine eile.

Tuig go mbíonn ar gach duine aonair freagracht a ghlacadh as aire a thabhairt dóibh féin.

■ **Snáithaonad:** Sábháilteacht agus Cosaint
Sábháilteacht phearsanta

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscóil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

Cuspóirí Ábhair

Straitéisí oiriúnacha sábháilteachta a fhiosrú.

Féachaint ar an gcaoi ar féidir le daoine eile

tathaint orthu iompar neamhshábháilte a dhéanamh.

Ceisteanna sábháilteachta.

A thuiscint go bhfuil a lán substaintí a úsáidtear sa bhaile nó ar scoil contúirteach agus gur cheart cead a lorg sula bhfiosraítear cad atá iontu.

Cuid de na substaintí nó na rudaí a chuirtear isteach sa chorp agus na feidhmeanna a bhaineann leo a aithint.

Fiosraigh ócáidí ina mbíonn gá le cógais, instealltaí nó piollaí agus na rialacha sábháilteachta a bhíonn i bhfeidhm nuair a ghlactar le cógais.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Oscailteacht do theanga
Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

■ **Snáithaonad:** Labhairt

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiúil

- **Snáithe:** Líníocht
■ **Snáithaonad:** Líníochtaí a dhéanamh

Oideachas Ealaíona - Drámaíocht

- **Snáithe:** Drámaíocht le mothúcháin a fhiosrú, chomh maith le heolas agus smaointe, le teacht ar thuiscint

■ **Snáithaonaid:** Drámaíocht a fhiosrú agus a dhéanamh

Machnamh ar an drámaíocht

Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dráma

CEAHT 3 A CEATHAIR: 3

NITHE A THÉANN I MO CHORP

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Is féidir irisí nó pictiúir réamhchlóite ón idirlíon páistí a threorú sa treo cheart don ghníomhaíocht gearradh amach, agus samplaí éagsúla a thabhairt dóibh a chabhróidh leis an bplé ar ball.

ACMHAINNÍ

- Dán (curtha ar fáil)
- Bileoga de mhéid smeach-chairte le himlíne den chorp (sampla ar fáil)
- Irisí
- Páipéar agus pinn luaidhe

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Dán
- Póstaer
- Plé
- Póstaer
- Conclúid

NÓS IMEACHTA SONRACH

A GEATHAIR: 3

Dán

Léigh an dán: *Cad as a dhéantar buachaillí beaga?* do na páistí.

Cad as a dhéantar buachaillí beaga?

*Cad as a dhéantar buachaillí beaga?
Froganna agus seilmidí
agus rubaillíní coileán,
Is astu sin a dhéantar buachaillí beaga.*

*Cad as a dhéantar cailíní beaga?
Cad as a dhéantar cailíní beaga?
Siúcra agus spíosraí
agus a lán rudaí deasa,
Is astu sin a dhéantar cailíní beaga.*

Fiafraigh de na páistí cad a cheapann siad faoin dán:

- *An bhfuil buachaillí agus cailíní beaga déanta as na rudaí seo i ndáiríre?*

Faigh amach ó na páistí cad as a dhéantar coirp agus cad iad na rudaí a théann isteach inár gcorp. Lig do na páistí na rudaí a théann isteach inár gcorp a phlé ina mbeirteanna agus luaigh leis an ghrúpa iomlán iad.

Rangaigh na freagairtí mar a leanas:

- Bia - rudaí a ithim agus a ólaim
- Cógais - táibléid, instealltaí, anáilóir
- Rudaí eile - aer, bolaithe, cumhrán srl

Póstaer

Roinn na páistí ina ngrúpaí agus tabhair imlíne coirp do gach grúpa ar bhileog smeach-chairte. Tabhair irisí agus an páipéar amach agus iarr ar na páistí aon rud a smaoiníonn siad air agus a théann isteach sa chorp a ghearradh amach agus na pictiúir sin a ghreamú timpeall ar an taobh amuigh den imlíne coirp. Tig le páiste amháin as gach grúpa insint faoi na pictiúir a phioc siad agus cén fáth gur phioc siad iad.

Plé

Labhair leis na páistí faoin obair atá déanta acu. Mínigh dóibh gur féidir le rudaí dul isteach sa chorp ar bhealaí éagsúla.

- *An féidir libh smaoineamh ar rudaí a théann isteach inár gcorp?*

- *Cad iad na rudaí a théann isteach inár gcorp tríd an tsrón, na cluasa, an béal, na súile, an craiceann?*

Fiosraigh leis na páistí conas a théann na nithe atá greamaithe ar an phóstaer acu isteach sa chorp.

- *Cé a chuireann isteach é, nó conas a théann sé isteach (Mé féin, Daid, an dochtúir, an t-altra, trí thimpiste, d'aon ghnó, dúirt duine éigin liom é a chur isteach.)*

- *Cad chuige é?*

Mínigh do na páistí nach bhfuil roinnt rudaí sábháilte le cur isteach sa chorp. An féidir libh smaoineamh ar shamplaí de rudaí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach? Mura luann na páistí iad, meabhraigh dóibh nach bhfuil sé sábháilte aon rud beag (caora, boinn airgid, caipíní marcóirí, srl) a chur ina srón, agus fiafraigh díobh an raibh ar aon duine riamh dul chuig an dochtúir nó an t-ospidéal le rud a bhaint amach.

Cuir béim air go mbíonn cógais an-úsáideach le biseach a chur ar dhaoine atá tinn, ach gur féidir leo a bheith an-chontúirteach chomh maith. Meabhraigh dóibh nach ceart dóibh táibléid, piollaí ná cógais a ghlacadh mura dtugann duine fásta sábháilte dóibh iad.

Tabhair 3 chrián do gach grúpa (dearg, glas agus oráiste) lenar féidir poncanna a chur le hais gach rud a ghreamaigh siad timpeall ar phictiúr an choirp mar a leanas: ponc glas- sábháilte, ponc oráiste - neamhchinnte; ponc dearg - contúirteach.

A GEATHAIR: 3

NÓS IMEACHTA SONRACH

Imirt Ról

Labhair leis na páistí faoi cad a dhéanfadh siad dá n-iarrfadh duine éigin orthu rud nach raibh siad cinnte faoi a ithe nó a bhlaiseadh. Ceisteanna do na páistí:

- Cé air a d'fhéadfá ceist a chur an bhfuil sé sábháilte é seo a chur i do chorp?
- Cad a d'fhéadfá a rá leis an duine a d'iarr ort rud éigin a ithe nó a bhlaiseadh?

Úsáid na suímh imirt ról thíos (nó cruthaigh roinnt tú féin) le coincheap na sábháilteachta a fhiosrú i ngach suíomh.

1. Tá beirt pháiste ag súgradh sa bhaile agus faigheann páiste amháin buidéal táibléad i seomra na dtuismitheoirí. Tosaíonn páiste amháin ag tathant ar an bpáiste eile 'milseán' a ghlacadh. Deir sí nach mbeidh sí mar chara aici mura nglacann sí é.
2. Triúr páistí ag imirt lasmuigh: faigheann siad paicéad milseán ar an talamh. Teastaíonn ó dhuine de na páistí iad a roinnt amach.
3. Tá beirt pháiste ag súgradh le chéile i mbothán sa gháirdín. Teastaíonn ó pháiste amháin caifé a imirt. Bailíonn páiste amháin substaintí agus leachtanna sa bhothán agus cuireann ar bhord iad agus ritheann sí isteach ansin le cupáin phlaisteacha a iarraidh ar a Mam.
4. Tá na páistí ag súgradh le chéile ar scoil. Tugann siad faoi deara go bhfuil doras an stóir fágtha ar leathadh ag an fheighlí. Ní bhacann na páistí leis an fhógra BAOL ar an doras agus isteach leo.

Tabhair deis do na páistí cleachtadh a dhéanamh ar:

- *Ní dhéanfaidh mé*

nó

- *Ní dhéanfaidh mé! Cuirfidh mé ceist ar dhuine éigin ar dtús*

nó:

Ní dhéanfaidh agus imeacht leo

- *Ní maith liom an blas,*

nó



- *Ní ghlacfaidh go raibh maith agat, dúirt mo Mham liom gan aon rud a ghlacadh ó... srl*

Conclúid

Meabhraigh gach rud atá foghlamtha acu faoi aire a thabhairt don chorp, agus é a choinneáil sábháilte do na páistí agus spreag iad leis na rudaí atá foghlamtha acu a chleachtadh gach lá.

Féadfaidh na páistí a bhfuil foghlamtha acu a thaifeadadh le líníocht, scríbhneoireacht nó labhairt le comhpháirtí faoi.

An Corp



AONAD A CÚIG MOTHÚCHÁIN

MISNEACH

CLÁR

AONAD A CÚIG MOTHÚCHÁIN

SNÁITHE MISE

Snáithaonad Féinaithne

Ag fás agus ag athrú

SNÁITHE MISE AGUS DAOINE EILE

Snáithaonaid Mo chairde agus daoine eile

Caidreamh le daoine eile

RÉAMHRÁ DON AONAD

Fiosraítear téama na mothúchán san aonad seo, agus forbairt na teanga le mothúcháin a chur in iúl go cuí.

Fiosraítear an sonas agus na mothúcháin a bhaineann le suímh nua. Breathnaítear ar an sonas mar chuid riachtanach d'fholláine gach duine. Fiosraítear é i gcomhthéacs na mórtharlúintí inár saol, laethanta breithe mar shampla, agus na himeachtaí beaga laethúla ina bhfaighimid nóiméid sonais.

Fiosraíonn na páistí a n-ócáidí sonais féin agus cuireann i bhfocail iad trí obair chiorcail, agus leis sin forbraíonn siad na scileanna teanga atá riachtanach le mothúcháin a chur in iúl agus a roinnt, méadaíonn a n-inniúlacht shóisialta agus a sláinte mhothúcháinach dá réir.

Tugann na páistí aghaidh ar na nithe anaithnide a chuireann eagla orthu trí thuras samhlaíoch agus laghdaítear iad. Le léirshamhlú, aimsíonn na páistí bealaí le dul i ngleic le suímh nua. Cuirtear na mothúcháin seo in iúl trí obair ealaíne chomh maith.

Cé nach í aidhm an cheachta mothúcháin dhoimhne a nochtadh, d'fhéadfadh ceann de na hábhair páiste a spreagadh ar bhealach a spreagadh iad le labhairt faoi thaithí phianmhar, nó tosú ag caoineadh. Le plé leis seo, glac leis an

mothúchán atá ag páiste, agus tabhair sólas dóibh má bhíonn siad ag caoineadh - mar shampla, abair go bhfuil sé nádúrtha caoineadh nuair a bhíonn brón orainn. Tabhair am don chuid eile a dtacaíocht a chur in iúl. Cabhraíonn sé le páistí mothú ceart go leor faoi bheith brónach nó gortaithe má dhéanann siad teagmháil súl le beirt nó triúr eile, agus bíonn sé níos éasca dóibh nasc a dhéanamh le cairde ina dhiaidh sin.

Uaireanta bíonn breis cabhrach de dhíth ar pháiste, éisteacht duine le duine, tacaíocht ón mbaile, nó gníomhaíocht atreorú chuig gníomhaireacht sláinte nó gníomhaireacht dheonach (le cead na dtuismitheoirí).

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1

Rudaí ar Féidir a Bheith Sona Fúthu

Ceacht 2

Marcaíocht ar Bhalún Aeir Te

CEACHT 1

RUDAÍ AR FÉIDIR A BHEITH SONA FÚTHU

A CÚIG: 1

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a thugann daoine níos mó aire agus tuisceana do dhaoine eile cabhraíonn sé leo caidreamh níos fearr a dhéanamh agus cruthaíonn sé sonas. Is dlúthchuid dár bhfolláine é an sonas.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag fás agus ag athrú
Braistint agus mothúcháin

Cuspóirí Ábhair

Mothúcháin éagsúla a ainmniú agus labhairt faoi shuímh inar féidir taithí a fháil orthu.

Tosú ar a bheith íogair i leith mothúcháin daoine eile agus a thuiscint go mbíonn tionchar ag gníomhartha duine amháin ar mhothúcháin daoine eile.

Ócáidí inar féidir mothúcháin dhearfacha a spreagadh iontu féin a fhiosrú agus a phlé.

■ **Snáithe:** Mise agus Daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile.

Cuspóir Ábhair

Chairde ar scoil a aithint agus meas a léiriú orthu agus ar an gcaoi ar féidir cabhair agus aire a thabhairt dá chéile.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Oscailteacht do theanga
Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

Snáithaonaid: Labhairt
Scribhneoireacht

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiúil

- **Snáithe:** Líníocht
Snáithaonad: Líníochtaí a dhéanamh

ACMHAINNÍ

- Réad cainte
- Bileoga móra le: Inár rang bíonn sonas orainn nuair scríofa i lár ciorcail
- Bileog Oibre: Rudaí ar Féidir a Bheith Sona Fúthu

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Obair Chiorcail
- Líníocht nó Scríobh
- Bileog Oibre

Obair Chiorcail

Suíonn na páistí i gciorcal. Tosaigh trí chaint leis na páistí faoi na nithe a chuireann sonas orainn. Tabhair sampla do na páistí mura mbíonn ceann acu féin, mar shampla, breithlá nó féile chultúrtha (oiriúnach do pháistí do ranga), agus iarr orthu cinn eile a ainmniú. D'fhéadfadh sé cabhrú má dhírítear ar ghrúpaí nó ar shuímh ar leith m.sh. teaghlach: breith linbh nua, mamó agus daideo ag teacht ar cuairt, laethanta saoire.

I measc grúpaí nó suímh eile bheadh an scoil, an chomharsanacht agus cairde.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar ghnáthrudáí laethúla a thiteann amach agus a chuireann sonas orainn. Mar ullmhúchán don bhabhta, féadfaidh na páistí iad seo a phlé ina mbeirteanna. Cuir an réad cainte timpeall agus iarr ar na páistí an abairt seo a chríochnú:

- *bíonn sonas orm sa rang seo nuair...*

agus spreag na páistí le smaoineamh ar uaireanta a rinne duine éigin sa rang rud éigin a chuir sonas orthu.

Líníocht nó Scríobh

Is féidir le páistí aonair, beirteanna nó grúpaí beaga an ghníomhaíocht seo a dhéanamh, ag brath ar chumas an ranga agus ar chumas na bpáistí obair le chéile.

Tabhair bileog mhór páipéir do gach páiste, beirt nó grúpa leis na focail: Inár rang bíonn sonas orainn nuair scríofa i lár ciorcail

Mínigh do na páistí go dteastaíonn uait go smaoineodh siad ar gach uair a mhothaigh siad sona sa rang. Féadfaidh siad pictiúir a tharraingt leis na huaireanta sin a léiriú. Abair leo go dtiocfaidh tú timpeall le cabhrú leo focail ba mhaith a scríobh a litriú. D'fhéadfá do chuid

samplaí féin a thabhairt chomh maith leis na bileoga má tá na páistí ag obair ar bhileoga móra.

Is ceart am a thabhairt do gach páiste nó grúpa a bpictiúr a roinnt leis an chuid eile de na páistí. Taispeáin iad seo in áit shuntasach agus déan tagairt dóibh go rialta nuair a bhímid sona nó mar is cuí.

Bileog Oibre

Dáil amach an Bhileog Oibre: **Rudaí ar féidir a bheith sona fúthu.** Meabhraigh na suímh atá pléite cheana féin acu do na páistí, agus iarr orthu í a chomhlánú.

Tabhair noda do na páistí i dtaobh uaireanta nó suímh éagsúla inar féidir linn sonas a mhothú, m.sh. rudaí a dhéanann siad go maith, na daoine a chuireann sonas orainn, áiteanna a bhfuil cuimhní sona acu orthu, ainmeacha amhrán a chuireann meangadh orthu, radhairc sa dúlra a chuireann sonas orainn. Is féidir leat féin ceann a líonadh isteach os comhair an ranga le roinnt tuairimí a thabhairt dóibh.


Lig dóibh na bileoga oibre a thabhairt abhaile leo agus cuir leo le cabhair óna dtuismitheoirí.

Síneadh





Sna laethanta dar gcionn, sula dtéann na páistí abhaile, tabhair cuireadh dóibh críoch a chur leis an abairt:

- *Bhí sonas orm inniu nuair...*

Nithe ar féidir a bheith sona fúthu



Cuireann na rudaí seo sonas orm...



CEAHT 2

A CÚIG: 2

MARCAÍOHT AR BHALÚN AER TE

COINCHEAP LÁRNACH

Má ghlactar le mothúcháin agus má aithnítear iad idir thaitneamhach agus mhíthaitneamhach is fearr an glacadh a bhíonn againn linn féin agus le daoine eile.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Ag fás agus ag athrú
Braistint agus mothúcháin

Cuspóirí Ábhair

Mothúcháin éagsúla a ainmniú agus labhairt faoi shuímh inar féidir taithí a fháil orthu.

Fiosraigh na bealaí éagsúla inar féidir mothúcháin a chur in iúl agus plé leo.

Ócáidí inar féidir mothúcháin dhearfacha a spreagadh iontu féin a fhiosrú agus a plé.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Oscailteacht do theanga
Cumas agus muinín in úsáid teanga
Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga
Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theangia

Snáithaonad: Labhairt

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiúil

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonad: Líníochtaí a dhéanamh

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Cé go mbeidh taithí ar bhalúin ag na páistí go léir, ní bheidh balún aer te feicthe ag a lán acu.

ACMHAINNÍ

- Pictiúr de bhalún aer te
- Ceol bog

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Obair Chiorcail
- Ionsamhlú
- Líníocht agus Plé

Obair Chiorcail

Bain úsáid as an chluiche seo le mothúcháin thaitneamhacha agus mhíthaitneamhacha a chur i láthair agus seans a thabhairt do na páistí smaoineamh ar uaireanta ina saol inar mhothaigh siad mar sin.

Suíonn na páistí i gciorcail. Abair leis na páistí éisteacht le gach treoir agus áit a athrú más cuí. Tar éis gach sampla, iarr ar na páistí a d'athraigh a n-áit a rá conas a mhothaigh siad sa suíomh sin. Athraigh d'áit má:

- *chuaigh tú chuig cóisir breithlae le duine éigin*
- *má thaistil tú in eitleán roimhe seo*
- *bhí tú ar thrá riamh ar lá griannmhar*
- *má bhí tú riamh in áit nach raibh aithne agat ar aon duine*
- *má bhí tú ag snámh riamh sa bhfarraige ar lá an-ghriannmhar*
- *má luasc tú go han-ard riamh ar luascán*
- *má fuair tú bronntanas fíordheas riamh*
- *má bhí madra sa tóir ort riamh*

Cuir na ceisteanna in oiriúint don rang áirithe atá agat agus cuir cinn eile leo má oireann siad.

Ionsamhlú

Iarr ar na páistí gach rud atá in ann eitilt a ainmniú: éin, eitleáin, roicéid, héileacaptair, balúin aer te.

Taispeáin pictiúr de bhalún aer te dóibh. Mínigh do na páistí go dtabharfaidh tú iad ar thuras samhalta ar bhalún aer te. Is ceart an script a rá le guth scéalaíochta. Seinn ceol bog éadrom sa chúlra. Léigh go mall é, tóg sos go minic le deis a thabhairt dóibh na nithe go léir atá luaite sa script a fheiceáil agus a dhéanamh ina samhlaíocht.

Moltar an téacs seo a leanas, ach is féidir cuid de nó an t-iomlán a athrú le bheith oiriúnach don rang:

- Faigh spás agus suigh go compordach ar an urlár. I gceann nóiméid iarrfaidh mé oraibh bhur súile a dhúnadh agus rachaimid ar thuras samhalta. Inseoidh mé scéal daoibh agus déanaigí iarracht é a leanúint.

Samhlaigí an méid a insím daoibh agus féachaigí conas a mhothaíonn sibh agus sibh á dhéanamh. Éistigí go cúramach leis an méid a deirim, samhlaigí é ag tarlú daoibh féin agus déanaigí iarracht a shamhlú conas a mhothaíonn sibh agus sibh á dhéanamh. Nuair a chríochnaíonn muid osclaigí na súile agus déanaigí pictiúr agus beidh an turas thart.

Dúnaigí na súile anois agus déanaigí análú mall domhain isteach agus amach

Lig ort go bhfuil tú ar thuras i mbalún aer te ... Dreap isteach i gciseán an bhalúin ... Cé atá sa chiseán leat? Mamaí, Daid, Mamó, nó duine éigin speisialta eile

Tá balún ollmhór daite os do chionn ... Líonann an balún le haer agus ardaíonn sé an ciseán den talamh go mall Conas a mhothaíonn tú agus tú ag dul ar an eachtra seo?

Mothaíonn tú an ciseán ag imeacht ón talamh agus ag éirí suas níos airde agus níos airde ... Ní fada go mbíonn tú ag eitilt go hard os cionn na talún.... Tá an ghrian ag taitneamh sa spéir mhór ghorm.... Tá gaoth bhog ag séideadh agus scamail chlúmhacha ar foluain san aer...

Féach síos ar an domhan ... tá tú i bhfad thuas os cionn na talún... Conas a mhothaíonn sé a bheith cosúil le héan sa spéir ? Feiceann tú na páirceanna beaga go léir... Tá cuma an-bheag ar na tithe....

Ní féidir leat daoine a fheiceáil mar go bhfuil tú chomh hard sin suas...

Gluaiseann an balún thar shliabh ard glas agus téann ar foluain os cionn na mara Téann faoileán cairdiúil thar bráid agus croitheann tú do lámh leis... Conas a mhothaíonn tú anois?

Feiceann tú oileán beag agus trá álainn agus tosaíonn an balún ag dul síos in áit dul suas.... Tá an balún ag síobadh síos go dtí an gaineamh agus tuirlingíonn sé le buille beag... Conas a mhothaíonn sé a bheith ar ais ar an talamh

Nuair atá tú réidh oscail na súile agus tar ar ais go dtí an seomra ranga.

Lig do na páistí suí go ciúin ar feadh cúpla nóiméad roimh dhul ar aghaidh go dtí an chéad ghníomhaíocht eile.

Liníocht agus Plé

Iarr ar na páistí pictiúr dá dturas sa bhalún aer te a tharraingt. Seinn an ceol arís agus iad ag obair. Agus na páistí ag líníocht, téigh timpeall an tseomra mar a bheadh scríobhaí le cuid dá smaointe agus dá mothúcháin a thaifeadadh ar a gcuid pictiúr.

Mar rang iomlán, iarr ar na páistí a gcuid pictiúr a roinnt le chéile agus labhairt faoin gcaoi a mhothaigh siad. Díriú an plé ar mar a mhothaigh siad ag céimeanna éagsúla den turas - nuair a bhí siad go hard san aer, amuigh os cionn na farraige, ag teacht i dtír. Iarr orthu cur síos a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag na mothúcháin ar bhaill éagsúla den chorp. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith úsáideach:

- Ar thaitin an turas balúin leat?

- Tuige? Tuige nár thaitin?

- Ar mhothaigh tú mar sin riamh cheana? Cathain?

- Cad a bhí le feiceáil ón aer nach féidir leat a fheiceáil ón talamh?

- Cé a bhí sa chiseán leat?

- Dá bhféadfá dul ar thuras i mbalún aer te, cén áit ar mhaith leat dul?

Is féidir focail mhothúcháin a luann na páistí a chur ar phóstaer agus a thaispeáint. Ó am go ham is féidir na focail a úsáideadh a mheabhú do na páistí, agus an gaol a bheadh acu leis an taithí éagsúil a bhíonn againn inár saol. Is fiú a lua chomh maith gur féidir le mothúcháin éagsúla a bheith ag páistí faoina n-eispéireas, fiú l suímh den chineál céanna - mar gur duine ar leith gach duine acu le roghanna agus spéiseanna éagsúla.

Síneadh

Is féidir turais shamhalta eile a chruthú do na páistí m.sh. turas faoi uisce le maighdean mhara. D'fhéadfaí suímh eile a chur leis, cinn a bheadh míchompordach do na páistí, ar nós a bheith timpeallaithe ag éisc mhóra faoin fharraige, gan a bheith in ann caint, srl.

Balún Aer Te!



AONAD A SÉ
MISE AGUS AN SAOL MÓR

MISNEACH

CLÁR

AONAD A SÉ

MISE AGUS AN SAOL MÓR

SNÁITHE

MISE AGUS AN SAOL MÓR

Snáithaonad Forbairt na Saoránachta

Pobal na Scoile

Maireachtáil sa phobal áitiúil

Aire don timpeallacht

Oideachas sna meáin

RÉAMHRÁ DON AONAD

Tá forbairt ar thuiscint ar an éagsúlacht sa scoil féin agus sa saol i gcoitinne ríthábhachtach mar aidhm don churaclam OSPS.

Sna ceachtanna seo, beidh a n-uathúlacht féin agus uathúlacht daoine eile á fiosrú ag na páistí. Foghlaimíonn siad go bhfuil meas ar rialacha tábhachtach le gach duine a choinneáil sábháilte ar scoil. Tá meas ar an phobal áitiúil mar áit le nasc a dhéanamh le daoine eile i ngníomhaíochtaí áitiúla.

Tá níos mó á fhoghlaim ag páistí i gcónaí faoi cheisteanna domhanda agus fiú ag an aois seo is féidir leo tosú ag glacadh freagrachta as an domhan a choinneáil glan agus inbhuanaithe.

Sa cheacht deireanach, tosaíonn na páistí ag foghlaim faoi na meáin atá ina saol, agus faoi bhuntáistí agus míbhuntáistí meán áirithe.

CEACHTANNA SAN AONAD SEO

Ceacht 1

Meas ar Dhifríochtaí

Ceacht 2

An bhfuil Gá againn le Rialacha?

Ceacht 3

An Áit a bhFuil Cónaí Orm

Ceacht 4

Aire do mo Dhomhan

Ceacht 5

Na Cláir is Fearr Linn

CEAHT 1

MEAS AR DHIFRÍOCHTAÍ

A SÉ: 1

COINCHEAP LÁRNACH

Trí chabhrú le páistí tuiscint a fháil ar chultúir dhifriúla foghlaimeoidh siad meas agus tuiscint ar dhaoine eile.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise agus an Saol Mór
- **Snáithaonad:** Saoránacht a fhorbairt
Pobal na Scoile

Cuspóir an Ábhair

Foghlaim faoi ilghnéitheacht na bpáistí sa rang agus sa scoil

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithí:** Inniúlacht agus muinín in úsáid teanga
- **Snáithaonad:** Labhairt

Mata

- **Snáithe:** Sonraí
- **Snáithaonad:** Sonraí a aithint agus a léirmhíniú

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Tá spás ag teastáil don chluiche ag tús an cheachta.

Má tá páistí as cultúir éagsúla sa rang, tabhair deis dóibh labhairt faoi bhia agus ceiliúradh ina dteaghlaigh, más mian leo.

ACMHAINNÍ

- Pictiúr: Páistí as Cultúir Éagsúla
- Bileog Oibre: Seo Mise!

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Cluiche
- Plé
- Déan Leabhar Ranga

Cluiche

Eagraigh spás do na páistí le gluaiseacht trasna an ranga. Léirigh agus mínigh an cluiche do na páistí:

- *Téann na daoine ar fearr leo oráistí go ceann amháin den seomra agus iad sin ar fearr leo úlla go dtí an ceann eile*

Tosaigh an cluiche, iarr ar na páistí an rud is fearr leo a roghnú agus dul go dtí an spota ceart den seomra lena rogha a thaispeáint. Is féidir na nithe seo a leanas a úsáid le rogha a dhéanamh:

- *Imirt le Lego nó míreanna mearaí*
- *Uisce nó bainne*
- *Rice Krispies nó Coco Pops*
- *Súgradh sa ghaineamh nó súgradh le huisce*
- *Súgradh ar an sleamhnán nó ar an luascán*

Nuair atá na páistí tar éis iad féin a chur san áit is rogha leo, iarr orthu labhairt leis an duine atá ag seasamh taobh leo agus a rá cad a thaitníonn leo faoin rogha atá déanta acu. Ansin iarr ar na páistí ag dhá cheann an tseomra a mhíniú cad a thaitníonn leo faoina rogha féin.

Dírigh aird ar mar a thaitníonn roinnt de na rudaí a dhéanann muid le daoine áirithe agus gur fearr le daoine eile rud difriúil.

Plé

Labhair faoi na cosúlachtaí agus na difríochtaí fisiciúla atá eadrainn.

a) Tréithe fisiciúla

- *Cad iad na dathanna gruaige éagsúla atá ar dhaoine sa rang seo? - Dathanna súl?*

Féadfaidh na páistí súil a tharraingt leis an dath cuí ar chearnóg páipéir agus iad a ghreamú ar bhileog níos mó le barragraf a dhéanamh de dhathanna súl sa rang.

b) teaghlach - fiafraigh:

- *Cé hiad na páistí a bhfuil beirt, triúr, ceathrar nó níos mó daoine sa teaghlach acu?*

Féadfaidh na páistí seasamh i línte le méid na dteaghlach a léiriú mar bharragraf.

Taispeáin na Pictiúir: Páistí ó chultúir éagsúla do na páistí. Labhair faoi na rudaí a thugann na páistí faoi deara maidir leis na héadaí, an bia nó aon difríochtaí suntasacha cultúrtha eile. Tabhair cuireadh do na páistí cur síos a dhéanamh ar an mbia a itheann siad nuair a bhíonn ceiliúradh sa teaghlach

Déan Leabhar Ranga

Iarr ar na páistí an **Bhileog Oibre: Seo Mise!** a chomhlánú. Is féidir na bileoga seo a cheangal i leabhar darbh ainm *Ár Rang*. Is féidir filleadh ar an leabhar seo níos déanaí.

Síneadh




Is féidir cuireadh chun tae a thabhairt do na tuismitheoirí agus samplaí den bhia ó chultúir éagsúla a chur ar fáil.

Féadfaidh tuismitheoirí ó chultúir éagsúla cuairt a thabhairt ar an seomra ranga agus cluiche traidisiúnta ina gcultúr féin a mhúineadh do na páistí..

Páistí ó Chultúir Éagsúla



Seo Mise!



Is mise

An Bia is fearr liom

Is as dom

CEAUGHT 2

A SÉ: 2

AN BHFUIL GÁ AGAINN LE RIALACHA?

COINCHEAP LÁRNACH

Trí amharc ar rialacha leis na páistí cabhróidh sé leo a dtábhacht dá sábháilteacht agus dá sláinte a thuiscint.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise agus an Saol Mór
- **Snáithaonad:** Saoránacht a fhorbairt
Maireachtáil sa phobal áitiúil

Cuspóirí Ábhair

Na rialacha sa ghrúpa nó sa phobal i gcoitinne a aithint agus dul i dtaithí orthu, na daoine a thugann aire do na rialacha seo, agus an tábhacht a bhaineann le rialacha le daoine a choinneáil slán.

Tabhair aitheantas agus meas do na daoine nó na grúpaí a bhíonn ag freastal ar an phobal áitiúil agus ar an méid a dhéanann siad leis an saol a fheabhsú do dhaoine eile.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithe:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
- **Snáithaonaid:** Labhairt
Scríbhneoireacht

Oideachas Ealaíona

- **Snáithe:** Líníocht
- **Snáithaonad:** Líníochtaí a dhéanamh

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Ag tús an cheachta siúlta timpeall na scoile le hamharc ar na rialacha atá ar taispeáint, roimh an cheacht, amharc ar na fógraí atá sa scoil agus mórthimpeall uirthi, ina gcuirtear béim ar rialacha m.sh. siúlaigí sa halla, bruscar sa bhosca bruscair.

ACMHAINNÍ

- Pictiúir d'áiteanna a dtugann páistí cuairt orthu go rialta m.sh. siopaí, páirc, leabharlann - Is féidir iad seo a íoslódáil ón idirlíon agus/nó a thaispeáint ar an gclár bán.
- Criáin agus Páipéar

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Siúl Thart
- Pictiúir agus plé
- Líníocht agus plé
- Taispeántas

Siúl Thart

Siúil thart ar an scoil leis na páistí agus amharc ar na fógraí ina dtaispeántar rialacha na scoile. Scrúdaigh an riail ag gach fógra:

- Cé a scríobh an riail seo?
- An riail mhaith í seo?
- Cad a tharlódh mura gcloífimis leis an riail seo?

Pictiúir agus Plé

Taispeáin pictiúir de na háiteanna a dtugann siad cuairt go rialta orthu do na páistí (feach Nóta don Mhúinteoir) agus pléigh na rialacha atá sna háiteanna seo.

- An bhfuil roinnt rialacha ar eolas agaibh faoi na rudaí a dhéanaimid anseo ar eolas agaibh?
- Cad a tharlódh mura gcloífimis leis na rialacha seo?
- An bhfuil na rialacha go léir scríofa síos?
- Mura bhfuil siad go léir scríofa, conas atá siad ar eolas againn?
- Cé a d'inseodh rialacha dúinn?

Liníocht agus Plé

Tarraing pictiúr de pháiste i lár bileoige móire páipéir. Mínigh do na páistí:

- *Samhlóidh mé gur seo duine agaibhse agus teastaíonn uaim go n-inseoidh tú gach rud dom faoi na daoine go léir sa bhaile, ar scoil agus as an mbaile seo (ainmnigh an baile nó an ceantar áitiúil) a chabhraíonn leat féin agus le páistí eile inár gceantar.*

De réir mar a ainmníonn na páistí na daoine a chabhraíonn leo, scríobh nó tarraing pictiúr de na daoine seo timpeall ar an bpáiste ar an leathanach (m.sh. Mam, Daid, deartháireacha, deirfiúracha, garda, fear an phoist, ceannaire gasóga).

Labhair faoin chaoi a dtugann na daoine seo cabhair. Tabhair páipéar agus criáin do na páistí agus iarr orthu pictiúr a tharraingt díobh féin sa lár agus pictiúr de na daoine a chabhraíonn leo féin agus le daoine eile a tharraingt.

Taispeántas

Iarr ar na páistí labhairt le comhpháirtí faoina bpictiúr. Cuir pictiúir na bpáistí ar taispeánt. Is féidir meirge a thaispeánt. *Daoine a Chabhraíonn linn inár bPobal*

CEAHT 3

A SÉ: 3

AN ÁIT A BHFUIL CÓNÁÍ ORM

COINCHEAP LÁRNACH

Nuair a thugtar deis do pháistí imeachtaí agus daoine áitiúla a phlé spreagtar iad le meas a thabhairt ar a bpobal áitiúil.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise agus an Saol Mór
- **Snáithaonad:** Saoránacht a fhorbairt
Maireachtáil sa phobal áitiúil

Cuspóirí Ábhair

Tosú ar aitheantas áitiúil a thabhairt faoi deara agus páirt a ghlacadh in imeachtaí áitiúla agus taitneamh a bhaint as iad a cheiliúradh.

A thuiscint go bhfuil a chion tábhachtach féin le déanamh ag gach duine i saol an phobail.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithe:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
- **Snáithaonad:** Labhairt

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiúil

- **Snáithe:** Líníocht
- **Snáithaonad:** Líníochtaí a dhéanamh

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Beidh an chuid dheireanach den cheacht seo á déanamh níos déanaí.

ACMHAINNÍ

- Pictiúir de ghnéithe tábhachtacha den phobal áitiúil - ar taispeántas nó íoslódáilte ón idirlíon.
- Criáin agus Páipéar
- Lámh mhór déanta as páipéar láidir nó cairtchlár le hainm gach páiste scríofa air.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEAHTA

- Pictiúir agus Plé
- Líníocht agus Plé
- Taispeántas Ranga

Pictiúir agus Plé

Taispeáin pictiúir d'fhoirgnimh agus radhairc áitiúla do na páistí. Labhair leo faoi na foirgnimh nó na radhairc seo:

- *Cad é seo?*
- *Cá bhfuil sé?*
- *An raibh tú riamh ann?*
- *Cé a bhíonn ag obair/ ina chónaí/ ag imirt anseo?*
- *Cad iad na fuaimneanna a chloisfeá ansin?*

Liníocht agus Plé

Cuir ceist ar na páistí faoi áiteanna a dtaitníonn sé leo dul iontu sa phobal áitiúil agus cad is maith leo a dhéanamh nuair a bhíonn siad ann.

Déan liosta díobh seo agus spreag na páistí le labhairt faoi na háiteanna agus na hócáidí seo. Cé hiad na daoine a thugann aire do na háiteanna seo nó a eagraíonn na hócáidí seo?

Is féidir ócáidí ceiliúrtha áitiúla a chur i láthair. Bíonn mórshuílta Lá Fhéile Pádraig ag roinnt pobal mar shampla, agus bíonn campaí samhraidh á n-eagrú ag dreamanna eile do na páistí, nó laethanta spraoi sa pháirc áitiúil.

Tabhair páipéar agus criáin amach do na páistí agus iarr orthu pictiúir a tharraingt díobh féin ag ócáid áitiúil. Nuair a bhíonn sé sin déanta acu, cuir ag caint ina mbeirteanna iad faoina líníochtaí, le cur síos ar a bhfuil á dhéanamh acu agus cé eile atá i láthair.

Taispeántas Ranga

Taispeáin an lámh chúnta mhór don rang, lena n-ainmneacha scríofa uirthi. Abair go dtabharfar cuireadh d'aon duine a thugann cúnamh sa rang dathú a dhéanamh ar chuid dá n-ainm nó den ainm go léir.

Spreag na páistí lena thabhairt faoi deara nuair atá duine éigin cabhrach, agus le hinsint duit faoi. Nuair atá a spás féin daite ag gach páiste, pléigh conas a mhothaigh sé cabhair a thabhairt, agus cabhair a fháil.

Léirigh mar a chabhraigh gach páiste le háit níos deise a dhéanamh as an seomra ranga.

CEAHT 4

A SÉ: 4

AIRE DO MO DHOMHAN

COINCHEAP LÁRNACH

Trí áilleacht an dúlra a phlé faigheann na páistí deis le meas a thabhairt don nádúr agus is mó an seans go dtabharfaidh siad aire don timpeallacht.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise agus an Saol Mór
- **Snáithaonad:** Saoránacht a fhorbairt
Aire don timpeallacht

Cuspóir Ábhair

Tuiscint a bheith againn ar an timpeallacht agus a thuiscint go bhfuil freagracht phobail agus phearsanta ar gach duine aonair as an timpeallacht a chosaint.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithe:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
- **Snáithaonad:** Labhairt

OSPS - Tíreolaíocht

- **Snáithe:** Timpeallachtaí Daonna
- **Snáithaonad:** Cónaí sa phobal áitiúil

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Sa cheacht seo, tugtar na páistí amach le héisteacht le fuaimeanna an dúlra, le bolú, agus le hamharc ar an dúlra. Gníomhaíocht ghearr atá i gceist leis seo ach is féidir síneadh a chur léi má tá a lán gnéithe éagsúla dúlra laistigh de thailte na scoile.

Roimh an cheacht, déan liosta de na gnéithe dúlra atá i dtailte na scoile agus de na nithe atá le feiceáil ón scoil.

Tá spás oscailte ag teastáil don Traein Ghlas sa ghníomhaíocht ghluaiseachta. Féadfaidh an Traein Ghlas dul chuig áiteanna samhailta nó tig leis na páistí amhrán a chanadh agus iad ag taisteal. Tugtar achoimre de na roghanna seo.

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Gníomhaíocht Allamuigh
- Plé agus Gníomhaíocht Ghluaiseachta

Gníomhaíocht Allamuigh

Abair leis na páistí go mbeidh siad ag dul amach ag amharc ar (ainmnigh cuid de na gnéithe a fheicfidh siad). Is féidir gnéithe cuí den ghníomhaíocht a phlé roimh thosú ar an ghníomhaíocht.

Nuair atá sibh lasmuigh iarr ar na páistí seasamh go socair agus:

- éisteacht leis na fuaimeanna agus iad a aithint
- amharc ar, labhairt faoi agus cur síos a dhéanamh ar na nithe a fheiceann siad
- teagmhaigh leis na gnéithe agus bolaigh iad, de réir mar is cuí.

Spreag na páistí le caint faoi na rudaí a chuala agus a chonaic siad:

- *Cad a thaitin libh faoin ár siúlóid?*
- *An bhfaca sibh aon rud neamhghnách?*
- *Cad iad na bolaithe a thug sibh faoi deara?*
- *Cad iad na rudaí atá go deas, nach bhfuil go deas le teagmháil leo?*
- *An gcuireann an spás seo aon áit eile i gcuimhne daoibh?*
- *Cad atá álainn faoin áit seo?*

Plé agus Gníomhaíocht Ghluaiseachta (faoi dhíon)

Iarr ar na páistí smaoineamh ar rudaí ar féidir linn a dhéanamh chun ár ndomhan álainn a chosaint. Scríobh síos a gcuid smaointe. Cuir béim ar bhruscar a phiocadh suas agus sconnaí a chur as le huisce a chaomhnú.

- *Cén chaoi a bheadh ar chlós na scoile mura gcuirfimis bruscar sna boscaí bruscair?*
- *Ar mhaith leis na héin é dá ndéanfadh siad iarracht páipéar milseáin a ithe?*
- *Conas a mhothóimis dá gcasfaimis an sconna agus nach dtiocfadh aon uisce*

amach - cad iad na rudaí go léir nach mbeimis in ann a dhéanamh?

- An féidir libh smaoineamh ar rudaí eile ar féidir linn a dhéanamh leis an domhan a choinneáil sábháilte agus álainn?

Abair leis na páistí go ndéanfaimid Traein Ghlas trí sheasamh laistiar dá chéile agus lámha a chur go héadrom timpeall ar choim an té atá romhainn (léirigh).

Iarr ar na páistí seasamh suas agus cuir iad ina seasamh laistiar dá chéile in ord le traein a dhéanamh. Nuair atá gach duine 'ar bord', tosaíonn an traein ag gluaiseacht.

Rogha 1

Abair leis na páistí go dtabharfaidh an Traein Ghlas iad chuig áiteanna samhalta agus go bhfeicfidh siad bruscar. Déanann siad fuaimeanna traenach agus an traein ag gluaiseacht. Nuair a bhuaileann tú do bhosa stopann an traein agus caithfidh na páistí a shamhlú go bhfeiceann siad na rudaí a gcuireann tú síos orthu ag an stad.

Stad 1: Tá an traein tagtha go dtí stáisiún ag an trá. Tá sé te agus grianmhar. Tá cailíní agus buachaillí ag súgradh sa ghaineamh agus roinnt eile ag ithe picnic lena dtuismitheoirí. Níor chuir roinnt daoine an bruscar sa bhosca bruscair. Cad é an bruscar a d'fhág daoine ar an trá?

Stad 2: Tá an traein tagtha go dtí stáisiún sa bhaile mór. Tá caifé taobh leis an stáisiún. Cheannaigh roinnt daoine bia agus deochanna le tabhairt amach as an chaifé. Ba chuma leo faoin timpeallacht. Cad a fheiceann sibh?

Stad 3: Tá an traein ag stáisiún in aice le páirc shúgartha do pháistí. Féachai gí timpeall - an bhfuil an pháirc á coinneáil glan agus slachtmhar ag na páistí? Cad a fheiceann sibh?

Rogha 2

Múin amhrán do na páistí: *Seo Linn ar an Traein Ghlas*. Canann na páistí an t-amhrán agus iad ag taisteal ar an traein.

Amhrán

Seo Linn ar an Traein Ghlas

(fonn: Down at the Station)

*Táimid ar an Traein Ghlas
Ag dul ó áit go háit
Déanaimid nithe maithe
Piocaimid bruscar den tsráid*

*Isteach sa bhosca bruscair leo
Na buidéil agus na páipéir*

*Ní chuirfimid amú an t-uisce
Cuirimid as na sconnaí go léir.*

Abair arís é.

Síneadh

Is féidir na smaointe seo a leanas a úsáid le tuiscint na bpáistí a fhorbairt faoin dúlra agus faoin ghá atá le haire a thabhairt don timpeallacht.

1. Siúlóidí Dúlra
2. Cruthaigh gáirdín leac fuinneoige nó ceapach ardaithe i ngáirdín na scoile, (tá rannóg le haghaidh scoileanna ag www.ggiyinternational.org ar a suíomh)
3. Déan colláisí de na séasúir le hábhar ón dúlra nó ó thaispeántais shéasúracha.
4. Obair le Brat Glas a bhaint amach www.greenschoolsireland.org

CEACHT 5

NA CLÁIR IS FEARR LINN

A SÉ: 5

COINCHEAP LÁRNACH

Bíonn páistí i dteagmháil leis na meáin agus iad fíor-óg agus tá sé tábhachtach go dtosódh siad ar bhuntáistí agus míbhuntáistí na meán a fheiceáil ar mhaithe le bheith géarchúiseach faoin úsáid seo.

CURACLAM OSPS

- **Snáithe:** Mise agus an Saol Mór
- **Snáithaonad:** Saoránacht a fhorbairt *Oideachas sna meáin*

Cuspóirí an Ábhair

A thabhairt faoi deara go bhfaightear faisnéis ó mhórán foinsí difriúla.

Na cláir theilifíse, na físeáin agus na cluichí físe is fearr linn a ainmniú agus cúiseanna a thabhairt dár rogha.

Tosaigh ar úsáid a bhaint as na cineálacha éagsúla teicneolaíocht faisnéise atá ar fáil agus iad a fhiosrú.

Tosaigh ag fiosrú agus ag caint faoin difríocht atá idir fógraíocht agus cláir.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

- **Snáithe:** Cumas agus muinín in úsáid teanga
- **Snáithaonaid:** Labhairt
Scríbhneoireacht

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiúil

- **Snáithe:** Líníocht
- **Snáithaonad:** Líníochtaí a dhéanamh

Mata

- **Snáithe:** Sonraí
- **Snáithaonad:** Sonraí a aithint agus a léirmhíniú

ACMHAINNÍ

- Pictiúr de chineálacha éagsúla meán - nuachtán
- DVD
- Raidió
- Teilifíseán
- Ríomhaire agus fón póca (idirlíon)

SRACFHÉACHAINT AR AN NÓS IMEACHTA

- Beirteanna, Grúpaí agus an Rang Iomlán
- Pictiúr agus Plé
- Líníocht

Beirteanna, Grúpaí agus an Rang Iomlán

Cuir ceist ar na páistí an mbíonn siad ag féachaint ar an teilifís agus cad iad na cláir a thaitníonn leo a fheiceáil. Roinn an rang ina mbeirteanna agus iarr orthu insint dá gcomhpháirtí faoin chlár teilifíse is fearr leo.

Ní mór dóibh ainm an chláir a rá agus cad a thaitníonn leo faoi. Spreag iad le héisteacht go han-chúramach leis an méid atá le rá ag a gcomhpháirtí mar go mbeidh orthu insint do bheirt eile cén clár a thaitníonn lena gcomhpháirtí. Tabhair am dóibh le labhairt ina mbeirteanna.

Iarr orthu ansin dul i bpáirt le beirt eile (le ceathrar a dhéanamh). Meabhraigh dóibh go gcaithfidh gach duine a insint don chuid eile cad é an clár a thaitníonn lena gcomhpháirtí.

Sa rang iomlán mar ghrúpa, fiafraigh de na páistí na cláir a thaitníonn leo a ainmniú. Is féidir cairt a dhéanamh a thaispeánann an líon páistí a dtaitníonn na cláir éagsúla leo. Pléigh na cláir is fearr leo - cad a thaitníonn leis na páistí éagsúla faoi na cláir seo.

Pléigh na cláir eile atá luaite - iarr ar na páistí labhairt faoi na rudaí a thaitníonn leo faoi na cláir atá luaite acu. D'fhéadfá tagairt a dhéanamh d'fhógraí a bheadh feicthe acu i rith na gclár seo.

Pictiúr agus Plé

Cuir pictiúir de chineálacha éagsúla meán ar taispeáint. Dírigh méar ar rudaí éagsúla agus fiafraigh de na páistí:

- *Cad a ghlaoitear air seo?*
- *Cén úsáid a bhaintear as?*
- *Cé a bhainfeadh úsáid as?*
- *An n-úsáideann tusa é?*
- *Cén úsáid a bhaineann tú as?*

Iarr ar na páistí na cineálacha éagsúla meán atá sa seomra ranga a ainmniú - m.sh. leabhair, ríomhairí, seinnteoir DVD b'fhéidir.

Líníocht

Iarr ar na páistí pictiúr a tharraingt den chlár is fearr leo agus dhá abairt a scríobh:

- *Is maith liom... (clár) mar...*

Nuair a bhíonn an obair seo críochnaithe acu, iarr orthu na habairtí a scríobh siad a roinnt le chéile más mian leo. Cuir obair na bpáistí ar taispeáint.

Cineálacha Meán



Nuachtán



Iris



DVD



Raidió



Teilifíseán



Ríomhaire



Fón Póca



Leabhair

AONAD A SEACHT
AG BREATHNÚ SIAR,
AG BREATHNÚ ROMHAINN

MISNEACH

CLÁR

AONAD A SEACHT

AG BREATHNÚ SIAR, AG BREATHNÚ ROMHAINN

SNÁITHE MISE

Snáithaonaid Féinaithne

Aire do mo chorp

Ag fás agus ag athrú

SNÁITHE MISE AGUS DAOINE EILE

Snáithaonaid Mo chairde agus
daoine eile

Caidreamh le daoine eile

SNÁITHE MISE AGUS AN SAOL MÓR

Snáithaonad Forbairt na Saoránachta

RÉAMHRÁ DON AONAD

Ceacht amháin atá san aonad seo, le dul siar ar an chlár agus spreagadh breise a thabhairt do na páistí iad féin a fheiceáil mar dhaoine ar leith, le cumais, láidreachtaí agus srianta éagsúla, a dtugtar grá agus aire dóibh agus a bhfuil ionchur tábhachtach le déanamh acu sa saol.

CEACHT

Réaltaí

CEAHT 1 RÉALTAÍ

A SEACHT: 1

COINCHEAP LÁRNACH

Feabhsaítear féinmheas nuair a dhéantar ceiliúradh ar fhoghlaim agus forbairt. Nuair a chuireann tú deiseanna rialta ar fáil le mothúcháin féinmheasa páistí a chothú, tugann tú le fios dóibh go bhfuil meas orthu mar dhaoine ar leith.

CURACLAM OSPS

■ **Snáithe:** Mise

Snáithaonad: Féinaithne
Féinfheasacht

Cuspóirí Ábhair

Na rudaí is fearr linn go pearsanta a aithint agus a thaifeadh.

Féinmhuinín a fhorbairt.

Do dhearcadh, do thuairimí agus do roghanna féin a chur in iúl.

Níos mó féintuilleamaí agus níos neamhspleáiche.

Cinntí a dhéanamh.

Roinnt de na cinntí laethúla a dhéanann siad féin agus daoine eile a aithint.

■ **Snáithe:** Mise agus Daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile.

Cuspóirí Ábhair

Plé a dhéanamh orthu siúd uile atá speisialta dóibh, lasmuigh agus laistigh den teaghlach, agus meas a léiriú orthu.

COMHTHÁTHÚ

Gaeilge

■ **Snáithí:** Oscailteacht do theanga

Cumas agus muinín in úsáid teanga

Cumas cognaíoch a fhorbairt le teanga

Forbairt mothúchán agus samhlaíochta trí theanga

■ **Snáithaonaid:** Labhairt

Scribhneoireacht

Corpoideachas

■ **Snáithe:** Damhsa

Snáithaonad: Taiscéalaíocht, cruthú agus taibhiú damhsa

Oideachas Ealaíona - Ealaín Fhísiúil

■ **Snáithe:** Líníocht

Snáithaonad: Líníochtaí a dhéanamh

NÓTA DON MHÚINTEOIR

Tugann sé seo le chéile an obair a rinneadh i rith an chláir. Ba mhaith an deis rannpháirtíochta í do thuismitheoirí na bpáistí. Ach mura mbíonn sé indéanta cuireadh a thabhairt dóibh go dtí an seomra ranga, d'fhéadfá féin, nó b'fhéidir an príomhoide, na teastais a bhronnadh le béim a chur ar luach an chláir.

Má dhéantar é seo i gcomhthionól scoile, beidh deis ag na páistí aitheantas poiblí a fháil ar son a gcuid iarrachtaí.

Beidh dhá sheisiún ar a laghad ag teastáil leis an cheacht seo a chríochnú.

Acmhainní

- Ceol bríomhar
- Réalta réamhullmhaithe mar thaispeántas ag an múinteoir, agus Teimpléad Réalta le haghaidh gach páiste.
- Cárta daite i ndathanna éagsúla.
- Teastas (ullmhaithe roimh ré le hainm gach páiste).

Sracfhéachaint ar an Nós Imeachta

Seisiún 1

- Cluiche
- Réaltaí

Seisiún 2

- Obair Chiorcail
- Teastais nó Bronnadh

NÓS IMEACHTA SONRACH LEACHT: 1

Seisiún 1

Cluiche

Is cluiche spráúil é seo le tús a chur leis an cheacht agus díríonn sé go dearfach ar gach páiste agus an grúpa á threorú acu le gníomh a léiriú.

Seinn ceol bríomhar agus spreag na páistí chun damhsa. Ar dtús iarr orthu aithris a dhéanamh ort agus tú ag preabadh, ag léim, ag bualadh bos, ag síneadh amach do ghéaga, srl.

Glaonn siad ainmneacha na bpáistí amach ceann ar cheann. Nuair a ghlaitear ainm amach déanann an páiste sin gníomh in aon uain leis an cheol.

Réaltaí

Suíonn na páistí i gciorcal. Taispeáin an Réalta ullmhaithe do na páistí, mar a bhfuil eolas fút féin mar atá leagtha amach sa Teimpléid Réalta atá tugtha.

Nuair atá cur síos déanta agat ar gach géag de do réalta féin iarr orthu labhairt faoi:

- rud amháin a chuireann sonas orthu
- áit speisialta amháin gur maith leo dul ann
- rud amháin a dhéanann siad go maith
- duine amháin a cheapann siad atá speisialta
- rogha sláintiúil a dhéanann siad (dul trasna an bhóthair go sábháilte, torthaí a ithe).

Taispeáin Teimpléad Réalta do na páistí agus mínigh go mbeidh siad á thabhairt abhaile le comhlánú le cibé duine atá sa bhaile.

Léigh na focail i ngéaga an réalta agus inis dóibh cad is ceart a líonadh isteach le focail nó pictiúir i ngach géag, agus pictiúr díobh féin a tharraingt nó a ghreamú sa lár. Iarr ar na páistí an réalta a ghearradh amach sa bhaile, ionas nach gcaitear am an ranga leis.

Tabhair faoi deara: Mura mbíonn go leor tacaíochta ag roinnt páistí sa bhaile leis an ghníomhaíocht a chríochnú féadfaidh siad í a dhéanamh leatsa nuair a bhíonn an t-am agat. Cuir obair na bpáistí ar taispeáint.

Seisiún 2

Obair Chiorcail


Nuair a bhíonn a gcuid Réaltaí gearrtha amach agus críochnaithe ag na páistí, lig dóibh iad a ghreamú ar chárta daite dá rogha féin.

Tabhair deis do na páistí a gcuid réaltaí a roinnt lena chéile. Déan plé ansin ar chuid de na rudaí a d'fhoghlaim siad sa chlár. Is féidir cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí agus caomhnóirí na bpáistí teacht isteach don chuid seo den cheacht.

Teastais

Bronn a gcóip féin den teastas don Chlár Misneach ar gach páiste. Más féidir ba mhaith an rud go mbeadh an príomhoide nó ball foirne eile i láthair don chuid seo den seisiún.

Teimpléad Réalta



Líon gach pointe iseach le focail nó pictiúir agus tarraing nó greamaigh pictiúr díot féin sa lár.

Cuireann sé seo áthas orm

Coinníonn sé seo sláintiúil agus sábháilte mé

Is áit speisialta í seo

Stiann an duine seo go bhfuil mé speisialta

Tá mé go maith aige seo



Nóta do thuismitheoirí/caomhnóirí: An bhféadfá an réalta a chríochnú agus a ghearradh amach sa bhaile le do thoil?



Comhghairdeas!

Bronntar an Teastas seo ar

.....

As Bliain na Naíonán Sinsearach a chríochnú

Síniú:..... Dáta:.....

AGUISÍN

OSPS NAÍONÁIN SHÓISEARACHA AGUS SHINSEARACHA CUSPÓIRÍ ÁBHAIR

*Nóta 1

Nóta don mhúinteoir:

Chomh maith leis na ceachtanna seo a dhéanamh, ní mór do gach bunscoil an Clár 'Bí Sábháilte' a chur i bhfeidhm ina iomláine. (ROS Ciorclán 0065/2011)

**Nóta 2

Cuimhnigh:

Tá rochtain ar sheit iomlán acmhainní don chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a léiríonn riachtanais forbartha paistí ag an aois seo ag <http://www.pdst.ie/node/811>



AGUISÍN

OSPS NAÍONÁIN SHÓISEARACHA
AGUS SHINSEARACHA CUSPÓIRÍ ÁBHAIR

Snáithe: **Mise**

	Déanta	Leibhéal an Ranga	Aonad/ Ceacht
Féinaithe (Féinfheasacht)			
Plé a dhéanamh ar na gnéithe go léir a dhéanann duine speisialta agus uathúil agus iad a thuiscint.	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 1/2/3
	✓	SI	Aonad 1 Ceacht 2/3/4/7
			Aonad 3 Ceacht 2
Tosú ar chumais, scileanna agus tallann phearsanta a thuiscint, a aithint agus meas a bheith againn orthu.	✓	SI	Aonad 1 Ceacht 7/8
			Aonad 3 Ceacht 2
Na rudaí is fearr linn go pearsanta a aithint agus a thaifeadadh	✓	SI	Aonad 1 Ceacht 6/9
			Aonad 2 Ceacht 2
			Aonad 7 Ceacht 1
A bheith eolach faoin domhan láithreach trí na céadfaí.	✓	JI	Aonad 2 Ceacht 1/2/3/4/5
	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 1/2/3/4/5/6
Féinaithe (Féinmhuinín a fhorbairt)			
Do dhearcadh, do thuairimí agus do roghanna féin a chur in iúl.	✓	SI	Aonad 1 Ceacht 6
			Aonad 6 Ceacht 1
Níos mó féintuilleamaí agus níos neamhspleáiche	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 5/6
			Aonad 6 Ceacht 1
	✓	SI	Aonad 4 Ceacht 3
			Aonad 7 Ceacht 1
Tosú ag foghlaim conas plé leis na hathruithe éagsúla de réir mar a tharlaíonn siad.	✓	SI	Aonad Ceacht 3

	Déanta	Leibhéal an Ranga	Aonad/ Ceacht		
Féinaithne (Féinmhuinín a fhorbairt)					
Roinnt de na cinntí laethúla a dhéanann siad féin agus daoine eile a aithint.	✓	SI	Aonad 7 Ceacht 1		
Tosú ar fheasacht faoi thosca a mbeadh tionchar acu ar roghanna a fhorbairt	✓	JI	Aonad 3 Ceacht 4		
Aire do mo chorp (eolas faoi mo chorp) **Nóta 2					
A thuiscint cén fáth gur gá aire a thabhairt don chorp lena choinneáil sláintiúil folláin.	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 4		
			Aonad 4 Ceacht 1/2/3		
Meas dár gcorp féin agus do choirp daoine eile	✓	JI	Aonad 4 Ceacht 1		
			✓	SI	Aonad 1 Ceacht 2
					Aonad 4 Ceacht 2/3
Ainmnigh baill den chorp fireann agus bainneann, ag úsáid téarmaí cuí anatamaíocha.	✓	SI	Aonad 4 Ceacht 2		
Fiosraigh agus pléigh na rudaí éagsúla a dhéanann an corp.	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 1/3		
Bunscileanna sláinteachais a aithint agus a chleachtadh.	✓	SI	Aonad 4 Ceacht 1		
A thuiscint go mbíonn ar gach duine aonair freagracht a ghlacadh as aire a thabhairt dóibh féin.	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 4		
			Aonad 4 Ceacht 1/2/3		
Sábháilteacht agus Cosaint (Sábháilteacht phearsanta) *Nóta 1					
Straitéisí oiriúnacha sábháilteachta a fhiosrú.	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 5		
			Aonad 4 Ceacht 3		
			Aonad 5 Ceacht 3		
	✓	SI	Aonad 4 Ceacht 3		
Ainmnigh láithreacha agus áiteanna atá sábháilte agus iad sin ina bhféadfadh sábháilteacht phearsanta a bheith i mbaol.	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 5/6		
Féachaint ar an gcaoi ar féidir le daoine eile tathaint orthu iompar neamhshábháilte a dhéanamh.	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 4		
			Aonad 4 Ceacht 2		

	Déanta	Leibhéal an Ranga	Aonad/ Ceacht
Ceisteanna sábháilteachta			
Daoine atá freagrach as sábháilteacht sa phobal a aithint agus straitéisí sábháilteachta a fhoghlaim agus a chleachtadh le dul trasna an bhóthair, an bus a úsáid nó a bheith i do choisí.	✓	JI	Aonad 4 Ceacht 4
A fheiceáil agus a thuiscint go bhfuil rialacha riachtanach le daoine a chosaint agus iad a choinneáil sábháilte.	✓	SI	Aonad 4 Ceacht 1
Fiosraigh conas is féidir timpistí a sheachaint sa bhaile, ar scoil, ar an fheirm, nó san uisce.	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 3/5
A thuiscint go bhfuil a lán substaintí a úsáidtear sa bhaile nó ar scoil contúirteach agus gur ceart cead a lorg sula bhfiosraítear cad atá iontu.	✓	JI	Aonad 2 Ceacht 1/5
			Aonad 4 Ceacht 1
	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 2
			Aonad 4 Ceacht 3
Cuid de na substaintí nó na rudaí a chuirtear isteach sa chorp agus na feidhmeanna a bhaineann leo a aithint.	✓	JI	Aonad 4 Ceacht 1
	✓	SI	Aonad 4 Ceacht 1/3
Fiosraigh ócáidí ina mbíonn gá le cógais, instealltaí nó piollaí agus na rialacha sábháilteacha a bhíonn i bhfeidhm nuair a ghlactar le cógais.	✓	JI	Aonad 4 Ceacht 2/3
	✓	SI	Aonad 4 Ceacht 1/3
Bia agus Cothú			
Tuiscint a fháil ar thábhacht an bhia ó thaobh fáis agus forbartha.	✓	JI	Aonad 2 Ceacht 1
	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 2
Fiosraigh roghanna bia agus a ról in aiste chothromaithe bia.	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 2
Pléigh agus fiosraigh cáilíochtaí agus cineálacha bia.	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 2
Tábhacht an dea-shláinteachais a thuiscint nuair atá bia á ullmhú.	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 2
Ag fás agus ag athrú (Agus mé ag fás tá mé ag athrú) **Nóta 2			
Cuid de na tosca a chothaíonn fás a aithint.	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 2
A thuiscint gur cuid de phróiseas na beatha é fás agus athrú agus go bhfuil siad uathúil do gach duine.	✓	SI	Aonad 1 Ceacht 3
A aithint go méadaíonn an cumas le bheith freagrach asat féin le haois	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 5

Snáithe: Mise

	Déanta	Leibhéal an Ranga	Aonad/ Ceacht
Beatha Nua			
Beatha nua agus breith a thabhairt faoi deara sa saol.	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 4
Feasacht faoin bhreith dhaonna a fhorbairt	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 4
A aithint cad a bhíonn de dhíth ar leanaí le fás agus forbairt	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 4
Braistint agus mothúcháin			
Mothúcháin éagsúla a ainmniú agus labhairt faoi shuímh inar féidir taithí a fháil orthu.	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 5
			Aonad 5 Ceacht 1/2/3/4/5/6
	✓	SI	Aonad 5 Ceacht 1/2
Fiosraigh na bealaí éagsúla inar féidir mothúcháin a chur in iúl agus plé leo.	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 6
			Aonad 5 Ceacht 1/2/3/4/5/6
	✓	SI	Aonad 5 Ceacht 2
Tosú ar a bheith íogair i leith mothúcháin daoine eile agus a thuiscint go mbíonn tionchar ag gníomhartha duine amháin ar mhothúcháin daoine eile.	✓	JI	Aonad 5 Ceacht 2
			✓

Snáithe: Mise agus Daoine eile

	Déanta	Leibhéal an Ranga	Aonad/ Ceacht
Mise agus mo Mhuintir			
Na daoine a dhéanann teaghlach a aithint agus a ainmniú agus a thuiscint nach mbíonn gach aonad teaghlaigh mar an gcéanna.	✓	JI	Aonad 3 Ceacht 1
A thuiscint go mbaineann sé/sí le teaghlach agus go bhfuil áit agus ionad ag gach duine i dteaghlach	✓	JI	Aonad 3 Ceacht 1
Fiosraigh na nithe a dhéanann teaghlach le chéile	✓	JI	Aonad 3 Ceacht 1
A thuiscint conas a thugann teaghlaigh aire, tacaíocht agus grá dá chéile.	✓	JI	Aonad 3 Ceacht 1
			✓
Fiosraigh na nithe is féidir a fhoghlaim sa bhaile agus tabhair aitheantas dóibh	✓	JI	Aonad 3 Ceacht 1

Snáithe: Mise agus Daoine eile

	Déanta	Leibhéal an Ranga	Aonad/ Ceacht
Mo chairde agus daoine eile			
A gcairde féin a aithint, a phlé agus meas a bheith acu orthu.	✓	SI	Aonad 3 Ceacht 1/2
Pléigh agus scrúdaigh gnéithe éagsúla den chairdeas.	✓	SI	Aonad 3 Ceacht 2
Cairde ar scoil a aithint agus meas a léiriú orthu agus ar an gcaoi ar féidir cabhair agus aire a thabhairt dá chéile	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 7
			Aonad 3 Ceacht 2
	✓	SI	Aonad 3 Ceacht 2/3
			Aonad 5 Ceacht 1
Plé a dhéanamh orthu siúd uile atá speisialta dóibh, lasmuigh agus laistigh den teaghlach, agus meas a léiriú orthu	✓	SI	Aonad 3 Ceacht 1
			Aonad 6 Ceacht 1
Difríochtaí i ndaoine a aithint agus a thuiscint agus fios a bheith againn conas plé le daoine eile le dínit agus meas	✓	JI	Aonad 2 Ceacht 2/4
			✓
Iompar bulaíochta a aithint agus a fhiosrú, cé a bhíonn páirteach agus na tionchair ar dhaoine éagsúla	✓	JI	Aonad 3 Ceacht 3
A aithint go mbíonn bulaíocht contráilte i gcónaí agus cad is ceart a dhéanamh nuair a dhéantar bulaíocht ort nó nuair a fheictear í á dhéanamh ar dhuine eile	✓	JI	Aonad 3 Ceacht 3
Éisteacht le tuairimí agus dearcadh daoine eile.	✓	JI	Aonad 3 Ceacht 2
			Aonad 5 Ceacht 6
	✓	SI	Aonad 1 Ceacht 6
			Aonad 3 Ceacht 1
Iompar le caint agus gan chaint a úsáid le feidhmeanna sóisialta a dhéanamh.	✓	JI	Aonad 5 Ceacht 6
			✓

Snáithe: Mise agus Daoine eile

	Déanta	Leibhéal an Ranga	Aonad/ Ceacht
Aire agus bá, cuirtéis agus dea-bhéasa a chleachtadh i gcaidreamh le daoine eile.	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 2/3/7
			Aonad 5 Ceacht 5/6
	✓	SI	Aonad 1 Ceacht 1/8/9
Achrann le daoine eile a réiteach	✓	JI	Aonad 5 Ceacht 6

Snáithe: Mise agus an Saol Mór

	Déanta	Leibhéal an Ranga	Aonad/ Ceacht
Forbairt na Saoránachta / Pobal mo Scoile			
Ainm a scoile féin a aithint agus na daoine a dhéanann a gcion ar son saol na scoile	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 5
A thuiscint go bhfuil gach duine tábhachtach agus go bhfuil rud éigin uathúil luachmhar le tabhairt acu don rang.	✓	SI	Aonad 1 Ceacht 8
			Aonad 3 Ceacht 2/3
A aithint chomh tábhachtach is atá comhroinnt agus comhoibriú agus a bheith cothrom i ngach gníomhaíocht sa rang agus sa scoil	✓	JI	Aonad 1 Ceacht 7
			SI
Chomh riachtanach is atá sé cloí le rialacha an ranga agus na scoile a thuiscint agus a aithint	✓	SI	Aonad 3 Ceacht 2
Foghlaim faoi ilghnéitheacht na bpáistí sa rang agus sa scoil agus meas a thabhairt orthu	✓	SI	Aonad 6 Ceacht 1
Maireachtáil sa phobal áitiúil			
Tabhair aitheantas agus meas do na daoine nó na grúpaí a bhíonn ag freastal ar an phobal áitiúil agus ar an méid a dhéanann siad leis an saol a fheabhsú do dhaoine eile	✓	SI	Aonad 3 Ceacht 1
			Aonad 6 Ceacht 2
Na rialacha sa ghrúpa nó sa phobal i gcoitinne a aithint agus dul i dtaithí orthu, na daoine a thugann aire do na rialacha seo, agus an tábhacht a bhaineann le rialacha le daoine a choinneáil slán	✓	SI	Aonad Ceacht 2
Mol bealaí le cabhrú le daoine eile sa bhaile, ar scoil agus sa phobal áitiúil.	✓	SI	Aonad 3 Ceacht 3
A thuiscint go bhfuil a chion tábhachtach féin le déanamh ag gach duine i saol an phobail	✓	SI	Aonad 6 Ceacht 3
Tosú ag tabhairt an t-aitheantas áitiúil faoi dear agus i bpáirt a ghlacadh in imeachtaí áitiúla agus taitneamh a bhaint as iad a cheiliúradh	✓	SI	Aonad 6 Ceacht 3

Snáithe: Mise agus an Saol Mór

	Déanta	Leibhéal an Ranga	Aonad/ Ceacht
Aire don timpeallacht			
Tuiscint a bheith againn ar an timpeallacht agus a thuiscint go bhfuil feagracht phobail agus phearsanta ar gach duine aonair as an timpeallacht a chosaint	✓	SI	Aonad 6 Ceacht 4
Oideachas sna meáin			
A thabhairt faoi deara go bhfaightear faisnéis ó mhórán foinsí difriúla	✓	SI	Aonad 2 Ceacht 6
			Aonad 6 Ceacht 5
Na cláir theilifíse, na físeáin agus na cluichí físe is fearr linn a ainmniú agus cúiseanna a thabhairt dár rogha	✓	SI	Aonad 6 Ceacht 5
Scéalta, leabhair agus rannta cáiliúla a fhiosrú agus cuid dá gcarachtair agus na tréithe maithe atá acu a phlé	✓	SI	Aonad 1 Ceacht 6
Tosaigh ar úsáid a bhaint as na cineálacha éagsúla teicneolaíocht faisnéise atá ar fáil agus iad a fhiosrú	✓	SI	Aonad 6 Ceacht 5
Tosaigh ag fiosrú agus ag caint faoin difríocht atá idir fógraíocht agus cláir	✓	SI	Aonad 6 Ceacht 5

MISNEACH



C L Á R

Is féidir an leabhar seo a íoslódáil mar pdf agus a chló de réir mar is gá chun críocha neamhtráchtála ó pdst.ie/walktall

Tá cóipeanna crua ar fáil ar bhunphraghas móide P&P ó laisedcentre.ie/pdstpublications